ISSN 2009-3055

€1.65 (£1.50)
Uimh. 22

Gaelscéal

Ag Cothú Phobal na Gaeilge

30.05.2012

Saor le Gaelscéal na seachtaine seo

Forlíonadh Speisialta ag ceiliúradh 40 bliain de Raidió na Gaeltachta

Tuairisc Speisialta

Níl fuath in ifreann ar nós an fhir a eitítear – Mná faoi bhagairt ó iarpháirtithe
L. 6 agus 7

www.gaelsceal.ie

Cúlú!

Cúlú na gColáiste Samhraidh Gaeilge - Táthar ag meas gurb í mí Lúnasa an mhí is measa

Máirtín Ó Catháin

IS cosúil go mbeidh laghdú eile ar an líon daltaí i gColáistí Samhraidh Gaeltachta i mbliana agus tá ath-eagar á chur ar chúrsaí mhí Lúnasa in áiteacha.

Bhí an líon daltaí laghdaithe go dtí 24,000 ar fud na Gaeltachta anuraidh - sin i gcomórtas le breis agus 28,000 sna blianta 2005 agus 2006.

Is ar éigin go sroichfear 24,000 i mbliana de réir foinsí in earnáil na gColáistí Samhraidh.

Is iad cúrsaí mhí Lúnasa is lú a bhfuil éilimh orthu cé go bhfuil roinnt iarratas ag teacht isteach i gcónaí.

Tuigtear go bhfuil roinnt Coláistí ag cuimhneamh cheana féin go mbeidh orthu leagan amach nua a chur ar a gcuid cúrsaí féin an chéad bhliain eile - go háiríthe cúrsaí Lúnasa.

Tá an leagan amach déanta ar na tréimhsí i mbliana cheana féin agus is deacair a dhul siar orthu. Tá Coláiste Sheosaimh i gCarna agus i gCill Chiaráin ar cheann de na háiteacha a bhfuil láimhsiú eile déanta acu ar chúrsa Lúnasa.

Reachtáilfear cúrsa Lúnasa i gCill Chiaráin i mbliana agus sna tithe ón Aird Mhóir soir a bheidh na daltaí. Socraíodh gur i gCarna a bheidh cúrsa Lúnasa an chéad bhliain eile agus gur i dtíthe ansin a choinneofar na daltaí.

Dúirt Gearóid Ó Brosnacháin atá ina Stiúrthóir ar scáth eagraíocht na gColáistí Gaeilge, CONCOS, gurb é an lag trá eacnamaíocht an chúis atá leis an gcúlú agus go bhfuil sé ag tarlú go forleathan.

Tá an cúlú seo ag tarlú fiú agus go bhfuil 50% de mharcanna na Gaeilge i scrúdú na hArdteistiméireachta bunaithe anois ar labhairt agus ar thuiscint na Gaeilge.

Tuigtear go bhfuil roinnt Coláistí ag cuimhneamh cheana féin go mbeidh orthu leagan amach nua a chur ar a gcuid cúrsaí féin an chéad bhliain eile – go háiríthe cúrsaí Lúnasa.

Fiú agus tacaíocht an Stáit d'earnáil na gColáistí Gaeilge curtha san áireamh, cosnaíonn sé tuairim agus €850 ar thuismitheoirí dalta a chur chuig Coláiste Samhraidh Gaeltachta ar feadh 3 seachtainí.

Ní raibh aon bheann ag go leor tuismitheoirí ar an tsuim sin airgid nuair a bhí an saol go maith ach is é a mhalairt anois é. Beidh na chéad chúrsaí i mbliana ag tosú i gcuid de na Coláistí Samhraidh an tseachtain seo chugainn.

An tAire Oideachais, Ruairí Quinn. GRIANGHRAF: LAURA HUTTON/PHOTOCALL IRELAND.

'Leithscéal ar bith' múineadh na Gaeilge a laghdú

Colm Ó Broin

LÉIRÍONN tuairisc nua ón gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) nach bhfuil leithscéal ar bith ann an méid ama a chaitear ar mhúineadh na Gaeilge i mbunscoileanna a laghdú de réir Chonradh na Gaeilge.

D'fhoilsigh an NCCA tuairisc inné a dúirt go soiléir go n-aistríonn scileanna litearthachta a fhoghlaimítear i dteanga amháin go dtí teangacha eile.

Dúirt an tAire Oideachais, Ruairí Quinn, i mí Aibreáin seo caite gur cheart breathnú ar an méid ama a chaitear ar mhúineadh na Gaeilge agus an reiligiúin i mbunscoileanna i gcomhthéacs iarrachtaí uimhearthachta agus litearthachta an Bhéarla a fheabhsú.

Ag tagairt don 30% den lá scoile a chaitear ar Ghaeilge agus reiligiúin, dúirt an tAire Quinn: *"If we are worried about literacy and numeracy and this figure is close to being correct . . . then we have to ask ourselves questions."*

A lean ar leathanach 4

Leagan úr snasta den iris NÓS le seoladh amárach

Méabh Ní Thuathaláin

CUIRFEAR go mór le hábhar léitheoireachta phobal na Gaeilge an tseachtain seo le hathsheoladh NÓS.

Tá an iris mhíosúil NÓS ar ais ar an fhód i bhfoirm chlóite, i ndiaidh gur cuireadh maoiniú ar fáil di ó Fhoras na Gaeilge don bliain amach romhainn.

Le ceithre bliana anuas, bhí NÓS ag feidhmiú go deonach agus ag brath ar dhaoine i saol na Gaeilge anseo in Éirinn agus thar lear leis an iris a chur amach. Tá spiorad ar leith ag an iris mar gheall ar an mbunús deonach sin, dar le Tomaí Ó Conghaile, bunaitheoir agus eagarthóir na hirise, agus tá sé go mór ag iarraidh go leanfaidh an iris leis an dearcadh sin chun 'an gnáthphobail a láidriú agus an teanga a neartú.'

Tá réimse leathan d'abhair ar fáil inti a thugann léargas ar an saol comhaimseartha, idir cheol agus scannáin, taisteal agus teicneolaíochta agus tuilleadh. "Tá rannóga úra i NÓS anois agus dearadh úr snasta ar an iris a chuireann go mór léi," a deir Tomaí Ó Conghaile.

Tuilleadh faoin scéal ar lth. 9

NUACHT NÁISIÚNTA

Éamon Ó Cuív TD, leis féin sa Dáil ach is léir go bhfuil tacaíocht aige fós i gConamara [PIC : LAURA HUTTON/PHOTOCALL IRELAND]

Glac Éamó ar ais!

Iarratas ó Chonamara go gcuirfí Ó Cuív ar ais an mBinse Tosaigh

Máirtín Ó Catháin

CUIREADH teachtaireacht as iarthar Chonamara go ceann-cheathrú Fhianna Fáil an tseachtain seo - cuir Éamon Ó Cuív ar ais ar bhinse tosaigh an pháirtí.

Glacadh le rún tacaíochta don Teachta Ó Cuív d'aonghuth ag cruinniú cinn bhliana Chomhairle Ceantair Chonamara Thiar d'Fhianna Fáil.

Iarraidh ar Mary Corbett-Joyce, ball d'Ard-Chomhairle an pháirtí, an teachtaireacht seo a chur faoi bhráid an chruinnithe a bheidh acu faoi cheann coicíse.

Is ar éigin go dtógfar cinneadh sciobtha faoin ábhar seo ach dúisíonn sé an cheist faoi stádas Uí Cuív i bhFianna Fáil. Thárla sé gur tionóladh cruinniú cinn bhliana Chonamara Thiar tar éis do chruinniú cinn bhliana Dháilcheantar Ghaillimh Thiar a bheith thart.

D'fhág sin nach raibh deis ann leis an moladh a chur chun cinn taobh istigh den toghcheantar féin.

Tuigtear gur thug an Teachta Ó Cuív cuntas ar ar thárla sular iarradh air éirí as Binse Tosaigh an pháirtí ag cruinniú Chonamara Thiar; thárla sin tar éis easaontais idir é féin agus an ceannaire, Micheál Martin faoin gConradh Fioscach.

Tuigtear go bhfuair Ó Cuív tacaíocht freisin ag cruinnithe eile Comhairlí Ceantair i gConamara Láir agus i gConamara Thuaidh le gairid.

Labhair roinnt mhaith ionadaithe ag taobhú leis ag cruinniú Chomhairle Dháilcheantar Ghaillimh Thiar freisin.

Ní raibh aon chosúlacht ar na cruinnithe seo uilig ar fud Ghaillimh Thiar go raibh fonn ar an bpáirtí aon athruithe móra dhéanamh beag beann ar an liúradh a fuair Fianna Fáil in Olltoghchán na bliana anuraidh.

Is beag ball nua ar chor ar bith atá curtha ar choistí na gComhairlí Ceantair agus níl aon athrú ar na hoifigigh atá ar Chomhairle Dháilcheantar Ghaillimh Thiar.

Nuair a tarraingaíodh anuas é seo ag an Teachta Éamon Ó Cuív dúirt sé gur dóigh go bhfuil baint ag an riail "4 bliana" leis seo.

Tá deis ag oifigigh fanacht ina bpost ar feadh an achair sin agus tá roinnt mhaith acu i lár téarma anois.

Gaelscéal

An bhfuil cluas agat do scéal?

IRISEOIR
Iriseoir ilmheánach lánaimseartha de dhíth
Tá Gaelscéal ag cuardach iriseoir ilmheánach.
Beidh an té a cheapfar freagrach as ábhar a sholáthar do gach cineál meáin a úsáideann Gaelscéal, is é sin ábhar i gcló sa pháipéar, ábhar foilsithe go digiteach, físeáin agus podchraoltaí. Ag obair faoi stiúir an eagarthóra, déanfaidh an t-iriseoir ilmheánach scéalta ábhartha a aimsiú, a fhiosrú agus a fhoilsiú.

Riachtanach
- Gaeilge chruinn idir scríofa agus labhartha
- Taithí iriseoireachta agus ábaltacht chun scéalta a fhiosrú
- Eolas agus paisean agat ar shaol na Gaeilge agus ar shaol na Gaeltachta

Inmholta
- Taithí ar iriseoireacht sna meáin chlóite Ghaeilge
- Taithí ar a bheith ag obair i seomra nuachta
- Taithí ar Quark Express
- Taithí ar úsáid an idirlín agus na meán sóisialta
- Séala an Chórais Chreidiúnaithe d'Aistritheoirí de chuid Fhoras na Gaeilge

Cé gur ag scríobh agus ag fiosrú scéalta a bheas an té a cheapfar, beidh ar an té sin tabhairt faoi dhualgais eile ó am go ham nuair is gá.

Cuir litir agus CV chuig eolas@gaelsceal.ie roimh 14 Meitheamh 2012.

An chéad ghlúin eile

Páistí ó theaghlaigh Gaelacha ag baint sult as Phicnic Naisiúnta Chomhluadar Dé Domhnaigh.

Gaelscéal

European Newspaper AWARD

Le cabhair ó: Foras na Gaeilge

Baineann Gaelscéal úsáid as Gaelspell agus Ceart, bogearraí a chabhraíonn le litriú agus gramadach na Gaeilge, www.cruinneog.com

Oifig an Spidéil: 00353-91-897766

Ciarán Dunbar
Eagarthóir
ciaran.dunbar@gaelsceal.ie

Colm Ó Broin
Iriseoir
colm.obroin@gaelsceal.ie

Katie McGreal
Iriseoir
katie.mcgreal@gaelsceal.ie

Caroline Ní Chualáin
Oideachais
scoil@gaelsceal.ie

Gráinne McElwain
Spóirt
grainne.mcelwain@gaelsceal.ie

Patricia Ní Chonghaile
Comhordaitheoir Táirgíochta
patricia.nichonghaile@gaelsceal.ie

An tSamhail Nua Mhaoinithe – "Marbh"

Maíonn polaiteoir go bhfuil an tsamhail atá molta ag Foras na Gaeilge, bunaithe ar scéimeanna seachas ar bhunmhaoiniú, – marbh

Anton Mac Cába

TÁ An tSamhail Nua Mhaoinithe marbh, dar leis an gcomhalta den Tionól Reachtach, Dominic Ó Brolcháin (SDLP). An tseachtain seo caite, rith an Tionól rún a mhol d'aonghuth:

"*That this Assembly notes with concern the effects that the new funding model proposed by Foras na Gaeilge will have on Irish language organisations; expresses concern about the nature of the consultation process; and calls on the Minister of Culture, Arts and Leisure to review these proposals in view of her Department's emerging Irish language strategy.*"

Labhair Ó Brolcháin le Gaelscéal i ndiaidh na díospóireachta. "Ba choir go mbeadh an tSamhail Nua Mhaoinithe marbh," ar seisean. "Tá gá le moltaí níos feiliúnaí a theacht ón bhForas."

D'aithin sé go raibh gnéithe den rún as dáta. B'shin mar go raibh an rún ar an liosta feithimh ó Mheán Fómhair seo caite. Níorbh fhéidir é a athrú. "Ní féidir linn a rá go cinnte go mbeidh sé ar ár gcumas rún a fháil ar chlár na Tionóla ag dáta áirithe," ar seisean.

Sa díospóireacht, bhí difear béime idir Shinn Féin agus an SDLP.

Cinnte, is Sinn Féineach í an tAire, Cearál Ní Chuilín: ní bheidh aon leisce ar an SDLP í a cur faoi bhrú. Labhair triúr ón SDLP: Ó Brolcháin, Karen McKevitt agus Patsy McGlone. Bhí an triúr glan in éadán na samhla.

Labhair triúr ó Shinn Féin: an tAire, Cathal Ó hOisín, agus Pat Sheehan. Labhair an triúr ón SDLP ar feadh tréimhse níos faide.

Patsaí Mac Giolla Eoin, SDLP, ag caint i dTionól Stormont

Dúirt urlabhraí thar cheann an Fhorais gur chuir siad fáilte roimh dhíospóireacht. Beidh tuarascáil an phróisis chomhairliúcháin ag an bhForas an mhí seo chugainn. "As sin, beidh Bord Fhorais na Gaeilge ag cuartú an chéid céim eile," arsa an t-urlabhraí.

Dúirt Ó Brolcháin leis an Tionól nach raibh Foras na Gaeilge ag cur cúinsí an Tuaiscirt san áireamh: "Dealraíonn sé go bhfuil Tuaisceart Éireann imeallach ag breithniú Fhoras na Gaeilge. Neartaítear an braistint sin ag an bhfíric go ndearna achan leagan den tSamhain Nua Mhaoinithe, an ceann reatha san áireamh, neamhaird ar an tosaíocht tras-phobalach a aithnítear go soiléir sa Chlár Rialtais."

Tá an ceangal idir an tSamhail agus an Stráitéis 20 Bliain don Ghaeilge: "Le fírinne, fógraíodh an t-athstruchtúrú cúpla lá i ndiaidh gur fógraíodh an polasaí sin. Tá an straitéis sin le cur i bhfeidhm sa Deisceart, níl sé le cur i bhfeidhm sa Tuaisceart."

Cháin idir Ó hOisín agus an tAire an rún as a bheith 'roimh an am'. Dúirt Sheehan go raibh sé tábhachtach amharc ar spriocanna na Samhla: "Tá sé le feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí do phobal na Gaeilge, agus do phobal níos leithne an Bhéarla, agus, ar ndóigh, le luach ar airgead a dhearbhú, bíodh agus go bhfuil cúrsaí geilleagair mar atá."

Aisteach go maith, fuair an rún tacaíocht ó Michelle McIlveen, cathaoirleach Choiste na Roinne Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta. Luaitear McIlveen le heite dheis an DUP: thug sí le fios go raibh an Coiste buartha, agus gur thacaigh siad le haighneachtaí na n-eagras Gaeilge ó Thuaidh.

Thug Michael McGimpsey ón bPáirtí Aontachtach Ultach (UUP) tacaíocht láidir don rún. Is eol suim sa Ghaeilge a bheith sa chlann.

B'ábhar iontais gur labhairt Trevor Lunn ó Pháirtí an Chomhaontais. Ní heol suim ar bith a bheith riamh aige siúd i gcúrsaí Gaeilge. Thug sé tacaíocht do mholtaí an Fhorais, as a bheith 'thar am'. Ba léir gurb eol dó cad iad na moltaí.

Ní achan comhalta den DUP a bhí sásta. Rinne Gregory Campbell gearán go raibh Ó Brolcháin ag labhairt Gaeilge. Mhínigh Ó Brolcháin gur thug sé aistriúchán ag gach céim, beart a chuir Campbell ina thost.

Bhíodh sé amuigh ar Jim Wells gur bhain sé le heite dheis an DUP. Chosain Wells Ó Brolcháin ón Aire. Dúirt an tAire leis an Bhrolchánach: "*Well, I have heard enough from you.*" Chuir sin Wells ar a chosa. Dar leis go raibh ar dhúirt an tAire "náireach ... do dhuine a bhí ag déanamh pointe iontach bailí."

Dúirt urlabhraí thar cheann an Fhorais gur chuir siad fáilte roimh dhíospóireacht. Beidh tuarascáil an phróisis chomhairliúcháin ag an bhForas an mhí seo chugainn. "As sin, beidh Bord Fhorais na Gaeilge ag cuartú an chéid céim eile," arsa an t-urlabhraí.

£1m bronnta ag an gCiste Infheistíochta Gaeilge

Colm Ó Broin

TÁ os cionn £1 milliún bronnta ag an gCiste Infheistíochta Gaeilge ó bunaíodh é in 2010.

Chuir Rialtas na Breataine £8 milliún ar fáil don chiste an bhliain sin.

Fuair an Gaeláras nua san Iúr agus Lárionad Teaghlaigh Chromghlinne na deontais ba mhó, £325,000 araon.

Bhí ar an gcuid is mó de na tograí a fuair airgead ón gciste cómhaoiniú a fháil ó fhoinsí eile. Mar shampla, fuair Gaeláras an Iúir agus Lárionad Chromghlinne £325,000 eile ó Chomhairle an Iúir agus ón Aontas Eorpach faoi seach.

Fuair Coiste Forbartha Charn Tóchair £200,000 ón gciste agus £250,000 ón Aontas Eorpach don togra Cóir na hEalaíne agus bronnadh £100,000 chun cultúrlann eile a bhunú in Áth na Long i deisceart an Dúin.

D'éirigh leis an meitheal £235,000 a fháil don togra ón Eoraip chomh maith. Fuair Cultúrlann McAdam Ó Fiach £75,000 ón gciste le haghaidh obair thógála. Dar le Cathaoirleach an Chiste, Caoimhín Mac Giolla Mhín, is é an rud is suntasaí faoin dul chun cinn atá déanta ag an gciste ná go bhfuil cómhaoiniú aimsithe ag na tograí Gaeilge ó fhoinsí eile, maoiniú nach mbeadh faighte don teanga gan an ciste.

Referendum2012.ie

31ú Bealtaine
Vótáil Tá nó Níl

Amárach, is féidir leat vótáil i Reifreann ar an gConradh maidir le Cobhsaíocht Fhioscach. Is éard atá i gceist leis an gConradh seo go láidreofar na rialacha a thugann ar an Rialtas an buiséad a bheith comhardaithe acu. Leis an Reifreann, déanfar cinneadh maidir le cibé acu an dtabharfar an Conradh isteach– nó nach dtabharfar.

Cinneadh tábhachtach dár dtír a bheidh ann. Agus ar an lá, d'fheadfaí an difear a dhéanamh maidir le cibé cinneadh a dhéanfar, Tá nó Níl, le díreach aon vóta amháin. Do vóta-sa.

Mar sin, léigh leabhrán treorach neamhspleách an Choimisiúin Reifrinn atá á sheachadadh chugat sa bhaile, nó téigh chuig referendum2012.ie.

Ansin tar amach le vótáil – agus abair amach do thuairim.

An Coimisiún Reifrinn

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 30 Bealtaine, 2012

Ceist Chiotach na Tithíochta i dTuaisceart Bhéal Feirste

Anton Mac Cába

TÁ an SDLP ag bagairt nach dtabharfaidh an páirtí tacaíocht do phlean chun tithe a thógáil ar shuíomh 27 acra sheanbheairic Girdwood i dtuaisceart Bhéail Feirste.

Dúirt Dolores Kelly gur '*carve-up*' idir Sinn Féin agus an DUP a bhí ann, a rinne 'feall' ar náisiúnaithe gan dídean.

Faoin bplean, tá tithe le tógáil ar thaobh amháin den suíomh, lámh le Ceantar na Seanpháirce Íochtaraí (ceantar dílseach), agus ar an taobh eile, lámh le Bóthar Aontrama (Caitliceach). Beidh idir pháirc imeartha, sólann (Lárionad Spóirt) agus lárionad pobail eatarthu.

Bhí an DUP in éadan tithíochta ar an suíomh le blianta. B'shin go dtí gur méadaíodh an toghcheantar, a thug isteach ceantair Phrotastúnacha níos faide ó thuaidh. Rinne sin toghcheantar sábhailte DUP dhe.

Ar an clár 'Spotlight' ar an BBC, léiríodh go raibh an Feidhmeannas Tithíochta ag scaipeadh bileoga i gceantair Phrotastúnacha le tionóntaithe a mhealladh.

Dúirt oibrí pobail i gceantar Caitliceach, nach bhfuil ina bhall de Shinn Féin, gur comhréiteach sásúil a bhí ann. "Bhí an Feidhmeannas Tithíochta ag tabhairt amach tithe ar bhonn seicteach le blianta," ar seisean. "Cuid de seo na daoine atá in éadán Shinn Féin. Leis, cén dóigh le feabhas a chur ar an gcaidreamh idir an dá phobal sa cheantar? Is rud leochaileach sin."

Lughaidh Van As (2bl. d'aois) ag baint taitnimh as Picnic Náisiúnta Comhluadar, a bhí urraithe ag Keogh's, agus as an dea-aimsir i mBaile Átha Cliath Dé Domhnaigh na seachtaine seo

406 páiste ag trasnú na teorann gach maidin

Anton Mac Cába

TÁ anois 406 páiste a bhfuil seoltaí acu sa Phoblacht ag freastal ar scoileanna sa Tuaisceart.

Is i nDoire agus ar an tSrath Bán atá cuid mhór acu.

Tá sin mar go bhfuil bruachbhailte an dá bhaile anois i nDún na nGall: leis, bhí riamh dlúthbhaint acu leis an chontae sin.

Tá daltaí ar Ghaelscoileanna ar an dá bhaile ina measc.

Tá páistí in áiteanna nach mbeifeá ag dúil leo. Tá páistí ar ceithre scoil in Inis Ceithleann, agus dhá cheann i gCathair Ard Mhacha, cé nach bhfuil an dá bhaile sin buailte leis an teorann.

Thug an tAire John O'Dowd an t-eolas i ndá fhreagra scríofa ar cheisteanna sa Tionól.

SCOIL CHUIMSITHEACH CHIARÁIN
AN CHEATHRÚ RUA, CO. NA GAILLIMHE

MÚINTEOIR AG TEASTÁIL

Fáilteofar roimh iarratais do phost ionadaíochta don scoilbhliain 2012/2013

Béarla (14 uair)
(saoire mháithreachais) le héifeacht ón 12ú Meán Fómhair, 2012.

Cáilíochtaí: De réir mheamram na Roinne Oideachais & Scileanna
Tuarastal: De réir mheamram agus scálaí na Roinne Oideachais agus Scileanna

Glacfar le hiarratais ar na foirmeacha oifigiúla atá le fáil uaimse:
Seosamh Mac Donncha,
Rúnaí an Bhoird Bhainistíochta,
Oifigí an Choiste Gairmoideachais,
Coiléar Bán, Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe.
Fón: 091-874535 Ríomhphost: mnimhainnin@cogalvec.ie

Is é an dáta deireanach d'iarratais a bheith faighte (sa phost nó trí sheachadadh láimhe amháin) ná roimh 4.00i.n. ar an 6ú Meitheamh, 2012.

Tionólfar agallaimh don phost thuasluaite ar an 14ú Meitheamh, 2012.

Tabhair faoi deara nach nglacfar le hiarratais ar bith i ndiaidh an spriocdháta, go bhféadfadh gearrliostú a bheith i gceist agus go ndícháileofar éinne a dhéanann canbhasáil.

Scoil Ghaeltachta í Scoil Chuimsitheach Chiaráin ina ndéantar an teagasc iomlán tré Ghaeilge.

Is fostóir comhionannais Scoil Chuimsitheach Chiaráin.

'Leithscéal ar bith' múineadh na Gaeilge a laghdú

Ar lean ó leathanach a haon

Deir Príomhfheidhmeannach Chonradh na Gaeilge, Julian de Spáinn, nach bhfuil bonn ar bith leis an tuairim gur cheart teagasc na Gaeilge a ísliú chun litearthacht an Bhéarla a fheabhsú.

"Níl leithscéal ar bith ann an méid ama a chaitear ar an nGaeilge a laghdú," ar seisean. "Tá tuairisc an CNCM ag aithint rud atá á rá againne le fada, má fhoghlaimíonn tú scileanna litearthachta i dteanga amháin tá tú ag foghlaim na scileanna céanna do theanga a bith."

Deir an tuairisc a d'fhoilsigh an CNCM inné, *Towards an Integrated Language Curriculum in Early Childhood and Primary Education* (3-12 years): *"There is extensive research evidence to support the view that literacy-related skills and knowledge can be transferred across languages."*

Léiríonn fáisnéis sa tuairisc leis an *"consistent finding that literacy-related aspects of children's languages (e.g. reading comprehension, vocabulary knowledge) show strong cross-lingual relationships."*

"From an instructional perspective, this implies that the learning process can be rendered more efficient if teachers devote some instructional time to teaching for transfer across languages rather than viewing each language in isolation."

De réir na tuairisce, ní aithníonn an curaclam bunscoile reatha go n-aistríonn scileanna litearthachta ó theanga amháin go teanga eile agus molann sé go bhforbrófaí "curaclam teanga imeasctha".

Deir an tuairisc gur féidir litearthacht an Bhéarla a láidriú i scoileanna Béarla trí staidéar a dhéanamh ar na difríochtaí agus cosúlachtaí atá idir an teanga sin agus an Ghaeilge.

Tacaíonn an tuairisc le tumoideachas Gaeilge freisin.

"Irish instruction that develops Irish oral and literacy skills is not just developing Irish skills, it is also developing a deeper conceptual and linguistic proficiency that is strongly related to the development of literacy in the majority language (English)."

Acht Gaeilge ar 'Chlár Reactaíochta 2011-15'

An tAire Cultúir, Caral Ní Chuilín

Anton Mac Cába

TÁ sé de rún ag Aire Cultúir an Tuaiscirt, Cearál Ní Chuilín, Acht Gaeilge a thabhairt isteach "sa chlár reachtaíochta 2011-15." Dúirt sí sin i bhfreagra scríofa sa Tionól ar cheist ó Michael McGimpsey, UUP. "Dar liom go bhfuil Acht Gaeilge riachtanach leis an Ghaeilge a chosaint agus a chur chun cinn sa Tuaisceart," arsa an tAire.

Níl rún aici Acht Ultaise a thabhairt isteach, a dúirt sí i bhfreagra eile do McGimpsey. Dar léi go bhfuil straitéis ag an bhFeidhmeannas do theanga, dúchas agus cultúr na hUltaise.

CLUAS SA CHEANNÁRAS

Lenár gcomhfhreagraí polaitiúil i dTeach Laighean, **Colm Ó Broin**

Tacaíocht ag sileadh ón Lucht Oibre

BHÍ raidhse pobalbhreitheanna thar an deireadh seachtaine a thug le fios go bhfuil Sinn Féin tar éis meall mór a bhaint as tacaíochta an Lucht Oibre.

De réir suirbhé de chuid an MRBI don Irish Times, tá Sinn Féin ar 24% agus tá an Lucht Oibre ar 10%. Níl an bhearna eatarthu chomh mór de réir suirbhé Red C don Sunday Business Post, áfach - dar leo siúd tá Sinn Féin ar 19% agus tá an Lucht Oibre ar 15%.

Níl athrú tagtha ar thacaíocht Fhine Gael nó Fhianna Fáil ón olltoghchán anuraidh de réir suirbhé a rinneadh don Sunday Independent. Fuair Fine Gael 36% den vóta ag an am, fuair Fianna Fáil 17% agus is amhlaidh atá sé anois de réir thaighde Millward Brown Lansdowne. Tá tacaíocht Fhine Gael níos ísle sna suirbhéanna a rinneadh don Irish Times agus don SBP áfach.

D'éirigh leis an Lucht Oibre 19% den vóta a mhealladh san olltoghchán agus fuair Sinn Féin 9.9%. Tá, nach mór, malartú déanta ar na figiúirí sin de réir phobalbhreitheanna an Irish Times agus an SBP. Ceard a chiallaíonn sé seo don todhchaí?

Tá tacaíocht caillte ag an Lucht Oibre le bliain anuas. GRIANGHRAF: LAURA HUTTON/PHOTOCALL IRELAND.

Is cosúil faoin dtráth seo nach bhfuil an Lucht Oibre chun léimt ón rialtas go luath, ach má bhíonn na figiúirí thart an ar méid chéanna agus muid ag teannadh leis an gcéad olltoghchán eile gach seans go naimseoidh an páirtí cúis éigin chun glanadh leo.

Ar ndóigh, dhéanfaí sléacht ar pháirtí parlaiminte an Lucht Oibre dá bhfaighidís 10% den vóta ag an gcéad olltoghchán eile, agus beidh sé seo ag déanamh imní do shaoistí agus do chúlbhinseoirí an pháirtí i rith an ama.

Cé go bhfuiltear ann a deir nach n-athraíonn faic sa pholaitíocht, tá sé spéisiúil go bhfuil laghdú suntasach tagtha ar thacaíocht pháirtithe an chogaidh chathartha i gcoitinne ó thit an ghéarchéim eacnamaíochta amach.

Fuair Fianna Fáil agus Fine Gael 70% den vóta in olltoghchán 2007, ach thit sé sin go dtí 53% san olltoghchán deireanach.

Má éiríonn le leithéidí Stephen Donnelly agus Shane Ross páirtí nua den eite dheis a bhunú amach anseo, d'fhéadfaí sciar de na vótaí seo a mhealladh.

Beidh rogha le déanamh ag an Lucht Oibre tar éis an chéad olltoghcháin eile fanacht le Fine Gael sa rialtas (sa chás go mbeidh móramh idir an dá pháirtí), nó iarracht a dhéanamh Fine Gael agus Fianna Fáil a chur i gcomhrialtas lena chéile.

Tá go leor ráite ag an Lucht Oibre faoin ngá atá ann deireadh a chur le polaitíochta an chogaidh chathartha, b'fhéidir go mbeidh an deis is fearr acu riamh an sprioc sin a bhaint amach ag an gcéad olltoghchán eile.

Fíor-Ghael nó Fíor-Ghall?

BHÍ cúrsaí teanga agus polaitíocht an-simplí sna Meánaoiseanna - dá mbeadh Gaeilge agat Éireannach a bhí ionat, dá mbeadh Béarla á labhairt agat is Sasanach a bhí ionat.

Tá cúrsaí athraithe ó shin i leith ar ndóigh. Sa lá atá inniu ann tá an-éagsúlacht go deo i dtaobh na dtuairimí atá ag daoine faoin teanga, ó 'fhíor-Ghael' go 'fíor-Ghall'. Cá sheasann polaiteoirí na tíre?

Is léir cén dearcadh atá ag na páirtithe aontachtacha faoin teanga - tá siad glan ina éadan. Ceard faoi na páirtithe náisiúnacha? Is anseo atá an éagsúlacht is mó.

Cé go ndeir siad ar fad go bhfuil siad ar son na Gaeilge, táthar ann atá in amhras faoi dháiríreacht roinnt acu agus daoine eile atá in amhras fúthu ar fad.

Ní ceist shimplí atá ann, áfach. Tá go leor daoine den tuairim go bhfuil Fine Gael in éadan na Gaeilge. Ba mhaith leo stádas na teanga sa chóras oideachais a ísliú agus aon uair a bhíonn Comhairleoir Contae éigin ag gearán faoin méid airgid a chaitear ar thuairiscí, comharthaí, srl. is ball den pháirtí a bhíonn ann níos minice ná a mhalairt.

Tá Fine Gael an-Ghaelach i bParlaimint na hEorpa.

É sin ráite, labhair beirt fheisirí de chuid an pháirtí sin níos mó Gaeilge i bParlaimint na hEorpa anuraidh ná na feisirí eile. Go deimhin féin is de bharr an mhéid Gaeilge a labhair Seán Kelly agus Jim Higgins go raibh níos mó den teanga á labhairt sa Pharlaimint ná Máltais nó Eastóinis anuraidh. Táthar ann atá den tuairim gurb iad Sinn Féin an páirtí is láidre ó thaobh na Gaeilge de.

Mar shampla, is i nGaeilge amháin a labhair Bairbre de Brún i bParlaimint na hEorpa, ach níl mórán Gaeilge ag a comharba, Martina Anderson.

Mar a dúirt an té a dúirt, go minic níl i bhfíor-Ghael nó fíor-Ghall ach seal anonn is seal anall.

Folúntas

ATHFHÓGAIRT: Oifigeach Foilsitheoireachta (conradh 10 mí)

COIS LIFE
www.coislife.ie

COIS LIFE FOILSITHEOIRÍ GAEILGE

Oifigeach Foilsitheoireachta de dhíth Post lánaimseartha ar conradh 10 mí.
Sonraí iomlána ar an suíomh
www.coislife.ie

Spriocdháta le hiarratais: Dé hAoine 15 Meitheamh 2012

Foras na Gaeilge

arts council ealaíon funding literature artscouncil.ie

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 30 Bealtaine, 2012

Fuath an Fhir a Eitítear

De réir grúpaí a thugann cúnamh do mhná in Éirinn, tá deacracht tromchúiseach ar leith le drochíde agus foréigean in éadan ban a chuireann deireadh le caidreamh le fir.

"Heaven has no rage, like love to hatred turned Nor Hell a fury like a woman scorned." The Morning Bride

Colm Ó Broin

Baill de Ghrúpa Cúnta na mBan ag agóidíocht lasmuigh den Dáil. GRIANGHRAF: PHOTOCALL IRELAND.

Cloistear an ráiteas "Hell hath no fury like a woman scorned" nuair a bhítear ag caint faoi bhean atá anspréachta gur chuir fear deireadh le caidreamh eatarthu.

Leagan truaillithe d'abairt ón drama, *The Mourning Bride*, a scríobh an t-údar Sasanach William Congreve in 1697, atá ansin.

An raibh an ceart ag Congreve agus na daoine a rinne aithris ar an ráiteas ó shin i leith, áfach? An mbeadh sé níos cruinne le rá nach bhfuil fuath in ifreann cosúil le fuath an fhir a eitítear?

De réir grúpaí a thugann cúnamh do mhná in Éirinn, tá deacracht thromchúiseach ar leith le drochíde agus foréigean in éadan ban a chuireann deireadh le caidreamh le fir.

Tá foréigean marfach in éadan ban sa nuacht arís tar éis do John Gallagher é féin a shíniú isteach san Ospidéal Lárnach Mearbhaill an tseachtain seo caite.

Ciontaíodh Gallagher i leith a chailín, Anne Gillespie, agus a máthair, Annie, a mharú le gránghunna in 1988, tar éis go bhfuair sé amach go raibh Anne chun deireadh a chur leis an gcaidreamh a bhí eatarthu. Dúradh go raibh sé as a mheabhair, áfach, agus d'éalaigh sé ón Ospidéal Lárnach Mearbhaill in 2000.

Céad faraor, ní hé seo an t-aon chás le blianta beaga anuas inar mharaigh fear iarpháirtí dá chuid.

De réir figiúirí atá bailithe le chéile ag Grúpa Cúnta na mBan, maraíodh 179 bean sa Phoblacht ó 1996 agus tharla 61% de na maraithe sin i dtithe na mban féin. I measc na gcásanna a réitíodh, b'iad páirtithe nó iarpháirtithe na mban a mharaigh 71 acu, nó 53% den iomlán. Mharaigh daoine a raibh aithne acu ar na mná (idir dheartháireacha, mic, comharsana, cairde) 47 eile. Fir a mharaigh 99% de na mná a maraíodh ó 1996 i leith.

Deir Deirdre Campbell, Bainisteoir Líne Chabhrach le Grúpa Cúnta na mBan, gurb í an tréimhse is dainséaraí do bhean atá ag fulaingt drochíde sa bhaile ná nuair a chuireann sí deireadh leis an gcaidreamh.

"An príomhaidhm a bhíonn ag fear a thugann drochíde do bhean ná smacht a choimeád uirthi, agus an baol is mó don smacht sin ná go bhfágfadh an bhean é," ar sise. "Sin an fáth go bhfeiceann muid ardú i ndrochíde agus i bhforéigean in éadan na mná nuair a dhéanann siad iarracht éalú.

"Síleann daoine nach bhfuil ar an mbean ach deireadh a chuir leis an gcaidreamh chun deireadh a chuir leis an bhforéigean, ach ní tharlaíonn sé sin i gcónaí. Baineann foréigean ó iarpháirtithe le thart ar 20% de na glaonna a fhaigheann muid ó mhná."

Tuigeann mná go bhfuil an baol seo ann, agus is é sin ceann de na fáthanna nach gcuireann siad deireadh le caidreamh foréigneach.

"Fiú sna cásanna inar bhreá leis an mbean éalú, go minic bíonn faitíos orthu é sin a dhéanamh."

"Bíonn eagla an domhain orthu go n-ionsóidh an fear iad féin nó a bpáistí, agus bíonn cúis mhaith acu an tuairim sin a bheith acu mar gurb iadsan atá ina gcónaí leis an duine foréigneach agus tuigeann siad céard is féidir leis an duine sin a dhéanamh."

Uaireanta, ní bagairt fhollasach a bhíonn ann, ach go minic deireann an fear go ngortóidh nó go maróidh sé an bhean má fhágann sí é.

Ní bagairt gan bhrí a bhíonn anseo,

Bean amháin a fuair cabhair ó Ghrúpa Cúnta na mBan í Maureen. D'fhulaing sise foréigean óna fear chéile, Dermort, ar feadh na mblianta. Chuir sé an milleán uirthí aon uair a bhuail sé í agus dúirt sé gur "siúlóid sa pháirc" a bhí san fhoréigean reatha dá labhródh sí le héinne faoi.

óir tá iliomad cás inar mharaigh fear an bhean tar éis di é a eiteach.

Ciontaíodh Stephen Cahoon (39) i mí Aibreáin i leith iarpháirtí dá chuid, Jean Quigley, a dhúnmharú. Thacht an fear an bhean, a bhí 30 bliain d'aois agus í ag súil le leanbh, ina teach in Cornshell Fields i gCathair Dhoire ar an 26 Iúil 2008. Tháinig sé amach tar éis na trialach go ndearna sé ionsaithe brúidiúla ar mhná eile i rith na mblianta freisin.

An mhí roimhe sin, chinn cúirt chróinéara i mBéal Feirste gur chuir fear lámh ina bhás fhéin tar éis dó a iarbhean chéile a mharú.

D'fhág Sharon Hull (33 bliain d'aois) a fear céile, Philip Hull (34 bliain d'aois), nuair a fuair sí amach go raibh caidreamh aige le bean eile. Fuair sí ordú neamh-ainteangmhála (non-molestation order) ina éadan de bharr go raibh sé ag cur isteach uirthi ag a hionad oibre. D'ionsaigh sé í agus mharaigh sé í ina teach in Carnbeg Meadows, Baile Aontroma, i nDeireadh Fómhair 2010, áfach, tar éis dó téacsanna a sheoladh chuici an lá céanna ag fiafraí di an raibh sí ag dul amach le fear eile.

Anuraidh, ciontaíodh fear le seoladh sa Rómáin, Mihalache Marian (49), i leith dúnmharaithe an chailín a mbíodh sé ag dul amach léi, Loradena Pricajan (35), in Áth an Ghainimh i mBaile Átha Cliath.

Le linn na trialach, dúradh go ndearna an fear taifead den bhean agus í sa chith agus gur bhagair sé go gcuirfeadh sé an físeán ar YouTube ionas go bhfeicfeadh daoine gur "striapach" a bhí inti. Dúradh chomh maith go raibh léarscáil ag an bhfear d'ionad oibre na mná agus gur chuir sé glaoch ar pháirtí nua na mná ar Skype ag baint úsáid as a cuntas. Ghearr sé scornach Loradena Pricajan, agus ansin ghearr sé é féin cúpla uair, ag ligean air gur amhlaidh a tharla troid eatarthu.

In 2005, gearradh téarma príosúin saoil ar fhear ó Dhún na nGall, Gary McCrea (40), ó Dhroim an Bhothaigh, An Lathaigh, i leith dúnmharaithe a mhná céile, Dolores McCrea (ar dháta anaithnid idir Eanáir 20 agus Eanáir 22, 2004). D'fhág sí a fear chéile i mí Lúnasa 2003 lena ceathrar iníonacha.

Dúirt máthair na mná, Kathleen McGrory, agus a hiníon (a bhí 14 bliana ag an am) gur bhagair Gary McCrea go sháthfadh sé a bhean chéile chn báis. Dúirt an cailín gur ghlaoigh a athair "striapach" agus ainmneacha maslacha eile ar a máthair. Cinneadh gur mharaigh McCrea an bhean agus gur dhóigh sé a corp i ngairdín a thí.

Dá mbeadh a fhios ag mná ón tús go

Gardaí agus oifigigh fhoiréinseacha ag scrúdú an arasáin in Áth an Ghainnimh inar sháigh Mihalache Marian a iarchailín Loradena Pricajan, chun báis in 2010.
GRIANGHRAF: SASKO LAZAROV/PHOTOCALL IRELAND.

Annie Gillespie agus a hiníon Anne, a mharaigh John Gallagher in 1988.



Sharon Hull agus a iarfhear céile, Philip Hull, a ciontaíodh i leith a dúnmharaithe i mí Feabhra.

Dhúnmharaigh Gary McCrea a bheanchéile Dolores in 2004 agus dhó sé a corp.

raibh na fir seo foréigneach is beag seans go dtosódh caidreamh eatarthu, ach bíonn cuir chuige an-chealgach ag na fir sin.

Ní thosaíonn siad ag bualadh na mná go dtí go mbíonn tuairim mhaith acu go bhfuil muinín agus féinmheas na mná laghdaithe chomh mór sin acu go nglacfaidh siad leis.

"Ní tharlaíonn sé ag tús an chaidrimh de gnáth, ach níos deanaí tosaíonn na fir ag 'tástáil' na mban, le féachaint an nglacfaidh siad leis an drochíde," arsa Deirdre Campbell.

"Cuireann sé seo an-amhras agus mearbhall ar an mbean, agus glacann siad leis go bhfuil an mhilleán orthu féin faoin bhforéigean toisc nach raibh na páistí curtha a chodladh nó nach raibh an teach glan nó cibé leithscéal a luann an fear don ionsaí."

Ceann de na cleasanna is coitianta a bhíonn ag fir a thugann drochíde do mhná ná go gcuireann siad stop leis an gcaidreamh a bhoinn ag na mná lena gcairde agus lena dteaghlach.

"Dúirt bean amháin gur stop sí ag dul amach lena cairde toisc go mbíodh 100 téacs á fháil aici óna fear céile aon uair a bhí sí amuigh leo. I gcásanna eile bíonn an fear drochbhéasach le gaolta na mban ionas nach mbeidh siadsan ag iarraidh a bheith ina chomhluadar. Uaireanta éiríonn an chlann tuirseach de bheith ag rá leis an mbean an fear a fhágáil, agus tá sé sin sothuigthe, ach bíonn na mná seo in ísle brí agus bíonn sé deacair orthu a aithint nach bhfuil locht ar bith orthu."

"Ar ndóigh, bíonn sé níos deacra ag an mbean an fear a fhágáil nuair a bhíonn ceangal caillte aici lena teaghlach agus lena cairde, sin an fáth a ndéanann na fir iarracht na ceangail sin a bhriseadh."

Bean amháin a fuair cabhair ó Ghrúpa Cúnta na mBan í Maureen. D'fhulaing sise foréigean óna fear chéile, Dermort, ar feadh na mblianta. Chuir sé an milleán uirthí aon uair a bhuail sé í agus dúirt sé gur "siúlóid sa pháirc" a bhí san fhoréigean reatha dá labhródh sí le héinne faoi.

"Creidim go daingean go bhféadfadh sé mé féin nó na páistí a mharú," ar sise.

Thug dochtúir uimhir Ghrúpa Chúnta na mBan di agus eolas faoi thearmann do mhná.

"Níl sé seo thart go fóill," arsa sí. "Caithim an méid céanna ama ag breathnú thar mo ghualainn is a chaithim ag breathnú chun cinn. Tá eagla an domhain orm roimh Dermot agus faoin rud a dhéanfadh sé, ach ní mhothaím im' aonar a thuilleadh toisc gur labhair mé amach."

Nuair a aithníonn bean go bhfuil siad i ndrochchaidreamh, bíonn sé baolach dóibh an chéad chéim eile a thógáil.

"Uaireanta deir mná linn nach féidir leo na fir a fhágáil," arsa Deirdre Campbell. "Ach nuair a iarrann muid orthu é sin a mhíniú go minic deir siad gur dhúirt na fir go maróidh siad iad dá bhfágfadh siad iad. B'fhéidir go bhfuil an fear tabhairt faoina tachtadh cúpla uair roimhe sin, rud a thugann teachtaireacht do na mná go bhfuil an fear ábalta í a mharú más mian leis."

Uaireanta déanann an fear ionsaí ar an mbean, ar a páistí nó ar dhuine a mbíonn sí ag siúl amach leo, ach ní gá go mbeadh drochíde an fhir a eitítear foréigneach i gcónaí.

"Déanann siad stalcaireacht go minic, leanann siad na mná nó cuireann siad glaonna gutháin, téacsanna agus teachtaireachtaí ar ghréasáin shóisiala chucu go leanúnach," arsa Deirdre Campbell. "Bíonn siad ag iarraidh a chur ina luí ar an mbean go bhfuil a fhios acu cá bhfuil sí agus céard atá ar bun aici. Cuireann sé sin as go mór don bhean, ar ndóigh."

Ní gá gur caidreamh fadbhunaithe a bheadh ann chun go ndéanfadh fear stalcaireacht ar bhean.

Bean eile a fuair cabhair ó Grúpa Cúnta na mBan í Orla, a bhí ag siúl amach le John ar feadh cúpla mí agus iad ar an ollscoil i gCorcaigh. Dúirt sí leis nach raibh sí ag iarraidh dul amach leis a thuilleadh ach d'fhan siad cairdiúil ar feadh píosa go dtí gur chuir iompar John isteach uirthi.

"Chuirfeadh sé glaoch nó téacs chugam cúpla uair in aghaidh an lae agus go minic bheadh sé ag feitheamh orm lasmuigh de ranganna le dul le haghaidh tae nó caife. Níor theastaigh uaidh dul amach le grúpaí, áfach, b'fhearr leis nuair nach raibh ach an bheirt againn le chéile."

"D'éirigh sé an-sealbhach agus tháinig an crú ar an tairne oíche amháin nuair a thosaigh sé ag screadaíl orm gur 'sraoilleog' a bhí ionam toisc go raibh mé ag labhairt le seanchara liom, buachaill a raibh mé ar scoil leis."

Rinne Orla iarracht labhairt leis taobh amuigh den chlub oíche ach rug sé greim ar a gruaig agus ghlaoigh sé ainmneacha maslacha uirthi.

Mar a tharlaíonn go minic i gcásanna mar seo, ghabh John leithscéal faoina iompar i dtosach báire, ach chuir sé tús leis an stalcaireacht agus an drochíde arís, rud a chuir sceimhle ar Orla.

"Dá bhfeicfinn é bheadh deireadh leis an oíche, mhothaínn tinn agus imníoch agus bhíodh orm dul abhaile agus bhíodh eagla an domhain orm go leanfadh sé abhaile mé."

Lá amháin bheadh John ag rá léi go raibh sé i ngrá léi, an lá dar gcionn bheadh sé ag scaipeadh ráflaí suaracha fúithi.

Deir Grúpa Cúnta na mBan go ndeachaidh Orla chuig na Gardaí chun ordú cosanta a fháil ach nach raibh siad ábalta ceann a eisiúint toisc nach raibh siad ina gcónaí le chéile.

Molann an eagraíocht do mhná atá ag fulaingt drochíde teagmháil a dhéanamh leo.

"Má bhíonn bean ag iarraidh imeacht bíonn rudaí praiticiúla de dhíth, bíonn áit le fanacht ag teastáil, airgead agus scoil nua do na páistí uaireanta," arsa Deirdre Campbell.

Tá eolas agus comhairle ar an leathanach 'Pleanáil do Shábháilteacht' ar shuíomh na heagraíochta (www.womensaid.ie) do mhná atá ag machnamh ar chaidreamh foréigneach a fhágáil. Tugtar treoir faoi rudaí a d'fhéadfadh bean a ullmhú sula n-imíonn sí, mar shampla, cuntas coigiltis a oscailt ina hainm féin, na rudaí ba cheart dóibh tabhairt leo (airgead, éadaí, eochracha, srl.) agus céard ba cheart dóibh a dhéanamh le fanacht sábháilte nuair a bheidh siad imithe ón teach, mar shampla, uimhreacha gutháin a athrú agus múinteoirí a chur ar an eolas gurb í an bhean an t-aon duine atá údaraithe chun na páistí a bhailiú ón scoil. Is féidir le mná comhairle a fháil ón line chabhrach 1800 341900.

"Is féidir a theacht slán ó chaidreamh foréigneach agus tá sé déanta ag na mílte ban in Éirinn," arsa Deirdre Campbell. "Tá ag éirí go hiontach le mná a d'fhág caidrimh dá leithéid agus ba mhaith linn teachtaireacht a thabhairt do mhná atá ag fulaingt go fóill go bhfuil tacaíocht ann dóibh agus nach gá dóibh cur suas le drochíde."

Athraíodh ainmneacha na ndaoine sna cásanna thuasluaite.

NEMETONTV

Ard Dioplóma i Léiriú Teilifíse

ar fáil i nGaeltacht na Rinne agus Port Láirge 2012

i gcomhpháirtíocht le Nemeton Léiritheoirí Teilifíse, Údarás na Gaeltachta agus Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge

Is cúrsa lánaimseartha bliana é seo dóibh siúd atá ag iarraidh scileanna teilifíse agus digiteacha a fhoglaim.

Tá an Ard Dioplóma bunaithe ar obair phraicticiúil agus tugann an cúrsa deis duit saineolas a bhaint amach ar na scileanna riachtanacha ins na meáin chumarsáide agus na meáin margaíochta digiteacha m. sh; fís, fuaim, stiúrú agus eagarthóireacht (Final Cut Pro) & srl.

Riachtanaisí Iontrála:
- Cáilíocht leibhéal 7 nó níos airde.
- Gaeilge ag leibhéal tuisceana agus comhrá.

- Glacfar le hiarratais ó dhaoine gan na cáilíochtaí thuasluaite, ach go bhfuil taithí oibre acu sa tionscal agus an cumas cuí Gaeilge. Déanfar measúnú ar iarratais mar seo ó chás go cás. Gach eolas ar an gcúrsa agus foirmeacha iarratais ar fáil ó: Nemeton TV, An Rinn, Co. Phortláirge

Teil: 058-46499 **R-phost: blaithin@nemeton.ie**
Suíomh gréasáin: **www.wit.ie** **www.nemeton.ie**

Údarás na Gaeltachta

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 30 Bealtaine, 2012

Aitheantas buan do Ghaelcholáiste Chill Dara

Colm Ó Broin

TÁ aitheantas buan bronnta ag an Roinn Oideachais ar Ghaelcholáiste Chill Dara. D'oscail an mheánscoil sa Nás in 2003 le naonúr daltaí agus fuair siad aitheantas sealadach in 2004. Beidh suas le 200 dalta ag freastal ar an scoil i mí Mheán Fómhair 2012.

"Is cinneadh fíorthábhachtach é seo a thugann aitheantas don éileamh ollmhór atá ar fud fad na tíre d'oideachas lánGhaeilge," arsa Ard-Rúnaí an Fhorais Phátrúnachta, Caoimhín Ó hEaghra. "Tá an t-éileamh seo ag méadú gach uile bhliain agus go háirithe ag an dara leibhéal mar nach bhfuil a dhóthain soláthair ann."

"Ba mhaith linn comhghairdeas ó chroí a dhéanamh le gach duine atá bainteach leis an scoil a chinntigh ó bunaíodh é gur scoil den chéad scoth a bheadh ann.

Beidh scoileanna lánGhaeilge dara leibhéal faoin bhForas ag súil go mbeidh an cinneadh céanna á dhéanamh ag an Roinn Oideachais gan mhoill ar stádas a n-aitheantas féin, arsa Ó hEaghra.

"Tá buíochas ag dul don Roinn Oideachais as ucht a aithint go bhfuil an t-éileamh seo ann d'oideachas lánGhaeilge. Tá an dá scoil dara leibhéal de chuid an Forais Phátrúnachta, Meánscoil Gharman agus Gaelcholáiste Phort Láirge, fós ag feitheamh ar an dea-scéal céanna."

Tá iarratais déanta ag an bhForas ar phátrúnacht le haghaidh ceithre scoil lánGhaeilge a bheidh lonnaithe i mBaile Brigín agus i nDún Droma i mBaile Átha Cliath, i gCarraig Uí Leighin i gCorcaigh agus iarratas faoi leith curtha isteach ar ghaelcholáiste do Mhaigh Nuad i gCill Dara. D'éirigh leis an gcéad trí iarratas ach dhiúltaigh an Roinn Oideachais d'iarratas Mhaigh Nuad in ainneoin go raibh liosta éilimh a raibh níos mó ná 580 ainm bailithe leis ag iarraidh Gaelcholáiste sa cheantar.

Daltaí ó Ghaelcholáiste Chill Dara ag glacadh páirte i Rith 2012.

Cúrsa Dioplóma sna hEalaíona (An Ghaeilge Fheidhmeach) 2012 – 2014

Mar adeir ár gcuid mac léinn: 'cúrsa thar barr ... spreagúil ... nuálaíoch ... ceannródaíoch ... scileanna tábhachtacha i gcomhthéacsaí oibre ... teastaíonn an Ghaeilge ghairmiúil'

Tá Roinn na Nua-Ghaeilge ag tairiscint Cúrsa Dioplóma páirtaimseartha sa Ghaeilge Fheidhmeach (Leibhéal 7) a mhairfidh ar feadh dhá bhliain. Is é príomhaidhm an chúrsa oiliúint sa Ghaeilge a chur ar fáil a chuirfidh ar chumas na mac léinn a fhreastalóidh ar an gcúrsa a ngnó gairmiúil a chur i gcrích go héifeachtach agus go tuisceanach trí mheán na Gaeilge. Tá Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 curtha i bhfeidhm go hiomlán agus is tábhachtaí ná riamh an dioplóma seo sa chomhthéacs sin. Cuirfear an cúrsa ar siúl ar an gcoinníoll go gcuirfidh dóthain iarratasóirí isteach air.

Caighdeán Iontrála: Ní mór caighdeán iontrála nach lú ná caighdeán ghrád D/D3 sa Ghaeilge i scrúdú na hArdteistiméireachta ardleibhéil a bheith bainte amach ag iarratasóirí. D'fhéadfadh an Chomhairle Acadúil glacadh leis le daoine lánfhásta a mbeadh cothrom chaighdeán an mháithreánaigh bainte amach acu. Fáilteofar roimh mhic léinn fochéime chomh maith.

Costas: Is í an **táille laghdaithe don chéad bhliain (12/13) €900.**

Eolas Breise: **Oifig na Gaeilge Labhartha,**
Seomra G02, Áras Uí Rathaille, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh
Guthán: **021-4902314**, Facs : **021-4903329**
Ríomhphost : g.labh@ucc.ie

Ná dein a thuilleadh moille! Cuir isteach air inniu!
Bainfidh tú taitneamh agus tairbhe as.

Is é an dáta deireanach ar a nglacfar le foirmeacha iarratais comhlánaithe

Déardaoin, 28 Meitheamh (June) 2012

Rachaidh muid chun cinn ar an Laitvis – Feisirí Eorpacha

Colm Ó Broin

TÁ sé ráite ag feisirí Éireannacha go labhróidh siad níos mó Gaeilge i bParlaimint na hEorpa de thairbhe taighde atá déanta ag Gaelscéal.

Chuir feisirí fáilte roimh iniúchadh an nuachtáin seo a léirigh gur labhraíodh níos mó Gaeilge i bParlaimint na hEorpa i rith 2011 ná Eastóinis nó Máltais.

Bhí an Laitvis beagáinín chun cinn ar an nGaeilge, labhraíodh í ar feadh 52 nóiméad i gcomparáid le 45 nóiméad de Ghaeilge, ach dúirt Seán Kelly (FG) agus Pat The Cope Gallagher (FF) go raibh sé mar aidhm acu dul chun cinn ar lucht na Laitvise.

Labhair Kelly níos mó Gaeilge ná héinne eile sa Pharlaimint anuraidh agus dúirt sé le Gaelscéal gur ugach a bhí sna torthaí dó.

"Tá áthas an domhain orm faoin nuacht seo, is maith an rud é go bhfuil muid chun cinn ar theangacha eile óir go minic bíonn daoine ag díriú isteach ar an dream a bhíonn san áit dheireanach ag iarraidh an stádais atá acu a laghdú. Deir an feisire do thoghcheantar an Deiscirt go bhfuil sé mar aidhm aige go labhrófaí níos mó Gaeilge ná Laitvis sa Pharlaimint amach anseo.

"Os rud é go bhfuil an sprioc sin againn anois, is féidir linn tabhairt faoi agus iarracht a dhéanamh dul chun cinn orthu," arsa Kelly.

Tá sé mar aidhm ag Pat The Cope Gallagher, feisire do thoghcheantar an Iarthuaisceart, tabhairt faoin dúshlán chomh maith.

"Caithfidh muid mar Fheisirí Eorpacha iarracht níos fearr a dhéanamh chun an Ghaeilge a úsáid agus an teanga a chur chun cinn," ar seisean.

Tá buntáistí praiticiúla le Gaeilge a labhairt i bParlaimint na hEorpa, dar le Pat The Cope Gallagher.

Dúirt Kelly agus Gallagher go raibh sé tábhachtach an Ghaeilge a labhairt sa Pharlaimint le léiriú go bhfuil teanga agus féiniúlacht ar leith ag Éirinn, ach thug an Conallach le fios go bhfuil buntáistí praiticiúla ag baint leis chomh maith.

"Má tá tú ag labhairt i mBéarla seans nach mbeidh na feisirí eile ag éisteacht leat, ach má labhraíonn tú i nGaeilge cuireann siad ar fad, an tUachtarán, an rúnaí, na feisirí, cuireann siad na cluasáin ateangaireachta orthu, mar sin tá níos mó seans ann go dtabharfaidh siad aird ar an méid atá á rá agat," ar seisean. Beidh níos lú Gaeilgeoirí gníomhacha sa Pharlaimint as seo amach, áfach. D'éirigh Joe Higgins as an bParlaimint i bhFeabhra 2011 agus d'éirigh Bairbre de Brún as an mhí seo caite. Ba i nGaeilge amháin labhair de Brún sa Pharlaimint.

NÓS le hathsheoladh mar iris snasta mhíosúil

Méabh Ní Thuathaláin

BEIDH leagan clóite den iris chomhaimseartha, NÓS, ar fáil do phobail na Gaeilge arís go míosúil ón lá amárach, i ndiaidh gur cinntíodh maoiniú ó Fhoras na Gaeilge ar feadh bliana.

Tá NÓS ar an bhfód le ceithre bliana anuas agus ag feidhmiú gan aon mhaoiniú i rith an ama sin. Bhí cur chuige nuálach ag an iris ón gcéad lá riamh agus is féidir brath go mbeidh ábhar spreagúil, siamsúil agus suimiúil ar fáil inti. Bhí NÓS ag brath ar oibrithe deonacha le hábhar a chur ar fáil don iris go dtí seo.

"Tá sé an-tábhachtach go gcoinneoidh NÓS leis an spiorad sin go mbeidh dearcadh na cosmhuintire le fáil inti, go mbeidh sí dírithe ar an ngnáthphobal," a dúirt Tomaí Ó Conghaile, bunaitheoir agus eagarthóir na hirise.

"Seo an chéad uair ina bhfuil maoiniú de chineál éigin ag NÓS. Tá muid buíoch as ach tá muid go fóill ag brath ar oibrithe deonacha chun an iris a chur amach agus chun pobal a chruthú," a dúirt sé.

Tá an iris curtha le chéile ag foireann atá scaipthe ar fud na tíre agus níos faide i gcéin, rud a chuireann go mór le réimse abhair na hirise.

"Tá leithéidí Ben Ó Faoláin ag obair linn. Reáchtáileann sé club O2 in Áras na nGael thíos i nGaillimh, fear atá aneolach faoi chúrsaí ceoil. Tá Cillian de Búrca ann chomh maith, craoltóir ar 4fm atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath agus tá daoine eile lonnaithe ar fud na háite, in Albain agus sna Stáit Aontaithe fiú," a deir Tomaí Ó Conghaile.

Tomaí Ó Conghaile, fear atá taobh thiar den Iris NÓS.

Creideann an t-eagarthóir go bhfuil éileamh mór ar an gcineál irise seo.

"Tá dearadh úr agus ábhar comhaimseartha na hirise ag mealladh pobal fuinniúil léitheoirí atá ag fás i gcónaí, in Éirinn agus thar lear.

"Cé go bhfuil líon lucht léitheoirí na nuachtán ag titim, má amharcann tú ar na staitisticí do líon lucht léitheoirí na n-irisí ar fud na hEorpa, tchífidh tú iad ag méadú.

"Tá rud éigin tarraingteacht faoi iris, is rud ar leith í is féidir a léamh thar tamall agus fiú a athléamh," a deir eagarthóir na hirise.

Faightear léargas leithleach ar shuimeanna coitianta an lae inniu sna rannóga éagsúla, ó cheol go scannáin, teicneolaíocht go taisteal agus tuilleadh. Tá rannóg úr ann dar teideal 'gníomhaíocht', atá dírithe ar an bpobal a láidriú agus an Ghaeilge a neartú.

Tá dearadh úr snasta ar an iris, dar leis an eagarthóir. "D'athraigh muid an stíl, tá dearthóir ag obair linn agus tá cuma iontach ar an iris," a deir sé. Is féidir NÓS a fháil ó na hionaid Ghaeilge agus i siopaí leabhar Gaeilge timpeall na tíre. Tá lacáiste ar fáil agus sintiús bliana a bhaint amach le NÓS. Le tuilleadh eolais a fháil brúigh isteach ar: http://www.nosmag.com/.

Naíscoil Chill Locha ag streachailt i dtaobh maoinithe

Méabh Ní Thuathaláin

TÁ naíscoileanna beaga sna Sé Chontae i dtrioblóid airgeadais de bharr nach bhfuil siad ag teacht le critéir an mhaoinitheora ó Thuaidh. Tá brú mór ar Naíscoil Chill Locha i nDún Phádraig, Co. an Dúin, mar gheall ar ghanntanas airgid agus tá sé fágtha faoi thuismitheoirí agus lucht tacaíochta na naíscoile sa cheantar an t-airgead a bhailiú.

Cé go bhfuil 13 dalta ag freastal ar an naíscoil níl ach cúigear páistí cláraithe don bhliain seo chugainn. Bíonn naíscoileanna beaga ag brath ar PEAG, Grúpa Comhairleacha Oideachais do Naíscoileanna, fá choinne maoinithe ach is gá go mbeadh ochtar páistí ar a laghad cláraithe don bhliain seo chugainn leis an maoiniú sin a fháil. Má fhágann páiste an naíscoil ina bhfuil líon beag daltaí ann i lár an téarma seans go mbeadh an scoil fágtha gan mhaoiniú don chuid eile don bhliain.

Bunaíodh Naíscoil Chill Locha in 2012. Naíscoil tuaithe atá inti agus an pobal áitiúil á coinneáil ag imeacht. "Bíonn imeachtaí eagraithe i gcaitheamh an ama againn chun an naíscoil a choinneáil ag gabháil. Caithfidh muid an t-airgead a bhailiú leis na múinteoirí a íoc," a deir Conán Mac Ruairí, cisteoir na naíscoile.

Tá 'lá pacála' eagraithe in Asda, i nDún Pádraig ar son Naíscoil Chill Locha ar an Domhnach 8 Iúil 2012 ó 1i.n. go dtí 6i.n. "Beidh tuismitheoirí agus oibrithe deonacha ag pacáil siopadóireachta ar feadh an lae agus déanfaidh an t-airgead sin difear mór dúinn. Tá muid thar a bheith buíoch as," a deir Mac Ruairí.

Gaelaithe tar éis 500 bliain!

Anton Mac Cába

DEN chéad uair ó bunaíodh iad, beagnach 500 bliain ó shin, cuireadh Gaeilge ar rialacha oideachais bhinseoirí Óstaí an Rí i mBaile Átha Cliath.

Ba é Seán Ó Tuathaláin as Béal an Átha Mhóir, Co Liatroma, a rinne an obair. Is iad Óstaí an Rí an institiúid atá i mbun oiliúna ar abhcóidí.

Bhronn Ó Tuathaláin an t-aistriúchán ar Óstaí an Rí. "Bhí a fhios agam go raibh na hÓstaí páirteach i gcur chun cinn na Gaeilge, mar chuid den dlí," ar seisean. "Tá dhá chúrsa acu i dteangeolaíocht an dlí."

Bhí 10,000 focal sa doiciméad a bhronn Ó Tuathaláin ar na hÓstaí. Bhí sé mar chuid lárnach de thráchtas don MA le hAistriúchán Reachtaíochta agus Dlí a rinne sé le hAcadamh na hOllscolaíochta Gaeilge.

Tá Óstaí an Rí ar cheann de na hinstitúidí oideachais is sine sa tír, iad níos sine ná Coláiste na Trionóide fiú.

Bhunaigh an Rí Sasanach, Anraí a hOcht iad in 1541.

'Filí na Gaeilge'

Dánta na hardteistiméireachta á gcur i láthair ar bhealach nua

le Méabh Ní Thuathaláin

BEIDH léirmheas ar na dánta Ardteistiméireachta ar fáil saor in aisce ar an suíomh idirlín File na Gaeilge an tseachtain seo. Déanann na filí Biddy Jenkinson, Máire Áine Nic Ghearailt, Cathal Ó Searcaigh, Pádraig MacSuibhne agus Nuala Ní Dhomhnaill léamh agus léiriú ar a gcuid dánta.

"An rud is fear faoin suíomh seo ná go dtugann na filí cuntas pearsanta ar a shaothar fein. Faigheann daoine léargas níos fearr ar na dánta ó bhéal na bhfilí, rud a thugann spléachadh úr do na dánta." a deir stiúrthóir an chomhlachta, Proinnsíos Ó Duigneáin.

Beidh léachtóirí ollscoile ag déanamh plé ar na seandánta. "Is deis í seo do dhaltaí dara leibhéil a theacht ar eolas nach bhfuil le fáil b'fhéidir sna leabhair scoile. Ar ndóigh is suíomh é chomh maith a bhféadfadh daoine ar spéis leo litríocht na Gaeilge leas a bhaint as," a deir Ó Duigneáin.

Rud taitneamhach eile ná go bhfuil na dánta curtha i láthair ar bhealach tarraingteach. Tá Mairéad Ní Mhaoinigh agus John Spillane le cloisteáil ar an suíomh. Is áis teagaisc é Filí na Gaeilge.TV d'fhilí na linne a gcuid saothar a chur os comhair an phobail.

"Is áis iontach atá ann, tá muid ag díriú ar dhánta na hardteiste an tseachtain seo ach is áis é do gach duine a bhfuil spéis acu i bhfilíocht na linne. Faighim ríomhphoist ó dhaoine as Meiriceá agus tíortha eile a bhaineann úsáid as an suíomh," a deir Proinnsíos.

Síolraigh an chomhlacht, Filí na Gaeilge as Spleodar, compántas drámaíochta atá lonnaithe i gCo. Liatroma. Tá an suíomh maoinithe ag Foras na Gaeilge. Le cuairt a thabhairt ar an suíomh téigh chuig www.filinagaeilge.tv

Ag treisiú le tógáil na Gaeilge

Bunaíodh Ciste le maoinithe cuidiú a sholáthar do thionscadail chaipitil fhorbartha Gaeilge. Chinntigh Gearóid Mac Ádhaimh an ciste seo, **£8m** ar fad, ar chaibidlí Chromghlinne i Mí Feabhra 2010 agus díreoidh sé ar nuálaíochtaí caipitil a:

- Chuirfidh le hinbhuanaitheacht na mianta sóisialacha, eacnamaíocha agus cultúrtha atá ag pobal na Gaeilge sna Sé Chontae agus lasmuigh dóibh.
- Chuirfidh cuidiú airgeadais ar fáil i gcur chun cinn straitéiseach agus i bhforbairt phobal na Gaeilge.
- Éascóidh spreagadh forbairtí eacnamaíocha agus cruthú fostaíochta atá ina bhuncholoch i bhforbairt phobal Gaeilge inbhuanaithe.
- Chuideoidh le heagrais le bealaí thógála maoinithe as foinsí eile a uasmhéadú.
- Chinnteoidh an fhorbairt leanúnach don Ghaeilge ar fud an Tuaiscirt.

Tuilleadh eolais ó:

An Ciste Infheistíochta Gaeilge
Cultúrlann Uí Chanáin, 37 Mórshráid Shéamais, Doire, BT48 7DF
T: 028 71 264147/028 71 264149 E-mail: eolas@ciste.ie www.ciste.ie

Ciste was founded to provide much needed financial assistance towards Irish language capital development projects. The fund, amounting to **£8M,** was secured at the Hillsborough Talks February 2010 by Gerry Adams and will focus on capital initiatives to;

- Sustain and assist the social, economic and cultural needs of Irish language communities around the North of Ireland and beyond.
- Provide financial assistance in the strategic advancement and development of Irish language communities.
- Assist in the stimulation of economic development and job creation which is fundamental to the creation and development of viable sustainable Irish language communities.
- Work with groups to maximise funding from other sources.
- Play a crucial role in the growth of the Irish language across the North.

For further information, contact:

Ag treisiú le tógáil na Gaeilge
An Ciste Infheistíochta Gaeilge

TEICNEOLAÍOCHT

An mbeidh muid in ann 'Nike Air Max' a íoslódáil?

Amharcann **Diarmuid Ó Muirgheasa** ar chlóirí 3D agus na ceisteanna cóipchirt a chruthóidh siad

TÁ an-chuid ráite le blianta beaga anuas mar gheall ar shárú cóipchirt, idir cheol, scannáin agus leabhair, agus an damáiste a dhéanann sé do na hearnála úd.

Tóg mar shampla an cás iontach suimiúil (agus rud beag áiféiseach) atá os comhair na gcúirteanna i Meiriceá faoi láthair: tá an RIAA ('Recording Industry Association of America') ag lorg $72,000,000,000,000 (sin $72 trilliún) mar chúiteamh ón suíomh idirlín Limewire, a chur cóipeanna mídhleathacha d'amhráin ar fáil.

Ar fhaitíos nach raibh leibhéal áiféise an éilimh sin soiléir, níl d'airgead sa domhan ar fad ach timpeall $45 trilliún - creideann an RIAA go bhfuil luach an damáiste a déanadh do lucht ceoil ag druidim i dtreo dhá oiread sholáthar iomlán airgid an domhain. Fiú ag glacadh leis go n-aontaímid uilig go bhfuil an leibhéal cúitimh sin beagán thar fóir, is léir go bhfuil an-chuid daoine a chreideann go bhfuil an sárú cóipchirt seo iontach dáiríre mar ábhar.

Fiú admhaíonn an breitheamh sa chás úd (a dúirt go soiléir go raibh an t-éileamh iomlán áiféiseach) go bhfuil cás dáiríre ag an RIAA, agus go mbeidh an cúiteamh a mbeidh ag dul dóibh sna milliúin go cinnte agus b'fhéidir sna billiúin.

(N'fheadar cén seans atá acu an t-airgead sin a fheiceáil go deo, mar nach bhfuil aon rud cosúil le billiún amháin fiú sa bhanc ag Limewire). Ach más raic iomlán a bhí mar thoradh ar fhás an idirlín, agus an úsáid a bhaineadh as ar mhaithe le ceol agus físeáin a roinnt, is deacair a shamhlú cé mhéid de rí-rá a mbeidh ann nuair a thosóidh clóirí 3D ag teacht ar an margaidh ar phraghas a bheidh réalaíoch don ghnáththomhaltóir.

An oibríocht bhunúsach a bhaineann leo ná go bhfuil cnoga printéara (*'print head'*) a ghabhann anonn agus anall, agus a thógann an táirge sraith ar sraith.

An rud tábhachtach ná gur déantúsaíocht shuimitheach seachas dealaitheach atá ann.

Seachas cruth a shnoí ó bhloc d'amhábhar éigin, déantar é a thógáil agus gan ach na píosaí atá

ag teastáil a chur isteach, rud a chiallaíonn nach mbeidh aon chostas breise ag dul le cruth casta a thógáil thar cheann simplí, agus nach bhfuil aon chur amú amhábhair i gceist ach oiread. Ó thaobh amhábhair de, tá rogha fhairsing ann sna córais éagsúla, idir phlaistigh, miotail éagsúla agus fiú níolón.

Ní teicneolaíocht iomlán nua atá i gceist anseo. Tá steiréi-liteagrafaíocht, ceann de na teicnící bunúsach a bhfuil úsáid á bhaint as ó na 1980í. Ach fiú má chuala tú faoi chlóirí 3D cheana, seans go mbeidh ionadh ort faoin méid dul chun cinn atá déanta le blianta beaga anuas. An chéad mhórúsáid a baineadh as na clóirí seo ná i ngnóthaí ina bhfuil gá le fréamhshamhaltú a dhéanamh agus léirshamhail fhisiciúil a chruthú. Samhlaigh innealtóirí ag "priontáil" mionsamhail 3D d'fhoirgneamh nó gluaisteán nua atá á dhearadh acu. Seachas an jab a thabhairt do dhuine nó do ghrúpa seachtrach, a thógadh b'fhéidir cúpla lá nó seachtain, is féidir leis an té a bhfuil clóire 3D aige an meaisín a chur ag obair agus laistigh de chúpla nóiméad, nó uair nó dhó ar a mhéid, mionsamhail a chur ar fáil.

Go dtí le déanaí, is beag úsáid phraiticiúil eile a bhí sna clóirí seo. Bhí siad mór, uafásach costasach, agus ní raibh ach raon réasúnta beag d'úsáidí ag baint leis na mionsamhla ar tháinig astu. Ach diaidh ar ndiaidh d'athraigh sé sin, agus gan mórán aird á thabhairt ag an bpobal air. Tá an costas ag ísliú, tá na meaisíní ag éirí níos lú, agus tá úsáid á bhaint as amhábhair níos úsáide go leanúnach. Níos fearr fós, is féidir le cuid de na clóirí 3D atá ann anois chuile phíosa dóibh féin a chruthú - go bunúsach, chomh fada agus go bhfuil na hamhábhair ar fáil, is féidir leo atáirgeadh.

Mar shampla den úsáid is féidir baint as clóire mar seo, baineann an craoltóir Meiriceánach, Jay Leno, úsáid as ceann, in éineacht le scanóir 3D, nuair nach féidir leis a theacht ar pháirteanna nua do cheann dá ghluaisteáin (lasmuigh dá chraoltóireacht, tá cáil ar Leno mar gheall ar an mbailiúchán de ghluaisteáin agus de ghluaisrothair atá aige - thart ar 200 san iomlán, agus roinnt acu 100 bliain d'aois, nó níos sine).

Ach an rud is mó ar fad faoin scéal seo, baineann sé leis an suíomh úd, thepiratebay.org, a bhfuil rannóg anois ann do rudaí ar a nglaonn siad "Physibles".

Cé nach bhfuil mórán ann díreach anois, an teoiric atá ann ná go mbeadh sé mar bhailiúcháin de dhearaí a ligfeadh don té a bhfuil clóire 3D aige nach mór rud ar bith a phriontáil. Spúnóg, bróg, páirt gluaisteáin - beidh siad sin agus tuilleadh ar fáil.

Agus cad a tharlaíonn nuair a bheifear in ann Nike Air Max a íoslódáil díreach mar a íoslódálann tú ceol anois?

Is beag duine atá ag labhairt air anois, ach bí cinnte go mbeidh glórtha ardaithe faoi amach anseo.

OÉ Gaillimh
NUI Galway

Iarrtar iarratais ar na poist seo a leanas:

Coláiste na hEolaíochta

- **Ollamh Bunaithe le Fisic Thurgnamhach, Fisic Chomhshaoil/ Atmaisféarach nó Réaltfhisic**
  Spriocdháta: Déardaoin, 19 Iúil 2012
- **Léachtóir (Os cionn/Faoi bhun an Bhaic) le Bithfhaisnéisíocht Staitistiúil**
  Spriocdháta: Déardaoin, 21 Meitheamh 2012
- **Léachtóir (Téarma Socraithe) le Fisic**
  Spriocdháta: Déardaoin, 7 Meitheamh 2012
- **Léachtóir (Téarma Socraithe) le Zó-eolaíocht**
  Spriocdháta: Déardaoin, 7 Meitheamh 2012

Coláiste an Ghnó, an Bheartais Phoiblí agus an Dlí

- **Léachtóir Sinsearach le Dlí (Dlí Idirnáisiúnta & Comparáideach Míchumais)**
  Spriocdháta: Déardaoin, 5 Iúil 2012
- **Léachtóir (Os cionn/Faoi bhun an Bhaic) le Dlí (Dlí Poiblí)**
  Spriocdháta: Déardaoin, 21 Meitheamh 2012
- **Léachtóir (Os cionn/Faoi bhun an Bhaic) le Dlí (Dlí Tráchtála)**
  Spriocdháta: Déardaoin, 21 Meitheamh 2012

Coláiste na hInnealtóireachta agus na hIonformaitice

- **Léachtóir (Os cionn an Bhaic) le Teicneolaíocht Faisnéise (2 phost)**
  Spriocdháta: Déardaoin, 21 Meitheamh 2012
- **Léachtóir (Os cionn/Faoi bhun an Bhaic) le hInnealtóireacht Chórais Fuinnimh**
  Spriocdháta: Déardaoin, 21 Meitheamh 2012
- **Oifigeach Sinsearach Teicniúil le hInnealtóireacht Bhithleighis (Páirtaimseartha, 0.5)**
  Spriocdháta: Déardaoin, 21 Meitheamh 2012
- **Múinteoir Ollscoile (Téarma Socraithe) le Teicneolaíocht Faisnéise**
  Spriocdháta: Déardaoin, 7 Meitheamh 2012

Coláiste an Leighis, an Altranais & na nEolaíochtaí Sláinte

- **Léachtóir (Téarma Socraithe, Leatham) le Staidéar Gastraistéigeach, Acadamh Leighis Leitir Ceanainn**
  Spriocdháta: Déardaoin, 31 Bealtaine 2012
- **Léachtóir (Téarma Socraithe, Leatham) le Cógaseolaíocht Chliniciúil & Teiripic**
  Spriocdháta: Déardaoin, 7 Meitheamh 2012

Sonraí/nós imeachta Iarratais:
Chun eolas breise a fháil agus chun iarratas a dhéanamh ar phost thuas téigh chuig www.publicjobs.ie

publicjobs.ie
An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
Public Appointments Service

Is fostóir comhionannas deiseanna í Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

www.nuigalway.ie

An Eoraip seo againne

Má ghlactar leis an gconradh seo, beidh feidhm bhunreachtúil lena n-amaidí chontúirteacha a scríobhann **Aindrias Ó Cathasaigh**

Tugadh cead do mhuintir na hEorpa vóta a chaitheamh ar Jedward ar a laghad, ach níl aon dochar sa mbeirt úd, ar ndóigh. Rud a bhfuil dochar ann, agus dochar mór, ligfear do 1% de mhuintir na hEorpa vótáil air an tseachtain seo, agus sin sin. Bhuel, sin sin an fhad is a thabharfas muid an freagra atá ag teastáil uathu...

Céard a bhain don chaint sin uilig ó na polaiteoirí i dtaobh feachtas dearfach a chur ar bun, buntáistí follasacha an chonartha a chur ar ár súile dúinn? D'imigh sin agus tháinig seo, bagairt agus bagairt eile go mbeidh an t-airgead inár bpócaí ar aon luach le boinn seacláide na siopaí milseán má bhíonn sé de dhánaíocht ionainn vótáil ina aghaidh.

Ní thiocfaidh an Eoraip i gcabhair orainn aríst má dhiúltaíonn muid dá gconradh, a deirtear. Ach ní orainne a tháinig siad i gcabhair, ar ghnáthmhuintir na hÉireann, ach ar lucht bannaí is bancanna ar fud na hEorpa.

Ní bheadh an poll mór i gciste an stáit seo marach gur bronnadh an oiread sin de ar a leithéidí. Agus más gá don Aontas a theacht i gcabhair ar a chairde athuair, déanfaidh siad é. B'fhéidir go dtabharfaidh siad an ABC nó an XYZ ar an gcrios tarrthála seachas an ESM, ach déanfaidh siad é.

I bhfad uainn a leithéid de chabhair! Ní ar mhaithe linne a ghlac an triúracht ceannas ar pholasaí eacnamaíochta na tíre, agus is iad atá teann faoina bpunt feola a éiliú i gcruth ciorruithe agus príobháidiú. Nuair a theipfeas ar an leigheas maide seo, ní tuilleadh de a bheas de dhíth, ach leigheas ceart. Tá ár ndóthain féin go fóill againn in Éirinn ach breith ar an misneach agus ar an airgead.

De réir a dtuarascálacha bliantúla féin, tá sócmhainní €136 billiún ag an AIB, agus €155 billiún ag Banc na hÉireann. Níl siad ag baint aon fheidhm astu ach ag neadú go socair orthu.

Dá ndéanfaí ceann amháin de na bancanna díomhaoine seo a dhúnadh agus na hacmhainní atá faoi ghlas ann a chur chun fóint, d'fhuasclófaí a lán airgid agus a lán fadhbanna.

Tá €71 milliún faoi thóin an IBRC, fiú – Anglo Irish agus Irish Nationwide mar a bhí. Obair mhaith a bheadh ann dá gcuirfí sáiteán trí chroí na vaimpíre seo atá ag sú ár gcuid fola thar éis bháis, agus banaltraí nó múinteoirí a fhostú leis an airgead.

Is í an amhantraíocht phríobháideach a rinne dreamanna mar seo a tharraing síos sa bpoll báite muid. Ba mhaith ab fhiú srian a chur léi sin, go deimhin. Nó b'fhéidir conradh a ghearrfadh dianphionós ar aon stát a ligeann don dífhostaíocht a ghabháil thar 5%, abair.



De réir a dtuarascálacha bliantúla féin, tá sócmhainní €136 billiún ag an AIB, agus €155 billiún ag Banc na hÉireann. Níl siad ag baint aon fheidhm astu ach ag neadú go socair orthu. Dá ndéanfaí ceann amháin de na bancanna díomhaoine seo a dhúnadh agus na hacmhainní atá faoi ghlas ann a chur chun fóint, d'fhuasclófaí a lán airgid agus a lán fadhbanna.

Ní shin é atá i gceist leis an gconradh seo, áfach, ach srian le caiteachas stáit. Ach ní róchaiteachas stáit ba chúis leis an ngéarchéim airgeadais ar chor ar bith, ar ndóigh.

Go deimhin, bhí caiteachas agus fiacha an stáit seo ag cloí le rialacha an Aontais go hiomlán gur ghabh sé bris na mbancanna air féin. Ní dhéanfadh srian le caiteachas stáit tada le tubaist eacnamaíochta mar seo a sheachaint aríst.

Ach dhéanfadh sé neart le géarú ar chruatan an phobail ar fud na hEorpa. Dá ndéarfadh an comhar creidmheasa leat nach bhféadfá a fháil ar iasacht ach 0.5% den mhéid atá agat cheana, ba ar éigean a cheannófá péire bróg leis.

Dá mbeadh seirbhísí poiblí taobh leis an gceacharthacht chéanna, ní bheadh i ndán dóibh ach a ghabháil i léig.

Ní hionadh, mar sin, go raibh lucht molta an chonartha ar a ndícheall le aird a bhogadh ón mbunfhoráil seo sa gconradh go dtí an bhagairt go gcuirfí ó dhoras an ESM muid.

Ba shin bagairt nach raibh sa gconradh ar dtús, agus is aisteach go leagfadh conradh síos rialacha do chóras nach ann dó fós (córas nach bhfaighidh aon phobal vóta air). D'aon ghnó a brúdh isteach í le scanradh a chur orainn.

Tá a fhios ag lucht ceannais na hEorpa nach bhfuil tír ar bith san Eoraip nach bhfuil an pobal in aghaidh an chreachadh atá dá dhéanamh ar a gcuid seirbhísí. Tuigeann siad go maith nach nglacfaí leis beag ná mór gan maide mór an léin a bheartú orainn.

Sin é an fáth a bhfuil siad ag féachaint le polasaí eacnamaíochta den eite dheis a dhéanamh éigeantach ar fud na mór-roinne, é a chur thar smacht daonlathach an phobail.

Má ghlactar leis an gconradh seo, beidh feidhm bhunreachtúil lena n-amaidí chontúirteach. Ba chuma cén rialtas a thoghfaí ná cén polasaí a bheadh aige, ní bheadh ar an gclár oibre ach ciorrú anuas ar chiorrú.

A athrach sin atá de dhíth, Eoraip dhaonlathach faoi láncheannas na cosmhuintire, an Eoraip seo againne seachas an Eoraip seo acusan. Cibé toradh a bheas ar reifreann na seachtaine seo, beidh cathanna eile romhainn leis sin a thabhairt i gcrích.

Fiú má éiríonn le maistíneacht na bpolaiteoirí agus go bhfaigheann siad cead muid a dhíol, ní gá go mbeidh siad in ann na hearraí a sheachadadh.

Scoláireachtaí €500

Áras Uí Thuama Gaeltacht UCC

Irish Language Residential Centre

An bhfuil tú ag smaoineamh ar fhreastal mar mhac léinn ar UCC an bhliain seo chugainn?

Thinking of going to UCC this year?

Ar mhaith leat árasán a roinnt le mic léinn eile le Gaeilge?

Would you like a Scholarship to live with other Irish Speaking Students?

Tuilleadh Eolais: Ionad na Gaeilge Labhartha
G02, Áras Uí Rathaille, UCC.
Tel 021 4902314 www.ucc.ie/igl
Dáta Deireanach: Dé hAoine 1 Meitheamh 2012

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 30 Bealtaine, 2012

Focail le Gaoth

Le Concubhar Ó Liatháin

Sasana Abú!

Ar feadh na mblianta fada bhí foireann sacair na hÉireann caillte san fhásach tráth an ama seo den bhliain nuair a thionóltar babhtaí ceannais na gcraobhacha móra idirnáisiúnta, Corn an Domhain aguss Corn na hEorpa.

Ach ansan tháinig Jack Charlton, Sasanach, agus threoraigh sé sinn go dtí an Talamh Beannaithe.

In 1988, chuaigh Joxer go Stuttgart agus chuir Ray Houghton an liathróid go cúl na heangaigh in ainneoin iarrachtaí fánacha Peter Shilton.

Chuaigh Éire go dtí babhtaí ceathrú ceannais Chorn an Domhain in 1990 - más cuimhin an samhradh sin- agus d'éirigh linn buachaint ar an Iodáil - Ray Houghton arís - i Stáit Aontaithe Mheiriceá in 1994.

Chaitheamar seal eile sa bhfásach ansan tar éis gur fhág Jack Charlton - ach ansan tháinig Mick McCarthy i réim, Sasanach eile cé gur de shliocht Éireannach é, agus shroicheamar na babhtaí ceannais arís.

Sa tSeapáin agus sa Chóiré a reáchtáladh an comórtas sin - agus cé go bhfuil páirtíocht na hÉireann faoi scáth de bharr an aighnis idir Roy Keane agus McCarthy, d'éirigh linn an dara dreas a shroisint agus níor buadh orainn ansan ach i gciceanna pionóis.

Deir mo dheartháir céile liom, Sasanach, , go raibh an deis againn Corn an Domhain a bhuachaint an uair sin ach gur thréig Roy Keane, Corcaíoch, an fhoireann.

Má chuirtear Éire amach as an chomórtas - an mbeidh tú féin ag tacú lenár gcomharsana Sasanacha?

Tá níos mó ná insint amháin ar scéal Keane - ach nuair a amharcaim siar, níl ráiteas mo ghaoil ar mire glan. Dá mba rud é go raibh buaite againn ar an Spáinn, bheadh an Chóiré Theas romhainn agus ní hé go raibh an Bhrasaíl ná an Fhrainc, buaiteoir agus tánaiste an chomórtais faoi sheach, dochloíte.

Anois táimid ag dul go Gdansk agus beimid in aghaidh fhoirne den chéad scoth, An Spáinn, curaidh na hEorpa agus an domhain, an Iodáil agus an Chróit. Má éiríonn linn a theacht tríd sin, gach seans go mbeimid ag tabhairt aghaidh ar Shasana.

Sa chás sin beidh mise ann le mo t-léine 'Éire Abú - ar fail ó Gaelshirt' agus cloisfear mé ag scairteadh ar son na hÉireann ó Charn Uí Néid go John o'Groats.

Níl sé as an cheist go n-éireodh linn dul chomh fada le hathimirt de chluiche stairiúil Stuttgart - má imrímid mar a d'imir Chelsea in aghaidh Barcelona agus Bayern Munich, beidh sé deacair sinn a chloí.

Ach más amhlaidh go mbeidh bata agus bóthar tugtha dúinn, cé a bheimíd ag tacú leo?

Cheapfá go mbeadh sé ríshoiléir

Sea, táim anois ag athrú mo phoirt. Má bhíonn Éire as an iomaíocht agus Sasana fágtha, táim chun tacú le Sasana an uair seo.

Sasanaigh a thug sinn as an bhfásach in 1988 agus arís in 2002. Imreoirí Sasanacha le seanmháithreacha Éireannacha a chinntigh gur imríomar go maith - leithéidí Andy Townsend mar shampla - agus faigheann formhór ár n-imreoirí taithí agus slí bheatha i bpríomhshraitheanna Shasana. Má tá ciall ar bith le rud ar bith, ba cheart gur ar son Shasana a bheimis ag béiceach.

Ach de bharr na staire achrannaí idir sinne agus ár gcomharsna, is amhlaidh go mbeimid, is dócha, ag scairteadh ar son aon fhoireann ach Sasana. Deirim 'sinne' go cúramach, mar is mó uair a rinne mé féin amhlaidh.

Is ceist spóirt é seo, áfach, agus táim ag cur na staire ar leataobh ar mhaithe le spórt.

Sea, táim anois ag athrú mo phoirt. Má bhíonn Éire as an iomaíocht agus Sasana fágtha, táim chun tacú le Sasana an uair seo.

Ní ceist 'aibíochta' é seo mar a bhíonn tráchtairí áirithe ag maíomh agus iad ag iarraidh náire a chur orainn mura dtacaímid lenár gcomharsana.

Nílim ag iarraidh ar éinne mo shampla a leanúint - tá fáilte rompu é a dhéanamh más maith leo gan amhras. Ní bhaineann 'aibíocht' leis an cheist mar ní féidir aibíocht a lua in abairt chiallmhar le cúrsaí lucht leanta sacair! Is páistí sinn a leanann an chluiche álainn.

Táim ag tacú ar feadh mo shaoil le foireann Shasanach, Manchain Aontaithe. Thaitin Manchain liom gur go raibh imreoirí Éireannacha ag imirt le na Diabhail Dhearga - ainm tabhairne clúiteach ar Bhóthar na bhFál i mBéal Feirste, dála an scéil. Thug Matt Busby agus Alex Ferguson go deimhin, seans d'imreoirí óga ón tír seo agus táim buíoch as sin.

Ar a shon sin, ar son Jack Charlton agus ar son Mick McCarthy, ar son na gclubanna a thug slí bheatha ón gcluiche a thaitin leo a imirt, scairtfidh mé Éire Abú agus, ina dhiaidh sin, má buaitear ar Éirinn, Sasana Abú!

SÚIL SIAR na Seachtaine

Tuairisc Mhic Amhlaigh ar an nGalar Dubhach

Donncha Ó hÉallaithe

Dhá scór bliain ó shin, ina cholún rialta seachtainiúil san Irish Times, bhí Dónall Mac Amhlaigh (1926-89), ag trácht ar bhabhta den galar dubhach a bhuail é.

Bhain Mac Amhlaigh cáil amach mar gheall ar an leabhar 'Dialann Deoraí' (1960) ina ndéantar cur síos gan sárú ar shaol na nÉireannach a chuaigh ag obair i Sasana le linn na gcaogaidí, do conraitheoirí tógála ar nós Mc Alpine, Murphy, Wimpy agus Lang. Bhí Mac Amhlaigh ina measc, ag obair leis an tsluasaid sa lá ach leis an bpeann san oíche ag coinneáil colún rialta le go leor irisí agus tréimhseacháin.

Thugas suntas don alt seo leis, mar gheall ar an gcur síos cruinn pearsanta atá tugaithe aige ar an mbealach ar féidir leis an galar dubhach an duine a leagan.

Irish Times, 30 Bealtaine, 1972

Leigheas ar an nDólás

"[....] Gruaim mharfach nár léir dom a údar, chuaigh sé i gcion idir anam is corp orm sa chaoi agus go measaim nach ndéanfainn clamhsán ar bith dá gcuirfeadh m'aingeal cuideachta cogar i gcluas liom ag innseacht dom go raibh mo sheal saolta suas. Is minic cheana a bhuail taom den chineál céanna mé ach b'annamh a mhair sé thar dhá lá, ní áirím coicís. Dá mbeadh barúil ar bith agam ceard ba bhun leis seans nach n'aireoinn chomh dona .....

Thosaigh mé ag áireamh mo chuid buntáistí le fonn a chur in iúl dom féin nach raibh údar dóláis ar bith agam: sláinte réasúnta maith a bheith agam, gan tubaist ná mí-ádh mór ar bith a bheith ag drannadh liom, gan mé a bheith in mo chónaí i mBéal Féirsde, agus chuile dhea-rud eile dá bhféadfainn é áiteamh. Ach ba shaothar in aisce dom é, níor bhog gruaim greim ná ní rabhas ag fáil leide ar bith ar cheard ba chiontsiocair leis. Bhí coicís saor ón obair agam gan páí san áit ar theastaigh uaim píosa scríobhnóireachta a chríochnú agus in ainneoin gur saothar greannmhar tá ceaptha a bheith ann bhí mé chomh duairc sin os a chion agus go gceapfá gurbh é mo fhógra báis féin a bhí á bhreacadh agam. Ní hamháin é sin ach b'facthas dom nárbh fiú a bheith in éadan na hoibre sin ná in éadan rud ar bith eile ach chomh beag. Bhí an saol uile ar maos san leimheas tur domlasta ar dhoi agus go bhfáilteoinn roimh pian ar bith mar mhalairt ar an chian cráite seo, agus dá mbeadh piollai de chineál ar bith faoi láimh agam is mé a shlogfadh go fonnmhar iad. Faoi dheireadh thiar mhíníos mo chás do chara liom, fear atá cuid mhaith níos sine ná mé féin. " Sé do thráth saoil é", ar seisean, "ag dul 'un donacht a bhéas tú feasta. Níl sólás ar bith ann ó bhaileoidh tú an dá scór. Ag dul le fána a bhéas tú feasta, a mhac."

Bhoil, ní chall dom a rá libh nár chuidigh sé sin liom, ach buíochas le Dia d'ardaigh an dubhnéal díom de réir a chéile ina dhiaidh sin agus tá mé ag filleadh orm féin anois. Mar sin féin bhí údar mhacnaimh agam. "*Most people lead lives of quiet desperation*," adúirt údar cáiliúil éigin agus más fíor sin ní hionadh ar bith go n-iontóidís ar dhrugannaí, ar an ól nó ar rud ar bith eile a thabharfadh faoiseamh áirithe dóibh ón staid truaimhéalach sin. Is ait liom féin gurbh iad na daoine óga is mó a ghabhann le drugaí agus nach é lucht na meánaoise area ceapaim gur chóir go mbeadh an saol seo, dá dhonacht é, chomh taithneamhach don daoine (sic) óg agus nach mbeadh aon chall dó ná di le ciceanna tacair ar bith.[....]'

Eagarfhocal

Gaelscéal
An Chuasnóg, Baile Ard
An Spidéal,
Co. na Gaillimhe

Vótáil!

AMÁRACH, beidh reifreann ar siúil ar cibé acu ar chóir d'Éirinn an Conradh ar Chobhsaíocht, ar Chomhardú agus ar Rialachas san Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta a dhaingniú.

Iarrfar ort vótáil 'Tá' nó 'Níl', maidir le fo-alt nua a chur isteach in Airteagal 29.4 de Bhunreacht na hÉireann a bhaineann leis an gConradh seo.

Má vótálann an tromlach 'Tá', cuirfear an fo-alt nua isteach in Airteagal 29.4 den Bhunreacht agus uime sin, beidh an conradh daingnithe.

Má vótálann an tromlach 'Níl', ní athrófar Bunreacht na hÉireann agus mar sin de, ní bheidh an Conradh daingnithe ag muintir na hÉireann.

Bhí sé admhaithe ag Richard Bruton, 'má chailleann' an rialtas an vóta, go mbeadh orainn 'vótáil' arís go dtí go mbeidh muid sásta 'vótáil' ar bhealach a thaitníonn le cumhachtaí airgeadais na tíre.

Tá sé sin séanta ag an rialtas anois agus tá sé a mhaíomh acu anois go mbeadh siad sásta glacadh le toil na ndaoine cibé bealach a rachfas an vóta.

Luíonn sé le ciall go mbeadh daoine go mór in amhras faoin séanadh sin agus is féidir a bheith cuibheasach cinnte go mbeidh orainn vótáil ar an cheist arís sa bhfómhair má bhíonn an lá ag an lucht 'Níl',

rud a dhéanfadh a bheag den daonlathas, ach tá muid breá cleachtaithe leis sin faoin am seo, tar éis gur imir Fianna Fáil / Na Glasaigh an cluiche céanna roimhe seo.

Tá sé de dhualgas ar dhaoine a bhfuil sé de phribhléid acu maireachtáil i dTír Dhaonlathach, más lochtach an daonlathas céanna, páirt a ghlacadh ann.

Ciallaíonn sé sin gur cheart duit tú féin a chur ar an eolas agus gur cheart duit vóta a chaitheamh ar ábhar chomh tábhachtach leis seo. Sin an fhreagracht a théann leis an phribhléid daonlathais.

Mura nglacfar leis an bhfreagracht sin, ní mhairfidh an phribhléid i bhfad.

Tá sé tábhachtach, go vótáiltear, cibé dóigh a vótáiltear agus gur vóta 'oilte', bunaithe ar an ábhar atá i gceist a bheidh ann. Ní féidir 'neamhshuim' a chur sna cúrsaí seo, baineann siad le bhur dtodhchaí agus le todhchaí na nglúnta atá le teacht.

Comórtas Peile na Gaeltachta

BEIDH comórtas Peile na Gaeltachta ar siúl i nGaoth Dobhair an deireadh seachtaine seo.

Beidh foirne agus lucht tacaíochta ann as na Gaeltachtaí chomh maith le foirne de Ghaeilgeoirí Bhéal Feirste agus Bhaile Átha Cliath. Guíonn muid gach rath ar gach duine atá páirteach ann.

Tá muid ag súil go mór le caighdeán ard peile ar an bpáirc, ar ndóigh, ach ná déanaimis dearmad gurb í an Ghaeilge an rud is tábhachtaí ann.

Táthar ag súil go mbeidh lámh in uachtar ag an nGaeilge ar an bpáirc agus as an bpáirc, mar i ndeireadh na dála, mura mbeidh, ní fiú Comórtas Peile na Gaeltachta a bheith ann ar chor ar bith.

LITREACHA chuig an Eagarthóir

Cuirtear litreacha chuig **litreacha@gaelsceal.ie**.
Iarrtar oraibh a bheith chomh gonta agus is féidir.

Cad is ciall le hainrialachas? - agus eile!

A Chara,
An litir dheireanach a sheolas chugat mar le 'ainrialaithe' na hagóide ilphobail tírfhairsing a bhí ar siúl le linn chomhdháil Neo-Pháirtí an 'Lucht Oibre' ar champas OÉ, Gaillimh, le déanaí sheolas ar aghaidh í chomh maith go dtí dhá nuachtán Béarla seachtainiúil sa Ghaillimh, insa teanga a scríobhadh í ach a gcuireadh chugatsa í, i dtaobh don litir a spreag í, a d'fhoilsigh an dá pháipéar roimhluaite an tseachtain roimis sin, a bheith scríte insa Bhéarla Ibeirneach age'n a húdar einea-Ghaelach. Dar ndóigh, níor bhacadar lena foilsiú.

Ba thábhachtaí leo cúpla litir a fhoilsiú fé chúrsaí timpeallán atá dá leagadh ar imeall thoir na cathrach ar mhaithe leis na boicíní a bheidh a' leanúint an Volvo Ocean Race, is a' 'ceiliúradh' ar mhaithe le Diageo. Deirimse, 'Gaillimh le Gaeilge' leat! 'Gaillimh le Gaillge is le Priompalláin' is cirte a rá feasta, is baolach!

Dar ndóigh, ní haon scéal nua é sin. Ach sara bhfágfam é ba mhaith liom a lua gur focal 'ainrialaí' a chiallaíonn, 'déanamh gan rialóir/í.' Seicteachas na heilíte rialaithe is bun leis an gcoinitéis trodach a samhlaítear inniu leis a' bhfocal san. Na castaíocha céille a chuireann focail díobh fan a ré trís a' saol, is minic gurb iadsan dá ngéillimid máistreacht is bun leo, á niompó chun a dtola féin, ar mhaithe leo féin agus leis an gcoismhuintir a choimeád síos. I bhfocail eile, tuigid comhacht an fhocail. Agus comhacht athá uathu! Mar ná fuil inár 'rialóiríne' inniu ach 'yes-(wo[e])men' nó seoiníní creidim go láidir gur cheart iad a chur amach as an nDáil, an áit a dhúnadh ar fad, na tuarastail mhóra a bhaint d'fhir boilg is de mhná na gcaróg fionnaidh ár linne, is na boilg mhóra a bhaint díobh trí iad a chur ar a' bpiocóid is ar a' sluasaid a' taighdeadh na bpoll caca nua so atá a' cur oiread san tinneas boilg orthu. Ligfinn dos na státsheirbhísigh - an rialtas buan - a bheith ag ainrialú leo fé impiriúlachas Bheirlín is na Bruiséile. Après an mholta san tá áthas orm a rá agam gur ainrialaí (.i. 'duine a chuireann tiarnas is an tiarnúlacht is dual de dá mbonnaibh') mé feasta.

An chúis dom an moladh thuas a chur os comhair léitheoirí Gaelscéal age'n bpointe seo ná an seicheamh de tharlachtaintí seo leanas: a) Droichead Átha Luain - Enda Kenny in Áth Luain a bhuail le fear as obair is é ar fheachtas seoiníneachais ar mhaithe leis na comhachtaí móra, a chomhairligh d'ár dtóiseach cúlú siar thar leis an ndroichead cáiliúil a chosain Custume is a chuid fear in aghaidh na meirleach. Áth Luaineach é a thug a sheal ar imirce neamhdheonach é féin, a chlann gafa an cuan amach chomh neamhthoilteanach céanna, ach sé dúirt ár seoinín leis ná go n-oirfeadh lá oibre dhó! 'Ó Cionnaith' an Ghaelainn ar Kenny. Úsáidtear Cionnaith mar chéadainm leis, mar atá Ken i mBéarla. An call a thuilleadh a rá fén dtreo ina bhfuilim a' dul anso? (Leid: Barbie - agus ní Klaus na sloinne sin atá i gceist agam. Mar le Enda/Éanna de, is cosúil gur 'éanchosúil' is ciall leis.) b) Cad é an ceangal idir cáis feta agus an Luimníoch mustar(d)ach san Noonan? Focal Iodáilise feta a chiallaíonn 'slisne,' gan an cháis déanta as bhainne gabhair nó caorach curtha san áireamh. Focal iasachta é sa Nua-Ghréigis. Nuair a deir na Gréagaigh 'τυρι φετα' (turi feta) slisne cáise a bhíonn i gceist acu. Ar ndóigh is mó de chaoire is de ghabhair ná de bha acu i dtaobh na haeráide agus neamhoiriúnacht na talún chún ba déiríochta. Is minic a shamhlaíonn fáslaigh Mhachaire Mhéith na Mumhan bochtanas is dealús le tógaint chaorach ar thailte arda is iartharacha fiú ina dtír fhéin, agus is ísle ná san fós ar dhréimire chliarlaithis a gcuid móiréiseachta is sotail an gabhar bocht. A chontrárthacht ar fad ar ndóigh an scéal sa Ghréig, óir caitheann gach fine fuinneadh de réir pé méid mine a dháileann an saol orthu. Mar sin, ach a luaigh ár bhfear boilg déircínteachta-na cáis feta, i gcomhthéacs a bhí thar a bheith maslaitheach don nGréig uile, b'é dála 'aire' a' fonóid fén 'ngabhar-a(o)ire' aige é. Is measa ná san an scéal nuair gur a' labhairt ar ár son-na a bhí an dúramán. Ba chóir go mbeadh fhios aige cad as a thagann a chuid aráin, óir siad na Gréagaigh a dh'fhág le hoidhreacht an daonlathas aige, córas atá a' cothabháil na gcaipitlíoch casaíne dá seasann an Nuanánach meigealeamáineach, is baolach. c) Tabharfad Briatharchath Shatter is Mhing ar a' dtarlú so. Tá's age'n saol Fódlach fén mbriatharchath idir Shatter (aire atá sloinnte ó fhocal go meastar gaol a bheith aige le 'scatter' - nach oiriúnach!) agus Ming (ciall tháinisteach a dh'iompraíonn an focal san, le 'm' beag is ea: árais tí cré phoircealláin a deineadh le linn réimeas ríshliochta Mhing insa tSín, 1368-1644, ar a mbíodh ildathanna taibhseacha péinteálta, agus ag a mbíodh corp d'ard-cháilíocht is thathag - ár Ming-na ina chrutaon!). T'réis do Mhing díriú ar a' gceann cipín (.i. 'scatterbrain') Duibhlinneach, frith-Iartharach, Páil-thiomanta, i dtaobh suas le cheithre mhíle déag euro a cheadú cheana fhéin i mbliana ar héileacaptair airm a chur ag eitilt de dhroim phortaithe, féachaint cé hiad na sleánadóirí reibiliúnacha a bhí a' baint mhóna 'go neamhdhleathach,' chaill Shatter an ceann mar gheall ar a' gcomparáid a dhein an Flannagánach (< 'flann' .i. 'fuildhearg,' tugtar fé ndeara!) idir na hainrialaithe atá a' rith na tíre seo is a gcuid polasaithe frithdhaonna, agus na Naitsígh a tháinig chun cinn fé Herr Hitler (meafar do Frau Merkel?). 'Buaf aineolach' a thug Shatter ar ár Ros Comáineach-na le fuath, (le faitíos?!). 'A' bhfuil éinní eile le caitheamh agat liom, a mheatacháin?' arsa Ming leis an ndailtín sotalach mar bhuille scoir.

Tá sé ráite agam cheana is déarfad arís é; canathaobh ná machnaíonn polaiteoirí sula labhraid trína dtóin? An eol do Shatter go raibh Ignoramus mar ainm ar dhlíodóir neamhliteartha i ndráma Béarla, dar chum Sasanach darb ainm G. Ruggle, fear bocht nach móide go bhfaighir mórán amach ina thaobh ar Ghoogle? Is maith is eol dúinne, cuid mhór de na 'yes-(wo[e])men' seo atá a' moladh vótáil ar son reachta na mioscaise/fiscise, gur dlíodóirí gan léann iad amhail Ignoramus bocht, ach gur phearsa nár áitreabhaigh ach fearann an fhicsin eisean, gur daoine go bhfuil de mhí-rath orainn go mairid sa réaltacht iadsúd, is na trí bhuafa thuasluaite maraon leo.

Mise le meas,
Pádraig Ó Cíobháin
Bóthar na Ceapaí, Bearna

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 30 Bealtaine, 2012

Ceart agus mícheart ag an am céanna

An nasc is laige? Uachtarán Shinn Féin, Gerry Adams, ag Ard-Fheis Shinn Féin san INEC, Cill Áirne, ag an deireadh seachtaine
[PIC : LAURA HUTTON/PHOTOCALL IRELAND]

Páidí Ó Lionáird

Tá mearbhall orm. Amárach tabharfaidh mé aghaidh ar an mbothán vótála le mo bhreithiúnas a chaitheamh ar chirte an Chonartha Fioscaigh. Cheapas go raibh mo chinneadh slán agus go raibh m'intinn déanta suas agam ar conas a vótálfainn.

Anois, nílim chomh cinnte sin.

Tá an oiread sin ag tarlú ar fud na hEorpa go bhfeicim anois nach bhfuil an cheist chomh dubh agus bán agus a mheasas roinnt seachtainí ó shin. Nílim liom féin is léir, áfach.

De réir na dtrí phobalbhreith a foilsíodh ag an deireadh seachtaine, tá idir 28% agus 35% den toghlach idir dhá stól agus a n'intinn fós le réiteach acu ar conas a fhreagróidh siad an cheist amárach.

Agus táthar den tuairim go bhféadfadh an toradh a bheith fíor-ghar go deo óir nach iomaí toghchán agus reifreann atá feicthe againn ag athrú sruth sna laethanta deiridh den fheachtas?

Ag deireadh an lae, braitheann sé ar cé acu de cheannairí polaitíochta na tíre a chreideann tú.

Tá an Taoiseach Enda Kenny, an Tánaiste Éamon Gilmore agus ceannaire Fhianna Fáil, Micheál Martin, sa tóir ar vóta i bhfábhar an Chonartha a fha d is go bhfuil Gerry Adams Shinn Féin, Joe Higgins ón bpáirtí Sóisialach agus scata TD ó Chomhaontas na Clé Aontaithe ar fad ag lorg vóta ina aghaidh.

Seo an chéad triail mór Eorpach don Taoiseach, Enda Kenny. Tá ceannairí na mballstát eile san AE ag coimeád súil ghéar ar conas a n-éireoidh leis sa dúshlán seo.

Is léir go bhfuil buairt ar an Taoiseach faoin toradh, fiú má d'éirigh leis éalú ó dhíospóireacht bheo a dhéanamh ar an gceist - thug sé óráid dúinn ar an teilifís tráthnóna Dé Domhnaigh.

Ar ndoigh, tá bréagadóireacht á chur i leith dá thaobh na ceiste seo. Dúradh gur mar fhreagra ar theachtaireacht dhiúltach Gerry Adams a labhair amach ina óráid Ard Fheis, gur chinn an Taoiseach amhlaidh a dhéanamh le dul i ngleic leis. Bhíos ag éisteacht leo beirt. Lena cheart a thabhairt do Gerry Adams, tá a pháirtí imithe i bhfeidhm ar an bpobal ar an gceist seo.

Cheapas go raibh mo chinneadh slán agus go raibh m'intinn déanta suas agam ar conas a vótálfainn. Anois, nílim chomh cinnte sin.

Tá urlabhraithe fíorchumasacha forbartha ag Sinn Féin, mar atá Mary-Lou McDonald, Piaras Ó Dochartaigh agus Peadar Tóibín ach tá fadhb creidiúnachta aige Adams féin.

Cibé rud atá ráite ag taobh amháin, tá sé bréagnaithe ag an taobh eile mar a bheithfeá ag súil leis.

Thosaigh feachtas Shinn Féin go dona nuair a dhein eacnamaithe éagsúla gearán gur bhain an páirtí míúsáid as cuid dá raibh ráite acu ina gcuid forógraí feachtais.

Ach ó thosaigh an feachtas an mhí seo chaite, tá cúpla cor eile buailte ó shin. Le titim Nicholas Sarkozy sa Fhrainc, tháinig malairt tuairimí faoin gconradh.

Bhí Francois Hollande ag maíomh go mbeadh geallúintí á lorg aige siúd ón AE go gcuirfí beartas spreagtha i bhfeidhm don eacnamaíocht ag an am céanna leis an gconradh fioscach.

Go tobainn, d'athraigh an feachtas. Ó shin i leith, is deacra i bhfad atá sé don Taoiseach agus don taobh atá i bhfábhar an chonartha an teachtaireacht sin a 'dhíol' leis an bpobal.

Thosaigh polaiteoirí agus tráchtairí, a bhí go dtí seo ciúin ar an bhfeachtas, ag caint faoina mbuairt agus faoina nagúis. Is é Shane Ross duine is déanaí acu sin. Molann seisean go gcuirfí an reifreann ar athló go dtí go bhfeicfimis cén beartas spreagtha a fhógrófar.

Buille mór don Taoiseach agus don bhfeachtas 'Tá' é sin. An bhfuil sé chomh simplí lena bhfuil á rá ag Gerry Adams?

An féidir a rá gur conradh déine atá ann agus gurb shin sin?

An fíor dó nuair a deir sé go mbeidh teacht againn ar fhoinsí airgeadais eile má dhiúltaimid don gConradh? Go dtiocfaidh an EFSF i gcabhair orainn más gá, cuma cad a tharlaíonn?

Nó an dtugann trí phointe an Taoisigh freagra sásúil ar na líomhaintí sin?

1. Vótáil 'Tá' d'infheistíocht dhíreach ón iasacht (FDI).

2. Vótáil 'Tá' do rochtain ar phota óir an ESM.

3. Vótáil 'Tá' do dhea-chleachtais cuntasaíochta tís.

Is cuimhin liom comhrá a bhí agam leis an Dr. Seán Ó Riain, taidhleoir Éireannach atá gafa le saothar Gaeilge na seirbhíse idirlín atá ag an Aontas Eorpach sa Bhruiséal.

Creideann Seán go mór sa togra Eorpach - ár agus cogaíocht sa mhór-roinn an rogha eile a bheadh ann, dar leis, agus tacaíonn na leabhair staire leis.

An bhfuil Angela Merkel ár mbagairt?

Fiú go hindíreach? Ar éigin é, ach is cinnte go bhfuil sí ag léiriú cumhachta de shórt eile - lámh láidir na heacnamaíochta. Ait mar sin fhéin go gcuirfí cinneadh na Gearmáine faoin gconradh seo siar go ceann tamaill a fhad is atáthar ag faire go géar orainne anseo?

Ar deireadh, ar cuma conas a vótálfaimid nuair nach gá ach do dhosaen ballstát an conradh a dhaingniú?

Tá an-chuid ceisteanna curtha agam sa cholún seo -gan aon fhreagra deimhneach faighte ar aon cheann acu.

Tá an pobal buartha - an íocfar a dtuarastail isteach ina gcuntais mura vótáilfidh siad ina fhabhar? Nó an dtachtfaidh an conradh seo cibé blúire fiontraíochta atá fágtha ionainn?

Go dtí go bhfreagraítear na ceisteanna seo, leanfaidh mo mhearbhall.

Obair Rúnda - Cé atá ag rith

Conall Ó Móráin

Níl aon bhunús leis an alt seo. Ní féidir go mbeadh mar níl aon fhíricí is féidir liom a chur leis. Sin de bharr gur faoi ábhair rúnda atá mé ag scríobh agus ar ndóigh má tá rud rúnda ní cóir go mbeadh aon eolas againn faoi - nó ní bheadh sé rúnda!

Na blianta fada ó shin, tríocha bliain ó shin ar a laghad, bhí mé mór le cailín arbh fhear mór i gcúrsaí gnó na tíre ab ea a hathair.

Dúirt sí liom gur 'Catenian' ab ea a hathar.

Níor thuig mé focal, focal nach raibh cloiste riamh cheana agam.

Mhínigh sí dom, mar is dóigh gur mhínigh a tuismitheoirí di féin, gur comhluadar d'fhir gnó Caitliceach a bhí san eagras.

Sin in ainneoin go ndeir rialacha na hEaglaise Caitlicí nach bhfuil cead ag a mbaill a bheith páirteach i mbuíonta rúnda. Ait sin.

Mar a deir mé, b'shin na blianta fada ó shin agus cheap mé, cosúil le an-chuid rudaí eile, go mbeadh a leithéid d'eagras éagtha gan rian.

Ach, nuair a bhí mé ag smaoineamh ar bhuíon rúnda smaoinigh mé ar na 'Catenians' agus níor thóg sé dhá shoicind orm a theacht orthu ar Google, agus deimhniú (nach raibh mé ag súil leis) go bhfuil siad 'fós i mbun gnó'.

Is féidir le fir (fir amháin, spéisiúil) freastal ar chruinnithe i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh agus tá fobhrainsí acu i gCill Chainnigh agus i mBéal Feirste.

Agus seo mise ag ceapadh go raibh siad imithe uainn na blianta ó shin.

Ach an bhfaca duine tásc nó tuairisc faoi 'Catenians' roimhe seo? Cén fáth go bhfuil a leithéid ann?

Anois is cuma liomsa cén reiligiúin atá nó nach bhfuil ag aon duine ach cén fáth go dteastódh ó dhuine tacaíocht gnó a lorg ó dhuine eile, de bharr a reiligiúin?

Glacann daoine ballraíocht sa chumann gailf ag lorg buntáistí ceangail gnó go minic ach tá liostaí de bhaill na gcumainn sin oscailte agus is féidir le cách a theacht orthu cuíosach simplí.

Ní gá dúinn a bheith róbhuartha mar sin faoi dhlíodóirí, cuntasóirí agus a leithéid a bheith ag casadh le chéile agus ag cur a gcliaint in aithne dá chéile má sin a theastaíonn uathu a dhéanamh.

I ndáiríre, dóibh siúd go bhfuil cur amach acu ar chumainn ghailf, go minic is féidir gnó a chailliúint trí bhallraíocht mar go mbíonn an oiread sin de chogadh cathartha i measc na ballraíochta.

Tagaim ar ais arís go dtí an easpa fíricí mar nach féidir liom an méid seo a leanas a chruthú ach b'fhéidir fiche bliain ó shin, dúradh, b'fhéidir nach raibh sé riachtanach ach go mbeadh sé cabhrach, a bheith i do bhall d'eagras Opus Dei chun go mbeadh rath gairme ar dhuine a bheadh ag obair i mBanc Aontais Éireann, i gColáiste na hOllscoile Baile Átha Cliath, nó á mbeadh tú ag dochtúireacht i gceann de na hospidéil mhóra a bhí, agus a leanann, faoi stiúir na hEaglaise Caitlicí.

Arís seo í an deacracht.

Ní féidir é seo a chruthú, ach bhí na ráflaí thart ar seo i gcónaí an láidir. An fáth go mbeadh daoine ina mbaill de Opus Dei ná chun 'obair Dé' a

Nach iontach Christine Lagarde a bheith chomh corraithe sin faoi na Gréagaigh bochta?

Eoghan Ó Néill

Ag cóisirí dinnéir in Monacó, sa Ghinéiv , agus ar oileáin Cayman beidh siad ag ól sláinte Christine Lagarde go gceann míonna fada. Nó seachas aird a tharraingt ar an aicme líonmhar sin d'Eorpaigh saibhre a sheachnaíonn íocaíochtaí cánach, tá ceannaire an IMF i ndiaidh na Gréagaigh a lochtadh as geilleagar na hEorpa agus na cruinne a fhágáil ar bhruach na haille.

Bhí an Bhean Uasal Lagarde chomh feargach sin faoi lucht seachanta cánach na Gréige gur gheall sí 'Payback' dóibh in agallamh a thug sí do nuachtan Guardian Shasana.

'Grá crua' a thug tráchtairí áirithe ar a caint agus mhol siad í as a bheith misniúil go leor chun an fhírinne shearbh a rá os ard. Ach nach iontach Christine Lagarde a bheith chomh corraithe sin faoi na Gréagaigh bochta.

Bheinn féin ar an gcead duine a déarfadh gur gá do na Gréagaigh an cur chuige eacnamúil a bhíodh i réim acu a athrú agus a bhisiú. Dála an scéil, tá sin déanta as cuimse acu le blianta beaga anuas. Ach dá mbeinn ag iarraidh dream a lochtadh as an ngéarchor creidmheasa domhanda ná as cliseadh an Euro bheadh na Gréagaigh i bhfad i bhfad siar ar mo liosta ciontóirí.

Is miongheilleagar san Aontas Eorpach é geilleagar na Gréige, atá, ar bhonn domhanda, freagrach as 0.5% den Olltáirgeacht Domhanda.

Agus is mionlach de phobal na Gréige nach n-íocann cáin.

Mar sin, níorbh í an Ghréig, dá lochtaigh cuid dá raibh ar siúil ansin, a bhí freagrach as géarchéim na hEorpa ná na cruinne. Ach tuigeann Madame Lagarde sin. Níl sise buartha faoin Ghréig. Níl sa Ghréig agus a fadhbanna ach áiméar ag Christine Lagarde chun an stair a athscríobh.

Nó is í an fhírinne an rud deireannach a ba mhaith le Christine Lagarde a chlos, ná a comhghleacaithe ná a cliaint. An fhírinne atá ann ná gur chlis ar an gcaipitleachas.

Agus ó 2008 ar aghaidh táimid ag feiceáil go raibh na maithe móra gnó agus polaitiúla agus cuntasaíochta agus baincéireachta, go raibh na rialtóirí airgeadais agus na heacnamaithe, na tráchtairí gnó agus an aicme rialaithe inár dtír féin agus i dtíortha ar fud na cruinne, go raibh siad tiubh.

Chomh dúr le slis. Bomáin den chéad ghrád. Cinnte le Dia go raibh na mílte, murab é na milliúin de chéimeanna ollscoile agus d'ardchéimeanna agus de chéimeanna dochtúireachta agus eile acu. Ach cé go raibh fiche leid ann níor thuar oiread agus duine amháin acu go raibh an tóin ar tí titim as an gheilleagar domhanda in 2008. Agus 4 bliana níos moille níl duine ar bith acu in ann réiteach éifeachtach a aimsiú ar an tubaiste a chruthaigh siad féin. An raibh riamh aon aicme rialaithe ar stair an chine daonna chomh bómánta mí-éifeachtach leo?

Christine Lagarde, Príomhfheidhmeannach an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (IMF)

Agus cad é aisfhreagra Christine Lagarde ar an easpa tallainne sin?

Cuireann sí an locht ar na Gréagaigh!

Ní ar na bancanna, ná ar na cuntasóirí, ná ar na polaiteoirí. ná ar na hiasachtóirí fophríomha ná ar na meithleacha smaointeoireachta mórluachacha. Ní luann sí na popréaltaí ná na fir ghnó a fhostaíonn cuntasóirí chun nach n-íocfaidh siad ardráta cánach. Agus ní bhfaigheann sí aon locht ar an IMF féin a raibh an méid seo le rá acu faoin nGréig in 2008, "The Greek economy has been buoyant for several years and growth is expected to remain robust for some time. The Greek banking sector appears to be sound ... the availability of financing for the external deficit is not a concern.'

Ní hé go raibh aon locht ar an IMF.

B'iad na diabhail Gréagaigh a bhí freagrach!

Tá Christine agus an IMF ag athscríobh na staire. Mar ní suim leo an fhírinne. Faoi mar a dúirt Joseph Stiglitz, buaiteoir ar an Duais Nobel agus fear a d'oibrigh as lámh a chéile leis an IMF ar feadh na mblianta sular tháinig ciall dó, "When the IMF arrives in a country, they are interested in only one thing. How do we make sure the banks and financial institutions are paid."

I gcás na Gréige, agus i gcás na hÉireann chomh maith, is é sin go díreach an rud atá ar bun acu. Níl siad ag bronnadh aon airgead orainne. Tá siad ag ligean iasachtaí ar ardráta úis linn agus éileoidh siad ní amháin gach cent ar ais, ach éileoidh siad go gcuirfí polasaithe eacnamaíochta i gcrích in Éirinn atá fabhrach don IMF agus dá gcliaint.

Tá an IMF agus an tAontas ag ligean iasachtaí do ghnáthdhaoine sna 26 Chontae chun go nglanfaidh na gnáthdhaoine sin fiacha nach mbaineann leo.

Dé Luain, d'íoc tú - má tá cónaí ort sna 26 Chontae - €2.25 billiún leis na sealbhóirí bannaí. Dé Céadaoin, €8m. Dé Sathairn íocfaidh tú €5 milliún, agus Dé Luain seo chugainn, €57m.

Agus go gceann na mblianta fada leanfaidh tú ag íoc fortún le daoine mífhreagracha sa Ríocht Aontaithe, sa Ghearmáin agus sa bhFrainc, a rinne cearrbhachas ar Anglo-Irish, AIB, srl. agus a chaill!

Ach ná cuir an locht orthu.

Is iad na Gréagaigh míbhuíocha sin údar gach oilc.

na tíre seo?

dhéanamh, ach is obair 'an Dea-Chaitlicigh' atá i gceist acu.

Seo a chuireann buairt ar dhaoine, ná go bhfuil Caitlicigh caomhacha ag iarraidh go mbeadh tionchar 'Caitliceach' acu, is léir, ar pholasaithe agus ar chúrsaí an Stáit. Murab ea, cén bhuntáiste atá sa bhallraíocht dóibh.

Is féidir leat do chuid paidreacha a rá in aice do leaba gan ballraíocht a ghlacadh in eagras ina bhfuil cleachtais, a deirtear, (tá sé rúnda cuimhnigh) féin lascadh (deirtear go meabhraíonn sé duit gan a bheith ag déanamh peacaí!) ina measc.

Chuala mé an rud céanna faoi bhallraíocht in Opus Dei sna hochtóidí maidir le RTE agus Aer Lingus (a bhí go hiomlán faoi úinéireacht an Stáit ag an am).

Dúradh go raibh an t-ardbhainistíocht mór le hOpus Dei sa dá eagraíocht sin.

Níl Opus Dei go hiomlán chomh hait leis na 'Catenians' mar go ligean siad do mhná a bheith ina mbaill cé, mar a thuigim é, nach bhfuil cead acu a bheith i gceannas ar an eagras.

Arís, cé go gceapfá go mbeadh a leithéid d'eagras cosúil le hOpus Dei imithe as faisean, tá an chuma air go bhfuil níos mó tionchair acu anois ná mar a bhí le blianta de bharr go bhfuil 'cara sa chúirt' acu leis an bPápa, a deirtear atá fabhrach ina dtaobh.

Tá seacht gcéad ball in Éirinn is léir agus caithfear an cheist a chur arís, cén fáth go mbeadh an líon sin acu ann? Cad atá mar sprioc acu?

Is ceist bhunúsach an cheist seo faoinár ndaonlathas. Mura bhfuil daoine sásta a bheith iomlán oscailte faoin gcreideamh atá acu, ní féidir

Seo a chuireann buairt ar dhaoine, ná go bhfuil Caitlicigh caomhacha ag iarraidh go mbeadh tionchar 'Caitliceach' acu, is léir, ar pholasaithe agus ar chúrsaí an Stáit.

linne a bheith cinnte faoin inspreagadh intreach atá acu. Is namhaid don daonlathas an rúndacht.

Agus ar ndóigh, ní buíon bheag Caitliceach amháin a bhíonn rúnda.

Féach an brat a chrochann Richard Boyd Barrett agus Joan Collins thart orthu féin - 'People Before Profit'.

Nuair a fhéachann tú ar an leathanach a thugann a gcúlra caithfidh tú 595 focal a léamh (gar le halt i nGaelscéal) sula luaitear aon rud faoi Pháirtí na nOibrithe Sóisialach.

Agus fiú ansin ní deir sé gur ball den páirtí sin é Richard Boyd Barrett. Ar chúis éigin, is fearr leis an mana pianmhúchta 'People Before Profit' a úsáid.

Ní dóigh go bhfuil a fhios ag mórán de na 10,700 daoine a thug vóta do Boyd Barrett gur ball de Pháirtí na nOibrithe Sóisialach é?

Cén fáth nach bhfuil sé iomlán oscailte faoi seo?

Ní féidir liomsa a theacht ar aon liosta ballraíochta don pháirtí céanna ach deirtear go bhfuil cúpla céad duine air.

Ba mhaith liomsa fios a bheith agam cé hiad. Arís tá sé deacair ormsa rúndacht an pháirtí a chruthú mar go bhfuil an chuma ar an scéal go bhfuil sé...rúnda!

Cúpla bliain ó shin, bhí an Seanadóir David Norris ar tí bille a thabhairt os comhair na Dála ag cur iachall ar dhaoine sa tseirbhís phoiblí aon bhallraíocht a bhí acu in aon eagras rúnda a nochtadh.

Ar mhaithe leis an daonlathas ba chóir go dtabharfadh an rialtas an bille sin chun cinn ionas go mbeidh a fhios againn ar fad, go hoscailte agus go díreach, cé atá ag rith na tíre seo?

I MEASC AN PHOBAIL



Aoibhe Ní Dhuibhlín, Tomás Mac Giolla Bhrighde, Brídín Ní Mhaoldomhnaigh agus Rosie Nic Gairbheith ag seoladh an CD agus leabhar 'Drithleoga' i bPobalscoil Ghaoth Dobhair ag deireadh na seachtaine. [PIC : EOIN MCGARVEY]

Tomás Mac Giolla Bhrighde, Noel Ó Gallchóir agus Caitlín Ní Dhuibhir ag seoladh an CD agus leabhar 'Drithleoga', bailiúchán ceoil agus cainte le scolairí agus iar-scolairí Phobalscoil Ghaoth Dobhair. (PICS: EOIN MC GARVEY)

Lá Spóirt! Páistí ó na naíonáin mhóra ag glacadh páirte i lá spóirt Scoil Fhursa, Gaillimh

Tráthnóna Déardaoin, 24 Bealtaine, i Leabharlann na Ceathrún Rua, sheol Ailbhe Ní Ghearbhuigh cnuasach de scríbhneoireacht chruthaitheach le daltaí a bhíonn páirteach i gCiorcal Scríbhneoireachta Phléaráca. Ó chlé, tá Fiach Mac Fhionnlaoich, Ailbhe Ní Ghearbhuigh, Niamh Ní Ghríofa agus Laila Ní Fhlatharta.

Conor Keane agus Donnchadh Ó Catháin, scoith an cheoil thraidisiúnta as Co. an Chláir, a bhí i láthair ag an gCabaret Craiceáilte i nGaoth Dobhair ag an deireadh seachtaine. Ina gcuideachta tá Pádraig Ó Cearúil, Rónán Mac Aodha Bhuí agus Cormac Ó Cuinn. [PIC. TOMÁS Ó CUIREÁIN]

Bronnadh Gradam Leabhar Pháistí Éireann ar Cholmán Ó Raghallaigh mar aitheantas don Sáréacht atá déanta ag Colmán Ó Raghallaigh ar son Leabhair do Pháistí in Éirinn. Sa phictiúr, ó chlé, Jenny Murray (CBI), Áine Ní Ghlinn, Colmán Ó Raghallaigh, Mags Walsh (CBI).

Mattie Mac Donnacha, Ruadharc Ó Mainnín, Diarmad, Caoimhe agus Ciarán Ó Fátharta agus Páraic Seoighe a fuair teastas ó Bheartla Broc ar an Satharn seo caite mar chuid de scéim na Léitheoirí Óga a reáchtáil Pléaráca Teo i gcomhar le leabharlann na Ceathrún Rua.

Aoife Mac Donnchadha agus Clíodhna Ní Loideáin i Leabharlann na Ceathrún Rua do sheoladh leabhair de scríbhneoireacht chruthaitheach le daltaí a bhíonn páirteach i gCiorcal Scríbhneoireachta Phléaráca

18 Bealtaine: Alan Titley, láithreoir, agus Diarmuid Goggins, léiritheoir, ag glacadh le Gradam Cumarsaide do Shraith Teilifíse na Bliana, 'Scéal na Gaeilge', thar ceann Rosg do TG4 in Óstán Chuan na Gaillimhe, Dé hAoine. [PIC : LE SEAN O MAINNIN]

Eoin Ó Deaghaidh, Captaen, Scoil Iognáid, Gaillimh, ag glacadh Chorn Ghael Linn ó Sheán Ó Ceallaigh tar éis bua na foirne ag Féile Peile Ghael Linn in Indreabhán ar na mallaibh!

Ba bhreá linn pictiúir leatsa in Gaelscéal agus ar ár suíomh idirlín. Má tá ócáid nó imeacht pobail nó sóisialta ar siúl agat, is féidir grianghraif de a sheoladh chugainn ag **pic@gaelsceal.ie** Ní mór go mbeadh caighdeán réasúnta sna pictiúir agus cead faighte agat iad a fhoilsiú ó na daoine atá le feiceáil iontu. Cuirfidh muid na cinn is fearr i gcló anseo agus ar **www.gaelsceal.ie**

NUACHT RÉIGIÚNACH

CONNACHTA NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Teilifíseáin Chonamara: Pictiúr dorcha ar chúl an chnoic?

Máirtín Ó Catháin

MURAR féidir leat an ghriain a fheiceáil ó do theach cónaithe sa gceathrú seachtain de Mheán Fómhair beidh dorchadas agat ar an teilifís.

Sin é an tuar atá déanta ag Cormac Ó Murchú as an Spidéal a bhfuil saineolas aige ar na cúrsaí seo.

Is é an réasún atá leis seo ná nach beidh ceangal agat leis an satailít Saorsat mura mbeidh amharc agat ar an ngrian sa tréimhse sin.

Tá an 'Saorsat' ag obair do RTE agus é suite os cionn an mheánlíne agus é ceaptha pictiúr teilifíse den scoth a chur ar na scáileáin theilifíse in Éirinn.

Baineann sé seo uilig leis an gcóras 'Saorview' - córas a chuirfidh seirbhísí teilifíse RTÉ ar fáil ar chaighdeán i bhfad níos airde i bhformhór na tíre.

Ach, ní bhfaighfear pictiúr ar bith mura bhfuil ceangal idir an áit a bhfuil an gléas teilifíse an na deiseanna nua cumarsáide.

Ceantracha sléibhtiúla is mó atá i mbaol. Tá sé ina imní go bhféadfadh cúpla baile i nDúiche Sheoigeach i gConamara a bheith dealaithe amach ón gcóras nua de bharr iad a bheith ar an taobh ó thuaidh de bheanna arda.

"Ansin atá an buille," a deir Cormac Ó Murchú.

"Beidh tú ceart má tá tú ar an taobh ó dheas de chnoc, mar is aneas atá an biorán cumarsáide ag teacht".

Ach d'fhéadfadh na cnoic dris chosáin eile a chuir romhat sula dtiocfaidh an satailít i gceist i gConamara.

Tá painéal cumarsáide curtha ar bharr na haeróige móire le taobh Raidió na Gaeltachta.

Tá deiseanna mar sin feistithe ar an tSraith Salach agus sa gClochán freisin.

Ina dhiaidh sin uilig is cosúil go mbeidh ceantar Chloch na Rón fágtha gan seirbhís ó cheann ar bith acu sin de bharr na tíreolaíochta.

D'fhéadfadh spotaí eile a bheith sa mbád céanna. Chaithfí deiseanna satailíte a cheangal d'aeróga sa gcás sin sa gcaoi agus go ndéanfaí teagbháil leis an gcóras Saorview díreach ón satailít Saorsat atá tuairim agus 22,000 ó bhaile go hard os cionn an mheánlíne.

Ach tá cásanna ann nach féidir an ceangal sin a dhéanamh de bharr cnoic arda a bheith ó dheas díot.

Míníonn Cormac Ó Murchú gur cineál deis simplí - ach éifeachtach - é ceann na gréine.

"Luíonn sé le réasún nuair a chuirfidh tú gluaiseacht an phláinéid agus an áit a bhfuil an satailít i gcomhthéacs," arsa Cormac.

"Beidh an lá agus an oíche ar chomhfhaid sa triú/ceathrú seachtain de Mheán Fómhair agus mura bhfeicfidh tú an ghriain ón teach ag a 11 na maidineacha sin, tá tú i dtrioblóid le Saorview."

Dúirt an Teachta Éamon Ó Cuív, a bhfuil cónaí air i gCorr na Móna, go bhfuil sé ag coinneáil súil ar an scéal.

Mura bhfuil ceangal agat leis na haeróga i gConamara d'fhéadfadh cúpla céad euro costais a bheith ort ag feistiú deiseanna le ceangal a dhéanamh leis an satailít.

Ach sa gcás nach bhfuil an satailít féin agat tá tú buailte - nó d'fhéadfadh costas trom a bheith ort ag plé le seirbhísí eile.

Maigh Eo

Gráinne Mhaol agus tionscadal an Ghlasbhealaigh seolta i gCathair na Mart!

TÁ pacáiste siamsaíochta úr ag teacht ar an fhód a thabharfaidh deis do dhaoine seal a chaitheamh ag rothaíocht ar Ghlasbhealach Mór an Iarthair agus a scíth a ligean ina dhiaidh sin ag seó stáitse a insíonn scéal Ghráinne Mhaol.

Is comhfhiontar é seo de dhamhsa agus d'amhránaíochta a léiríonn saol Ghráinne Mhaol agus Clew Bay Bike Hire. Tá an seó á reáchtáil don cheathrú samhraidh as a chéile in Óstán Chathair na Mart. Osclaíodh an chéad chuid idir Baile Uí Fhiacháin agus an Mhala Raithní dhá bhliain ó shin agus tá an bealach ar fad idir Cathair na Mart agus Acaill ar oscailt anois, sin 42 ciliméadar bealaigh san iomlán.

"Tháinig muid ar an bhfiontar seo mar gheall go bhfuil éileamh ann dó. Baile mór turasóireachta atá i gCathair na Mart agus bíonn daoine ag lorg imeachtaí agus pacáistí," a deir Piaras Ó Raghallaigh, stiúrthóir an tseó.

"Tugann sé deis do thurasóirí blaisín beag den cheantair a thriail ar na rothair, nó cuairt a thabhairt ar Chaisleán Charraig an Chabhlaigh, áit ina raibh Gráinne Mhaol i mbarr a réime tráth, rud a chuireann go mór leis an tuiscint a fhaigheann siad ar shaol Ghráinne Mhaol," a deir sé.

"Seó álainn atá ann a insíonn scéal Ghráinne Mhaol go dátheangach le hamhránaíocht agus damhsa. Scéal ina bhfuil saibhreas oidhreachta agus cultúir ann."

Féadfaidh turasóirí taisteal ar na rothair chomh fada nó chomh gearr agus is mian leo. Baileofar iad agus tabharfar chuig an seó iad.

Tá stiúrthóir an Clew Bay Bike Hire, Travis Zeray, ag dúil go mór leis an tionscnamh margaíochta nua. "Sílim go mbainfidh turasóirí a thagann chuig an iarthar an-sult as an taithí chultúrtha a gheobhaidh siad.

Ní mór do gach cuairteoir a thagann chuig an taobh seo tíre an seó Gráinne Mhaol a fheiceáil agus Glasbhealach Mór an Iarthair a thaisteal an samhradh seo. Tá tairiscint speisialta ar fáil do dhuine ar bith a dteastaíonn uatha freastal ar an dá imeacht," a dúirt sé.

Beidh an pacáiste sé ar fáil gach Luain agus Céadaoin ón 13 Iúil.

Tá €40 ar thicéid don phacáiste seo agus is féidir é a cheannach ar líne ó

www.clewbayoutdoors.ie nó ó www.grainnemhaol.com nó trí glaoch a chur ar (098) 24818 nó (098) 5658. *MNíT*



Ailbhe Ní Ghearbhuigh, Ena Nic Dhonnacha agus Dylan T Mac Donnacha tráthnóna Déardaoin, 24 Bealtaine, taobh amuigh de Leabharlann na Ceathrún Rua. Sheol Ailbhe cnuasach de scríbhneoireacht chruthaitheach le daltaí a bhíonn páirteach i gCiorcal Scríbhneoireachta Phléaráca ar an oíche.

Taispeántas á sheoladh in Áras Inis Gluaire

BEIDH seoladh taispeántas de bhailiúchán éalaíon Chomhairle Contae Mhaigh Eo ar siúl in Áras Inis Gluaire ar an Déardaoin an 31 Bealtaine ag 1 i.n. Beidh ealaín den scoth á léiriú sa taispeántas.

Baineanna sé le raon leathan d'ealaíontóirí atá ag obair le roinnt cineálacha ealaíne. Beidh idir ealaíontóirí aitheanta agus neamhaitheanta ag léiriú a gcuid oibre ann. I measc na n-ealaíontóirí tá Dermot Seymour, Selma Makela, Camille Souter, Michael Wann, Maria Tuffy, Rory Breslin agus cuid mhór eile.

Beidh fáilte mór roimh gach duine chuig an taispeántas seo.

Le tuilleadh eolais a fháil glaoigh ar 097-81079. *MNíT*

Pictiúr le Dermot Seymour, ceann de na healaíontóirí a bheas sa taispeántas.

An dtarraingeoidh Pilib Mór slua?

Máirtín Ó Catháin

IS cosúil gur chuir na Gardaí aguisín amháin sa scéal nuair a chuir coiste eagrúcháin ócáid cheiliúrtha bhunú bhaile mór an Chlocháin clár na n-imeachtaí faoina mbráid. Comhairlíodh don choiste go bhféadfadh agóid tarlú ag comhdháil an tSathairn seo chugainn ag a bpléifear forbairt bailte móra.

Beidh an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, Phil Hogan, i measc an phainéal cainteoirí a bheidh sa gClochán don ócáid. In éineacht leis ar an bpainéal beidh Martina Moloney, an bainisteoir ar Chomhairle Contae na Gaillimhe, David McWilliams eacnamaí agus scríbhneoir, Micheál Ó Néill ó chomhlacht forbartha Iarthar Chonamara agus Conor Skehan ón Roinn Comhshaoil agus Pleanála in Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. Ach, ar ndóigh, is ar an Aire Hogan a bheadh a gcompás dírithe ag léirseoirí - dá mbeidís ann.

Tá aird léirseoirí tarraingthe ag an Aire Hogan air féin de bharr cheist na dtáillí séarachais, táillí uisce agus táillí eile. Sa mullach air sin tá conspóidí go leor i gConamara faoi dheacrachtaí a bhaineann le cead pleanála agus faoi chaomhnú talún. Tagann na hábhair seo uilig faoi scáth an Aire Hogan.

Bhí cruinniú socruithe ag an eagraíocht "Glór na Tuaithe" i Leitir Móir san oíche Dé Máirt (aréir) agus bhí cuairt an Aire ar an gClochán ar cheann de na hábhair ar an gclár acu. Tuigtear go raibh tuairimí éagsúla i measc an ghrúpa - cuid acu den bharúil gurbh fhearr féachaint le cruinniú a shocrú leis an Aire agus cúrsaí táillí, caomhnaithe talún agus deacrachtaí cead pleanála a phlé leis. Níl a fhios an mbeadh an tAire ag glacadh le cuireadh mar sin nó nach mbeadh.

Ar ndóigh, is féidir le daoine a dhul chuig an gComhdháil féin ach €25 a íoc - tá béile le fáil as sin freisin. Ní shin le rá gur féidir leo táillí séarachais a tharraingt anuas; baineann an chomhdháil le forbairt bailte móra.

Dúirt urlabhraí ón gcoiste "Clochán 200" go bhfuil súil acu féin nach mbeidh aon agóidí ná aon chorraíl ag an gcomhdháil.

Áras Inis Gluaire, áit ina mbeidh an cúrsa i dTaibh-Ealaíon a reachtáil.

Cúrsa i dTaibhealaín a reáchtáil i mBéal an Mhuirthead go luath

TÁ cúrsa nua spreagúil i gcomhpháirtíocht le FÁS ag tosú in Áras Inis Gluaire, Dé Luain an 25 Meitheamh. Is cúrsa FETAC Leibhéal 5 atá ann agus beidh sé ar siúl i mBéal an Mhuirthead ar feadh naoi mí.

Tá ocht modúil FETAC í gceist, Cumarsáid, Taithí Oibre, Léiriúchán Amharclainne, Léiriúchán Imeachtaí, Bainistíocht Stáitse agus Riarachán, Innealtóireacht Fuaime agus Léiriúchán, Léiriúchán Clár Raidió agus Léiriúchán Scannán agus Teilifíse.

Tá go leor taithí oibre i gceist leis an chúrsa seo, beidh deis ag rannpháirtithe blas a fáil ar achan gné d'obair Áras Inis Gluaire, ó bheith ag cuidiú le léiriúcháin éagsúla, laethanta oscailte, ceardlanna, taispeántais a chur ar siúl, an stáitse a mhaoirsiú le linn léirithe, áirithintí agus scarbhileoga tinrimh a bhainistiú, feachtas cumarsáide a fhorbairt agus fáilte a chur roimh comhlachtaí drámaíochta a bheidh ag teacht ar cuairt.

Chomh maith le spriocanna éagsúla a bheas le baint amach ag chuile dhuine agus iad ag obair in ionad ealaíon agus in amharclann gnóthach. Beidh comhordaitheoir agus sainteagascóirí ann le tacú leis na rannpháirtithe. Má tá spéis agat sa chúrsa seo, glaoigh ar 097 81079 le haghaidh tuilleadh eolais. *MNíT*



An bhfuil scéilín agat? Ba mhaith linn freastal ar gach Gaeltacht is Gaelphobal sa tír. Má tá scéilíní nó nótaí áitiúla agaibh, cuirigí iad chuig an seoladh rphoist seo le bhur dtoil, **nuacht@gaelsceal.ie**, agus déanfaidh muid ár ndícheall iad a chur i gcló.

LAIGHIN NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Baile Átha Cliath

'Vir Ex Navi' seolta

SEOLADH leabhar nua faoi shaothar Phádraig Uí Mhaoileoin, Vir Ex Navi, i mBaile Átha Cliath aréir. Ba í an tOllamh Máire Ní Annracháin a sheol leabhar Oisín Uibh Eachach i gColáiste Phádraig, Droim Conrach. Déanann an leabhar, atá foilsithe ag Coiscéim, síocanailís ar phrós Uí Mhaoileoin (1913-2002).

Idir an dá linn, tá leabhar grinn faoin síneadh fada seolta ag Rossa Ó Snodaigh agus Mícheál Ó Domhnaill.

Léiríonn an leabhar 'Our Fada' conas a athraíonn brí focail i nGaeilge má bhíonn fada ar bharr nó fada ar lár. 3,000 focal ar fad atá sa saothar le Rossa agus Mícheál, ag léiriú an difríocht atá idir Éire agus Eire, cráic agus craic, cáca agus caca, agus go leor eile.

Sheol an fuirseoir, Des Bishop, an leabhar i gClub Chonradh na Gaeilge i mBaile Átha Cliath Déardaoin seo caite. Sheol sé Leabhar 'Foinn Kíla' chomh maith.

Tá breis agus 100 fonn úr ar fáil sa bhailiúchán nua, saothar atá maisithe le grianghraif nua agus filíocht de chuid an ghrúpa thraidisiúnta. *CÓB*



Sheol Des Bishop 'Our Fada', leabhar nua le Rossa Ó Snodaigh agus Mícheál Ó Domhnaill.

Bratach crochta ag Mick Wallace ar Ché Urumhan

TÁ bratach in éadan an Chonartha Fioscaigh crochta ag an Teachta Dála Mick Wallace ar Ché Urumhan i mBaile Átha Cliath. Tá sé le feiceáil os cionn na bialainne Wallace's Taverna sa Cheathrú Iodálach, ceantar a d'fhorbair an t-iarthógálaí ó Loch Garman.



Bratach an Teachta Dála, Mick Wallace, sa Cheathrú Iodálach i mBaile Átha Cliath.

Deir an bratach bándearg, atá sé mhéadar faoi chúig mhéadar, "Treaty for banks, not people, vote NO".

Cháin Wallace an conradh ag rá go gcuirfeadh sé srianta daingne ar rialtais in Éirinn amach anseo.

Ní hé seo an chéad uair atá bratach crochta ar Ché Urumhan ag Wallace le linn reifreann Eorpach. Chroch sé ceann leis an teachtaireacht "No to War, No to Nice, No to American Terrorism" le linn an dara reifreann ar Chonradh Nice in 2002. Rinne Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath iarracht é a tharraingt anuas ach fuair Wallace ordú ón Ard-Chúirt chun iad a stopadh. *CÓB*

Máithreacha ón Spáinn ag lorg múinteora Gaeilge

TÁ grúpa ban Spáinneach ag lorg múinteora Gaeilge atá líofa sa Spáinnis chomh maith chun cabhair dheonach a thabhairt dóibh. Tá páistí óga ag na mná seo agus tá siad ag iarraidh roinnt Gaeilge a fhoghlaim chun cabhair a thabhairt dóibh lena gcuid oibre baile agus chun meas a léiriú do chultúr na hÉireann.

Bunaíodh an Association of Spanish Parents in Ireland (www.aspi.ie) i

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 30 Bealtaine, 2012

Conspóid faoi thearmann do dhaoine gan dídean

Colm Ó Broin

TÁ áitritheoirí buartha faoi phlean chun ionad tearmainn do dhaoine gan dídean a thógáil i mBaile Chill Mhantáin.

Tá Pobal Síomóin ag beartú ionad a oscailt san Fhómhar ar Chnoc Chill Mhantáin do dhaoine gan dídean sa chontae ach tá roinnt den phobal áitiúil buartha faoin áit a mbeidh sé lonnaithe.

D'eagraigh áitritheoirí cruinnithe agus agóidí faoin ionad agus tá achainí á scaipeadh acu chomh maith.

Dúirt Patrick Gleeson ó Phobal Shíomóin le Gaelscéal go raibh roinnt daoine buartha toisc go mbeadh an t-ionad lonnaithe ar phríomhshráid sa bhaile gar d'áiseanna áitiúla.

"Táthar buartha go gcuirfidh sé isteach ar ghnóthaí áitiúla, ina measc Príosún Chill Mhantáin, a mheallann turasóirí go leanúnach agus atá lonnaithe trasna an bhóthair ón áit a bheas an t-ionad tearmainn," arsa sé.

"Tá iarrachtaí déanta againn dul i ngleic leis na ceisteanna atá ardaithe ag daoine áitiúla.

Dúirt muid mar shampla go mbíonn ár n-ionaid lonnaithe i lár bhailte óir bíonn sé mar aidhm againn go ndéanfadh daoine gan dídean imeascadh leis an bpobal."

Dar leis, tá fadhb chuíosach mór le heaspa dídine i gCill Mhantáin. Tháinig an grúpa carthanachta ar 180 duine sa chontae atá gan dídean nó atá i mbaol dídine a chailliúint le bliain go leith anuas.

Dúirt Gleeson chomh maith nach mbeadh fadhb ann le hiompar frithshóisialta san ionad.

"Tá polasaí fíorláidir againn ó thaobh iompair de agus bíonn a fhios ag na daoine a fhanann sna hionaid nach nglacfar le drochiompar ar chor ar bith.

"Oibríonn muid leis na Gardaí, le grúpaí pobail agus eile chun athshlánú agus imeascadh a chur chun cinn chomh maith.

"Ní bhíonn deacrachtaí againn le hól ach an oiread, go deimhin tá ionad againn ar Shráid Fhearchair i mBaile Átha Cliath atá suite idir dhá chlub mhór oíche agus déarfainn go bhfuil i bhfad Éireann níos lú deacrachtaí i dtaobh ólacháin ag teacht ón ionad seo againne ná óna clubanna."

Tá baill den Association of Spanish Parents in Ireland ag lorg múinteora Gaeilge i láthair na huaire.

mí Feabhra chun líonra a chruthú do theaghlaigh Spáinneacha in Éirinn. Tá 40 sa ghrúpa go dtí seo ach tá sé ag méadú go tapaidh. Is mná Spáinneacha atá pósta le fir Éireannacha formhór na mball agus beidh an chuid is mó acu ag fanacht in Éirinn go fadtéarmach. Teastaíonn uathu go mbeadh Spáinnis ag a bpáistí agus go dtí seo tá grúpa tachráin, club iarscoile, club siúil agus imeachtaí eile trí mheán na Spáinnise eagraithe acu. Beidh siad ag eagrú cainteanna faoin tuismitheoireacht do na baill amach anseo freisin.

Mar aon le cabhair a thabhairt dá bpáistí ar scoil, tá na máithreacha ag iarraidh an Ghaeilge a fhoghlaim chun meas a léiriú do chultúr agus do theanga na hÉireann, óir tá siad ag súil go bhfoghlaimeoidh a bpáirtithe Spáinnis.

"Mar mhúinteoir Spáinnise, tá ansuim agam i gcúrsaí teanga agus bhí sé mar rún daingean agam an cúrsa seo a eagrú do na baill," arsa rúnaí an ASPI, Leticia Medina.

"D'fhreastal mé ar ranganna Gaeilge le múinteoirí iontacha ach bhí sé an-deacair a bheith sa rang le daoine Éireannacha a dúirt gur tosaitheoirí a bhí iontu.

Gan amhras, ní féidir le daoine le Gaeilge na scoile a rá gur tosaitheoirí iad, is cuma cé chomh dona agus a bhí siad ar scoil. Sin an fáth go bhfuil mé ag lorg múinteora don ghrúpa seo amháin."

Tá Medina ag súil go mbeidh idir seisear agus naonúr sa ghrúpa ag an tús ach go méadóidh an líon sin. Bheadh na ranganna ar siúl tráthnóna Aoine nó maidin Shatharn.

Tá an grúpa ag lorg múinteora, le Spáinnis más féidir, a bheadh sásta an Ghaeilge a mhúineadh go deonach ach deir siad go mbeidh siad in ann ranganna Spáinnise a chur ar fáil don duine mar chúiteamh ar an obair. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ó leticia_medina_andres@yahoo.de nó ionadbuailisteach@gmail.com. *CÓB*

An Iarmhí

Campa Samhraidh sa Mhuileann gCearr do pháistí agus do dhéagóirí óga

BEIDH Campa Samhraidh á reáchtáil ag an óg-eagras Gaeilge, Feachtas Óg, sa Mhuileann gCearr, i gCo. na hIarmhí. Beidh sé ar siúl ón 9-13 Iúil i gColáiste Naomh Finín sa Mhuileann gCearr agus tá sé dírithe ar dhaoine óga idir 10-15 bliana d'aois.

Eagraítear réimse leathan imeachtaí le linn na seachtaine do na daltaí. Dírítear ar eispéireas taitneamhach agus spraoiúil a chruthú le Gaeilge a fhoghlaim i suíomh atá neamhfhoirmiúil.

Reáchtáiltear an campa óna 10r.n. go dtí a 3i.n. gach lá le rang Gaeilge ar maidin, imeachtaí ar nós drámaíocht, ealaín, amhránaíocht, ceardlanna agus ceol san iarnóin chomh maith le comórtais éagsúla spóirt, peil, cispheil, cluiche corr agus sacar. Beidh turas lae ar an gcampa chomh maith.

Níl ach tríocha spás ar an gCampa Samhraidh agus tá costas €70 an duine ann.

Beidh lascaine ann do theaghlaigh. Más mian leat áit a chur in áirithe ar an gcampa nó tuilleadh eolais a fháil faoi, téigh i dteagmháil le hUrsula Ní Shionnáin ar an bhfón ag 01 6725940 nó ar ríomhphost ag ursula.feachtas@gmail.com. *CÓB*

Feachtas
Óg-ghluaiseacht na Gaeilge

Comhairliúchán faoi ionaid altranais

Colm Ó Broin

TÁ tús curtha ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte le tréimhse chomhairliúcháin maidir le dhá ionad altranais i gContae Laoise.

Beidh an FSS ag lorg tuairimí agus aighneachtaí ón bpobal faoi thodhchaí Ospidéal Mhainistir Laoise agus Ospidéal Naomh Bríde sa Sián.

Bhí sé beartaithe ag an FSS Ospidéal Mhainistir Laoise a dhúnadh ach chothaigh an plean go leor cáinte agus feachtasaíochta sa bhaile.

Tá cáipéis chomhairliúchán curtha ag an FSS ar shuíomh idirlín na Feidhmeannachta le heolas faoi na seirbhísí atá ar fail do sheandaoine sa cheantar máguaird.

Beidh deis ag daoine atá ag fanacht sna haonaid faoi láthair agus daoine a bhfuil spéis acu san ábhar bualadh le hoifigigh de chuid an FSS chomh maith le linn na tréimhse a chríochnóidh ar an 14 Lúnasa.

MUMHAIN NUACHT



Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Leabhar ar Shiúlóidí Dhún Chaoin seolta

"LEABHRÁN gleoite é seo," arsa an mórphearsa, Mícheál Ó Muircheartaigh agus é ag seoladh treoirleabhar fé 'Shiúlóid na Cille,' siúlóid a thugann duine timpeall pharóiste Dhún Chaoin.

Mhol sé cé chomh críochnúil is atá an leabhrán. "Tá," ar sé, "an leabhrán seo an-simplí ach aneolach. Tá pictiúir ann, ní amháin de na héin a chasfaidh ort ar do shiúlóid, ach tá liosta de na plandaí fiáine a bhuailfeadh leat ann leis."

Dar leis go bhfuil na pictiúir denn fhlóra agus den fhauna agus na cuntais dheasa ar gach ceann acu ar fheabhas. Dúirt Cathaoirleach Chomharchumann Dhún Chaoin, Seán Ó Cinnéide, ná raibh ach 2 euro ar an leabhrán 'Spóirt agus Saothair' seo agus mhol sé gach duine go raibh baint acu leis.

An Comharchumann a fhoilsigh, le cabhair ó Údarás na Gaeltachta. Is sladmhargadh ar €2 é, dar le Seán. Tá an leabhrán bunaithe ar choincheap scoláire meánscoile, Pádraig Ó hÓgáin. is é Dónal Ó Bric a dhear an léarscáil.

Orthu siúd a bhí i láthair don ócáid bhí scoláirí agus múinteoirí ó Scoil Uí Éigeartaigh sa Chóbh i gCorcaigh.

Ba thrua ná raibh an aimsir fé dóibh mar bhí i gceist ag Mícheál agus formhór dá raibh i láthair an tsiúlóid a shiúl, ach cuireadh stop leis an gcuid sin de bharr 'clagarnach bháistí'.

Siar sa tráthnóna nuair a tháinig sánas, b'sheo le Máire Ní Mhaoileoin, príomhoide Scoil Dhún Chaoin agus scata dúrachtóirí ag siúl lena cois.



Cé Dhún Chaoin, Iarthar Dhuibhneach

Scéalta Chorca Dhuibhne

Breandán Mac Gearailt

Scéalta Báis

FUAIR cúigear ón gceantar seo bás in aon tseachtain amháin, triúr acu laistigh de thrí lá. Bás gan choinne nó, níos cirte, taom croí a bhuail Mícheál Breatnach ó Bhaile an Lochaigh. Ag tiomáint scuaine caorach i dtreo Chnoc Bhréanainn a bhí Mícheál nuair a bhuail an tinneas é. Bhí sé sna caogaidí. Fear mór caorach ab ea é go raibh breis agus seacht gcéad caora aige. Trí mhí a bhí Caitríona Norvelle, ó Mhám na Gaoithe, san Astráil nuair a fuair sí bás. Ní raibh sí ach dhá bhliain agus fiche d'aois. Maireann a máthair, a deirfiúr agus a beirt leasdeartháracha sa bhaile. Sna caogaidí a bhí Eibhlín Ní Londúin Uí Scanláin, ó Chill na gCléireach a threascair taom croí. Sna caogaidí a bhí Eibhlín agus iarchathaoirleach ab ea í ar Chumann Trádála an Daingin. Iníon di an t-amhránaí cáiliúil, Pauline Scanlon. Bhí an t-ochtó slánaithe ag Muiris Breatnach ón nGurrán gCorrán agus ag Seán ó Conchúir, ón mBaile Breac. D'fhás an bheirt suas le chéile.

Feachtas Reifrinn Ciúin i gCorca Dhuibhne

TÁ an Reifreann ar an dtáirseach againn agus ar deireadh tá póstaeir 'Tá' le feiscint ar fuaid an cheantair .Tá siad i nGaolainn, 'rud is annamh is iontach', a dúirt bean ó Fhionn Trá. Roimhe sin, le trí seachtainí b'iad póstaeir 'Níl' Shinn Féin amháin a bhí ag crochadh ar na pollaí. Is deacair a thomhas cé a chaithfidh guth nó ná caithfidh mar tá sórt toist gan choinne ar an ábhar. An é go bhfuil sé socair acu siúd a bhíonn go minic glórach, ar conas a chaithfidh siad a vóta? Nuair a bhuaileann an ciúnas sin áit, bíonn go leor athrú aigne i gceist. An cheist, an rachaidh daoine amach ina scuainí? Ní dhéarfainn é, ach is deacair 'an ciúnas' a thomhas go minic.

Ealaíon Liam Uí Néill le feiceáil ag Féile na Scríbhneoirí



TÁ an t-ealaíontóir Liam Ó Néill ó Chathair Scoilbín, ach atá anois ag cur fé i mBaile an Fhiadhnaigh in aice leis an mBuailtín, an-bhroidiúil fé láthair. An tseachtain seo caite, bhí sé ag meastóireacht agus ag seoladh obair scoláirí óga i bPobalscoil Chorca Dhuibhne. Le déanaí fuair Liam cuireadh ó choiste Fhéile Sheachtain na Scríbhneoirí i Lios Tuathail taispeántas dá chuid oibre a bheith ag an bhFéile. Amárach, Déardaoin, seolfaidh Cyril Kelly an taispeántas de phictiúir nua de chuid Liam in amharclann ealaíne Naomh Eoin ar a 6.30 p.m. Tá amharclann Naomh Eoin sa Chearnóg i lár an bhaile.

Cúrsaí Eoraifíse!

BHÍOS i dtábhairne ina raibh, mar a deirtear, 'Teilifis Mhór' lasta oíche Dé Sathairn seo caite le linn an chomórtais Amhránaíochta Eoraifíse a bhí ar bun in Asarbaiseáin. Dar liom gur oíche Sathairn i dtábhairne le hócáid mar seo a éalaíonn rúin ó scata, fiú iad siúd a bhíonn cáiréiseach i dtaobh gach focal dá labhraíonn siad. Dar le go leor acu ná raibh mórán do cheol ag baint leis an amhrán a bhí ag an gcúpla úd againne, Jedward, cé go rabhadar lán de cheol agus an-teacht i láthair acu. Bhí roinnt ban an-cháinteach ar an éide a bhí ar chuid de na hiomaitheoirí. Luadar cúpla tír, an Ghréig san áireamh. Mheas cuid de na mná go mba náireach go mbeadh mná leathnochtaithe ag glacadh páirt thar cheann a dtír dhúchais ar chlár go mbeadh an óige ag féachaint air. "Seans," arsa bean eile "go bhfuilim ag dul san aos ach amhráin atá i gceist ní 'bog-ghnéas', cibé rud é sin." Bhí scéal tharais ag fear a dúirt go bhfuil amhráin gnáthphobal na hAsarbaiseáine an-chosúil le hamhránaíocht an tsean-nóis in Éirinn agus gur dócha gur as san a tháinig cuid de 'Threibheanna Fodhla,' mar a dúirt sé. Bhí cuid acu siúd a mheas go raibh ceol tarraingteach ag baint le amhrán na Sualainne, ach má mheas, bhí go leor de na fearaibh ná raibh róthógtha leis an amhránaí ón tSualainn 'mar go measfá gur seanbhean tuaithe í, ach á fhreagairt dúradh go raibh an Rúis sa dara háit le seisear ban ar mhúnla Pheig Sayers le cos san uaigh agus cos ar a bruach, nó, 'atá chomh críonna leis an gceo'. 'Nach neamhthrócaireach a bhíonn daoine uaireanta.

Ceangail Chorca Dhuibhne le Butte Montana

TÁ ceangal a théann i bhfad siar idir Butte Montana SAM agus Corca Dhuibhne. Is iad na mianaigh copair ansiúd an baoite a bhí ann i dtús an fichiú aoise. Is baolach gur mó duine a maraíodh sna mianaigh úd i mButte de thoradh taismí, cuid acu d'aon ghnó. Chaith Séamus Ó Muircheartaigh, nó an 'An Spailpín,' ó Ard na Caithne, ceithre bliana ann. Ghread sé féin agus a chéile leo tar éis a bpósta, anon go Butte, mar bhí San Francisco mar a raibh sé féin agus a bhean, scriosta ag gcrith talún a tharla in Aibreán na bliana 1906. Is ait é mar scéal ach ná fuil scata do dhaoine óga ó Bhutte i gceantar pharóiste an Fhirtéaraigh fé láthair ag foghlaim Gaolainne. "Tá fonn ar gach duine acu'" arsa Máire Uí Shíthigh, ó Oidhreacht Chorca Dhuibhne, "agus tá cuid acu go diail," ar sí. Mheas sí go bhfuil gach duine acu ag iarraidh buntáiste a bhaint as a seal, le feabhas agus snas a chur ar a gcuid Gaolainne. Bhaineadar an- shásamh as a dturas ar an mBlascaod Mór Dé Domhnaigh seo caite. Fadó riamh, dúnadh na mianaigh i mButte, ach má deineadh, ná fuil siad tosaithe ag táirgeadh arís le déanaí. Nuair a bhí na mianaigh fé lán seol, breis agus céad bliain ó shin, bhí daonra de 60,000 duine i mButte, a dúirt duine den ghasra liom agus is ann a bhí 'an t-aicsean ' ar fad. Nuair a dhúin na mianaigh bhí airgead trom déanta ag dream beag, ach fágadh an baile mar a bheadh aghaidh na gealaí le poill agus boladh an mhí-áidh. "Tá an baile ag teacht chuige féin anois, cé gur baile beag é i gcomhthéacs na mbailte a d'fhás sa cheantar siar soir agus ó dheas uaidh. Tá speach agus anam ag teacht i mButte arís," a mheas sí. "Is beag an gaol," ar sise, "atá ag Butte an lae inniu le Butte na linne úd."

Múscraí

Deontas teasa d'Ionad Cultúrtha Bhaile Bhuirne

Tá deontas de €5,407 ceadaithe ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta le d'Ionad Cultúrtha Bhaile Bhuirne. Úsáidfear an t-airgead le chun roinnt oibreacha beaga a dhéanamh ar chóras teasa san Ionaid. Dúirt an tAire Stáit, Dinny McGinley, go raibh lúcháir air a bheith in ann cómhaoiniú a chur ar fáil don obair i gcomhar le Coiste Gairmoideachais Chontae Chorcaí.

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 30 Bealtaine, 2012

ULAIDH
NUACHT



Seoltar scéalta chuig:
nuacht@gaelsceal.ie

Ag Ceiliúradh Cholm Cille sa Ghleann

le Méabh Ní Thuathaláin

BEIDH Féile Cholm Cille sa Ghleann ag toiseacht ar an Aoine beag seo, 1 Meitheamh, i nGleann Cholm Cille in iardheisceart Dhún na nGall. Féile atá á reáchtáil ag Oideas Gael, a dhéanann ceiliúradh ar na nascanna idir Gaeilge na hÉireann agus Gaeilge na hAlban.

Beidh ceiliúradh teanga agus cultúr na nGael ar siúl thar ceithre lá i nGleann Cholm Cille ag an deireadh seachtaine. Tá an fhéile ar bun le dhá bhliain le tacaíocht ón eagraíocht Colmchille in Éirinn agus in Albain, clár comhpháirtíochta idir Foras na Gaeilge agus Bòrd na Gàidhlig a chuireann Gaeilge na hÉireann agus Gaeilge na hAlban chun cinn sa dá tír.

"Tá obair mhór déanta ag eagraíocht Cholmcille ar Naomh Columba nó Colm Cille, i dtaobh na n-ionaid uilig a raibh Naomh Columba bainteach leo agus bhí muid ag iarraidh a bheith páirteach san obair sin," a dúirt Liam Ó Cuinneagáin as Oideas Gael.

Gleann Cholm Cille, in iardheisceart Dhún na nGall

Déanann an fhéile an "seancheangal cultúrtha idir Gaeil na hÉireann agus na hAlban a cheiliúradh agus a athnuachan agus tugann sí deis d'Éireannaigh teanga na hAlban a fhoghlaim agus a chleachtadh" a deir Seosamh Watson, duine de na heagarthóirí atá taobh thiar den fhéile.

"Roghnaigh muid Gleann Cholm Cille mar go bhfuil sí ar an bpríomhshuíomh oilithreachta a bhí ag Naomh Colm Cille in Éirinn, agus de bhrí go bhfuil an naomh agus a oidhreacht ar na ceangail is mó atá ag Gaeltachtaí sa dá thír lena chéile. Lena chois sin, tá slí idirnáisiúnta taistil seolta ag Colmchille in Éirinn agus in Albain a cheanglaíonn le chéile na háiteanna beannaithe a bhaineann le Colm Cille agus tógtar Gleann Cholm Cille mar phointe tosaigh ar an gcéim den turas a théann ó thuaidh go hAlbain," a deir Seosamh Watson.

I mbliana, beidh léacht dátheangach ann ar Ghaeil an dá thír 'Mo bhrón ar an fharraige: the sea-divided Gaels', le hAodán Mac Póilin ó Iontaobhas Ultach. Foilsíodh léacht na bliana anuraidh in Bliainiris Dhún na nGall, 2011, 'Colmcille: Seanchas an naoimh in Éirinn agus in Albain', le Seosamh Watson. Beidh cainteanna eile ann, seisiúin cheoil, ranganna i nGaeilge na hAlban, ranganna damhsa, siúlóidí agus ceolchoirm leis an mbeirt amhránaithe ar an tsean-nóis, Doiminic Mac Giolla Bhríde agus Griogair Labhraidh mar chuid den fhéile.

Tá clár iomlán imeachtaí ó thráthnóna Dé hAoine go dtí maidin Dé Luain ina mbíonn bunadh na háite agus aoichainteoirí agus ceoltóirí den scoth páirteach.

Tá clár na n-imeachtaí le fáil ar an suíomh http://www.colmcille.net/ge/imeachtai/event.php?ID=16 nó glaoigh ar Oideas Gael ar 00353 749730248

Laghdú 11.7% ar phraghsanna tithe ó Thuaidh

BHÍ laghdú 11.7% ar phraghsanna tithe ó Thuaidh le bliain anuas, dar leis an Halifax House Price Index.

Cúig bliana ó shin bhí an Tuaisceart ar an dara réigiún ba daoire ó thaobh tithíochta de sa Ríocht Aontaithe, taobh amuigh de Londain agus oirdheisceart Shasana. Bhí méadú os cionn 50% ar phraghsanna thar tréimhse dhá bhliain, in 2006 agus 2007.

£103,908 (€130,031) an meánphraghas tí ó Thuaidh anois. Tá, ar ndóigh, tithe níos saoire ná sin ar fáil freisin. Mar shampla, £29,950 (€37,375) atá ar theach sraithe le dhá sheomra leapa ar an mBaile Nua i dTír Eoghan. Bhí an laghdú go holc i gceantracha áirithe. Ba é Craigavon an ceantar ba mheasa a buaileadh, agus laghdú os cionn 50% tagtha ar phraghsanna ann le cúig bliana anuas.

Níl iomrá ar chúrsaí éirí níos fearr. Is gníomhaire eastáit é Seamus 'Bush' McGovern, a bhfuil oifigí aige in Inis Ceithleann agus i Sligeach. Dúirt sé go bhfuil cúrsaí ciúin ó Thuaidh, ach ní díreach chomh holc agus atá ó Dheas. "Tá tithe atá saor ag bogadaigh ceart go leor," ar seisean. "Mar sin féin, tá an praghas ag titim an t-am ar fad."

Níl margadh tras-teorannach ann, mar a bhíodh, ainneoin an £ Sterling a bheith ag éirí níos laige. Tá corr cheannaitheoir ann: mar shampla, ar an mBlaic, Co an Cabháin, is €30,000 an praghas atá ar árasán nua. *AMC*

Nasc le Gaeltacht Thír Eoghain caillte

BRISEADH nasc le Gaeltacht Thír Eoghan le bás Ethna O'Kane ar an Chrannóg i nGleann Fhaidhle sna Speiríní. B'iníon í le Bernard Ó Cearalláin, duine de na cainteoirí deireannacha gurb eol dúinn a bheith i nGleann Fhaidhle.

Pósadh Ethna in 1952. Go dtí an lá ar fhág sí an teach, Gaeilge a bhíodh á labhairt i gcónaí idir a hathair agus a beirt deirfiúracha a bhí ina gcónaí sa teach. B'as Co. Corcaí do mháthair Ethna, agus ní raibh aon Ghaeilge aici.

Mar sin, ar mhí-ámharaí an tsaoil, ba Bhéarla ar fad a bhíodh á labhairt ag an lánúin. Ní raibh Gaeilge riamh ag na páistí. B'fhear mór amhrán é Bernard Ó Cearalláin, a raibh cuid mhór amhrán aige. B'uncail le hEthna é Seán Ó Cearalláin. Aithníodh eisean ar dhuine de na cainteoirí Gaeilge ab fhearr sna Speiríní. Tá taifead dhe ag caint ar dhlúthdhiosca atá le leabhar Phádraig Uí Bhaoighill 'Padaí Láidir Mac Culadh agus Gaeltacht Thír Eoghan.'

Cuireadh Ethna ar an Chrannóg, sa reilig mar a bhfuil a muintir. Maireann a seisear mac, a cúigear iníonacha, agus deartháir amháin. Go raibh suaimhneas síoraí ag a hanam uasal. *AMC*

An grúpa 'Blunderbrau', Seosamh Mac Grianna, Dónall Mac Ruairí agus Nioclás Mac Cathmhaoil ag seinm ceoil ag an Cabaret Craiceáilte i dTeach Hiudaí Bhig, An Bun Beag Dé Sathairn seo caite. [PICTIÚR; TOMÁS Ó CUIREÁIN]

Clár amháin i nGaeilge a léiriú le linn Fhéile Scannán Bhéal Feirste

Méabh Ní Thuathaláin

TÁ an clár faisnéise 'Cathair Ghonta' le seoladh le linn Fhéile Scannán Bhéal Feirste, an t-aon chlár trí mheán na Gaeilge a bheas le léiriú ann. Tá Féile Scannán Bhéal Feirste ag toiseacht amárach agus ag reáchtáil go dtí an 10 Iúil.

Tá an fhéile ar an fhód le dhá bhliain déag anuas agus cáil idirnáisiúnta a bhaint amach aici mar fhéile scannán d'ardchaighdeán. Níl an amhras ach gur spreagadh mór atá san fhéile i dtaobh forbairt thionscal na scannán sna Sé Chontae agus is cinnte gur ardán maith í do lucht scannán úra ar fud an oileáin.

Ach i mbliana, seachas Bóthar Ard Teo, atá mar chuid de Ghrúpa Meán Bhéal Feirste, is cosúil nach bhfuil ná meáin Ghaeilge ag baint leasa as an fhéile lena gcuid léirithe a chur os comhair an phobail.

Ainle Ó Caireallain agus Sammy Doughlas CTR ar an taifead.

Uaireanta bíonn deacrachtaí ag féilte maidir leis na scannáin a aimsiú agus cead a iarraidh iad a léiriú anseo don chéad uair. Ach, dar le cláraitheoir na féile, Stephen Hackett, " ní cuireadh na hiarratais chugainn i mbliana, ní hé nach bhfuil muid ag iarraidh cláir Ghaeilge a thaispeáint."

Tá easpa ábhar ann a bheadh foirsteanach don fhéile. "Tá borradh i líon na gclár faisnéise ach níl mórán i dtaobh ghearrscannáin má tá aon cheann," a deir Hackett.

"De ghnáth baineann muid úsáid as an Chultúrlann ach ní raibh sí ar fáil i mbliana agus cuir sin isteach ar chúrsaí," a deir Hackett.

Beidh 'Cathair Ghonta' á thaispeáint ar an 5 Meitheamh sa 'Mac', foirgneamh ealaíona nua i gceathrú na hardeaglaise. Cuireann an clár síos ar stair Bhéal Feirste ónár seoladh an Titanic in 1912, ar an dóigh ar gortaíodh í le 30 bliain de chogaíocht, le titim na dtionscal agus an dóigh gur tháinig sí slán as.

"Tá an clár iontach oiriúnach mar gheall gur tréimhse céad bliain atá i gceist. Sílim go raibh sé ag teacht le téamaí na féile. Clár a leagann amach stair na cathrach agus ceiliúradh don ré úr atá amach roimpi. Tá muid iontach sásta a bheith páirteach ann," a deir Máirtín Ó Muilleoir, léiritheoir an chláir.

Tá Ainle Ó Caireallain mar láithreoir ar an chlár agus tá aoichainteoirí eagsúile páirteach ann a raibh baint mór acu leis an chathair thar na blianta. Faightear léargas ar leith ó dhaoine ar nós an tAthair Gerry Reynolds, sagart a bhí gníomhach sna cainteanna a tháinig ar socrú Aoine na Céasta agus Siobhan Clinton, iníon le Thereasa Clinton a maraíodh os comhair a dhá súil.

Tá sé maoinithe agan Chiste Craoltóireacht Gaeilge agus ag TG4. Beidh sé ag dul amach ar aer amach anseo.

Beidh ceisteannna agus freagraí leis an láithreoir Ainle Ó Caireallain, an tAthair Gerry Reynolds agus Sammy Douglas, sa chlár ina dhiaidh. Tá Bóthar Ard Teo ag súil le teach lán ar an oíche.

Na Croisbhealaigh: Caifé Gaelach agus Dearg

Labhraíonn **Méabh Ní Thuathaláin** le **Hugh Corcoran**, ceann de bhunaitheoirí an chomharchumainn Ghaelaigh atá á reáchtáil ag an aos óg i gcroílár Chathair Bhéal Feirste.

CAIFÉ Gaelach, comharchumann oibrithe agus ionad sóisialta is ea Na Croisbhealaí atá ar an fhód ar feadh beagnach bliain anois. Tá sé á reáchtáil ag grúpa de shóisialaithe óga atá ag iarraidh an pobal agus an Ghaeilge a neartú.

Is ar mhúnla na n-ionad sóisialta atá á reáchtáil ag an aos óg i dTír na mBascach agus sa Chatalóin atá Na Croisbhealaí bunaithe.

Tá pobal láidir de Bhascaigh agus de Chatalónaigh ag cur fúthu i mBéal Feirste le roinnt blianta anuas.

"Chuir muid aithne ar na Bascaigh agus ar na Catalónaigh atá ina gcónaí fán cheantar. Chuaigh muid anonn chuig tír s'acu agus thug muid cuairt ar na hionaid sóisialta atá acu.

"Mhothaigh muid go mbeidh sé ina bhuntáiste don phobal ár leagan féin a bhunú, ní raibh a leithéid d'áit in Éirinn a dtiocfadh le daoine iad féin a eagrú," a deir Hugh Corcoran, duine de bhunaitheoirí an chomharchumainn agus fear cocaireachta an chaifé.

" Bhí muid ag iarraidh áit a oscailt don aos óg, don ghlúin s'againne, leis an Ghaeilge a neartú, le chomhoibriú agus cearta na n-oibrí a chur chun cinn agus leis an phobal a dhéanamh níos polaitiúla agus níos láidre," a deir Hugh.

Is ó chúlraí éagsúla a thagann an coiste atá ag tiomú na gluaiseachta. Tagann an mhórchuid ón phobal poblachtach ach tá meascán eile atá bainte leis an teanga, le comharchumainn, leis an chultúr agus leis an pholaitíocht.

Tá Gaeilge lárnach sa chaifé.

"Is Gaeil muid agus tá an teanga mar chuid d'fhéiniúlacht s'againn. Is daoine muid atá bródúil as ár dteanga agus as ár gcultúr. Ach ag an am céanna is oibrithe muid chomh maith.

"Creideann muid go mbeidh muid ag déanamh ár n-aicme níos láidre leis an Ghaeilge agus go mbeidh an lucht oibre ábalta pobal láidir muiníneach a thógáil go daonlathach fríd an teanga," a deir Hugh.

Tá polasaí iontach dian ag an chomharchumann i leith na Gaeilge. Ar bhonn praiticiúil, déantar achan rud go dá theangach. Cuirtear ranganna Gaeilge ar fáil saor in aisce agus bíonn imeachtaí á reáchtáil trí mheán na Gaeilge.

Tá daoine líofa sa chomharchumann agus tá foghlaimeoirí ann chomh maith. Is gá áfach, go mbeadh achan duine sa chomharchumann ag foghlaim na Gaeilge agus mura bhfuil caillfidh siad a n-áiteanna ann.

"Creideann muid má tá tú dáiríre faoin ghluaiseacht go gcaithfidh disciplín a bheith agat. Caithfidh tú a bheith in am, is gá suí síos agus rud éigin a fhoghlaim agus é a dhéanamh go smior.

Léiríonn sé go bhfuil siad réidh le hiad féin a neartú, réidh leis an phobail a neartú. Mura bhfuil siad sásta sin a dhéanamh ní bheidh baint ar bith againn leo," a deir Hugh.

Hugh Corcoran, duine de bhunaitheoirí an Chomharchumainn Ghaelaigh i mBéal Feirste.

Cloicheáin úr déanta sa Caifé.

"Ní éireoidh le gluaiseacht na Gaeilge choíche má tá sé bunaithe ar an ghnó. Caithfidh réabhlóid chultúrtha a bheith ann, dul in éadan an chaipitleachas agus saol lán le cultúr a chruthú,"

Feictear sa Chomharchumann go bhfuil dlúthcheangal idir an teanga, cúrsaí eacnamaíochta agus an sóisialachas, nach féidir a shárú.

"Ní rachaidh an ceathrú Gaeltachta i mBéal Feirste chun cinn mar shampla, má tá fadhbanna sóisialta agus eacnamaíochta sa cheantar sin. Caithfidh an pobal ideolaíocht s'acu a neartú agus smaointiú ar an ideolaíocht atá acu.

"Ní éireoidh le gluaiseacht na Gaeilge choíche má tá sé bunaithe ar an ghnó. Caithfidh réabhlóid chultúrtha a bheith ann, dul in éadan an chaipitleachas agus saol lán le cultúr a chruthú," dar le Hugh Corcoran.



Teachtaireacht shoiléir ó Na Croisbhealaí

CAIFÉ - Ag cothú pobail

Bíonn an Caifé foscailte i rith an lae, cúig lá sa tseachtain.

Bíonn biachlár éagsúil ann achan lá. Bia simplí atá ann, ach bia deas úr. Gheofá béile mór folláin ar chúig phunt nó níos lú. "Faigheann muid an bia mara ó fhear éisc atá timpeall an choirnéil mar déanann muid cuid mhór bia mara úr.

Faigheann muid an bia ón mhargadh agus ó fhoinsí áitiúla," a deir an cócaire in Na Croisbhealaí.

San oíche, cuirtear spás ar fáil do dhaoine chun ceardlanna a reáchtáil, ranganna a chur ar siúl, rudaí a phlé agus iad féin a eagrú.

"Tá béim ar oideachas chomh maith. Cuirtear scannáin ar siúl agus bíonn cainteanna ann agus a leithéid sin. Bhailigh muid airgead as ceolchoirmeacha a reáchtáil agus tháinig duine anall ón tSualainn, Columbia agus ó Sasana chun cainteanna a dhéanamh," a deir Corcoran.

Bíonn go leor ag dul ar aghaidh san oíche sa chomharchumann. "Tá sé tábhachtach go dtagann daoine le chéile chun an cultúr a cheiliúradh, Gaeilge a labhairt agus scíth a ligean. Tchítear dúinn go bhfuil pobal ann, agus go bhfuil sé i bhfad níos fearr a bheith mar pháirt den phobal ná a bheith taobh amuigh dó.

Tá feara na fáilte roimh achan duine bualadh isteach chugainn," a deir sé.

Conspóidí faoin teanga

Ar ndóigh, tá cuid den phobal nach n-aontaíonn leis an chomharchumann mar gheall go bhfuil siad glan i gcoinne an chórais atá i bhfeidhm faoi láthair.

Ach tá cuid don eite chlé nach n-aontaíonn leis an bhéim a chuirtear ar an Ghaeilge sa Chomharchumann. "Tá daoine ar an eite chlé, daoine nach n-aontaíonn leis an phoblachtachas, ná leis an Ghaeilge. Tá na hainrialaithe ann, ar ndóigh, agus ní aontaíonn siad leis an teanga ná leis an náisiúnachas.

"Tá mise sásta ligint dóibh. Lig dóibh dul an treo sin ach tá muidne ag dul an treo eile.

"Beidh muid ag cur na teanga agus an chultúir chun cinn fríd an sóisialachas leis an lucht oibre," a deir Hugh Corcoran.

Tá Na Croisbhealaí suite ar Shráid na Ríthe i gcathair Bhéal Feirste. Le tuilleamh eolas iarr ar chairdeas ar Facebook.

BEATHA

Athmhúscailt na Taibhdheirce

Labhraíonn **Méabh Ní Thuathaláin** le **Freda Nic Giolla Chatháin**, Stiúrthóir Ealaíon na Taibhdheirce, Amharclann Naisiúnta na Gaeilge, faoi na dúshláin atá roimh an amharclann

Ceapadh Freda Nic Giolla Chatháin, arbh as Contae na Mí ó dhúchas í, mar Stiúrthóir Ealaíne ag an Taibhdhearc ar na mallaibh.

Ní raibh Stiúrthóir Ealaíne ag an Taibhdhearc le beagnach bliain anuas agus tá siad ag feidhmiú ó oifigí sealadacha ó 2007, nuair a druideadh an foirgneamh de bharr tine.

Bhí moill mór ar chúrsaí ó shin idir mhaoiniú a chinntiú agus airgead a bhailiú.

Ach faoi dheireadh, tá athchoiriú na hamharclainne ag teacht chun críche tar éis cúig bliana agus cur chuige úr bearthaithe maidir le leathnú amach chlár ealaíne na Taibhdheirce.

"Is dóigh gur chaill daoine muinín as an Taibhdhearc de bharr an amharclann a bheith dúnta chomh fada sin.

"Ní raibh leigheas ag bord na Taibhdheirce ar an scéal mar ní raibh an t-airgead ann. Tá éacht déanta acu an t-airgead a bhailiú," a deir Freda Nic Giolla Catháin.

D'éirigh leis an Taibhdhearc cómhaoiniú de €6,000 a fháil ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus ón gComhairle Cathrach.

Tá os cionn €2,000 bailithe acu féin agus fós airgead á lorg acu.

"Is de bharr ganntanas airgid nach bhfuil muid istigh [san fhoirgneamh] fós, tá tuilleadh síntiúis uainn agus chomh luath is a thagann siad beidh amharclann breá inár seilbh againn.

Is cinnte anois, áfach, go mbeidh an Taibhdhearc ar oscailt roimh dheireadh an tsamhraidh.

"An plean atá agam ná leanúint leis an gclár a bhíodh ar siúl ag Taibhdhearc na Gaeilge. Is é sin go mbeidh léirithe gairmiúla a gcur i láthair ag an gcuideachta féin tír mheán na Gaeilge..

"Táim ag iarraidh go mbeidh an Taibhdhearc mar fhoirgneamh oscailte, go mbeidh cuideachtaí eile ag teacht isteach, go mbeidh an amharclann féin mar chroílár na n-ealaíon i lár chathair na Gaillimhe," a deir Freda.

Is amhlaidh go mbeidh réimse leathan d'imeachtaí ealaíne eile á reáchtáil sa Taibhdhearc as seo amach.

"Tá spás iontach san amharclann agus tá seomraí againn thuas staighre. Ba mhaith liom go mbeadh níos mó úsáide áa bhaint as na spásanna eile.

Freda Nic Giolla Chatháin

"Beidh an áit ar fáil le haghaidh comhdhálacha, cruinnithe, ceardlanna, taispeántais agus tá scáileán againn le físeán a chur ar siúl. Is é an rud is tábhachtaí ná go mbeidh an áit in úsáid go mbeidh buzz mór timpeall uirthi."

Cé nach bhfuil réiteach cinnte déanta i dtaobh chlár ama an tsamhraidh, tá an Stiúrthóir Ealaíne ag súil go mbeidh an fhoirgneamh oscailte i mí Iúil agus dráma ar stáitse go gairid ina dhiaidh sin.

Déanfaidh an tUachtarán, Micheal D. Ó hUigínn an Taibhdhearc a athoscailt i mí Dheireadh Fómhair agus beidh oíche mhór cheiliúrtha ann.

Beidh clár mór leagtha amach ó mhí Dheireadh Fómhair go geamaireacht na Nollag. Is féidir leis an Taibhdhearc timpeall 150 duine a thógáil, spás ar leith i lár chathair na Gaillimhe.

"Tá an Town Hall ann, ionad iontach ach tá nach mór 400 suíochán, spás mór le líonadh atá ansin.

"Tá an Crane Bar ann chomh maith, a bhíonns ag eagrú ceolchoirmeacha iontacha.

"Bhí Mike Mc Goldrick ann le deanaí, ceoltóir aitheanta i saol an cheoil thraidisiúnta agus bhí an áit lán go doras. Is cinnte go líonfadh leithéidí Mc Goldrick spás amharclann na Taibhdheirce," a deir Freda.

Is léir go bhfuil comhoibriú idir an Taibhdhearc agus comhlachtaí drámaíochta, grúpa ealaíona agus ionaid atá ag obair in earnáil na healaíne.

"Tá mé ag iarraidh go mbeadh fáilte mhór roimh chuideachtaí drámaíochta a bhíonns ag obair trí mheán na Gaeilge agus chomh maith leis sin go mbeidh muid ag obair le cuideachtaí ealaíne ar nós Music Network.

Ba mhaith liom go mbeadh comhoibriú againn le cuideachtaí drámaíochta cosúil le Moonfish, comhlacht tá ag obair trí mheán na Gaeilge ach nach bhfuil a n-ionad féin acu agus go mbeidh muid ag comhoibriú le hionaid eile ar nós Áras Éanna," arsa Freda Nic Giolla Chatháin.

Is é an sprioc atá ag an Stiúrthóir Ealaíne nua ná go mbeidh gach uile chuideachta ag iarraidh a léiriú a chur ar ardán na Taibhdheirce.

Go leor fadhbanna ann le blianta beaga anuas

Marc Mac Lochlainn, Stiúrthóir Ealaíne Branar Drámaíochta, a labhair amach go hoscailte faoin Taibhdhearc.

Labhair Marc Mac Lochlainn amach go hoscailte faoi laigeachtaí na Taibhdheirce le blianta beaga anuas.

Bhí an Taibhdhearc imithe ar strae, dar leis, i bhfad ó aisling Mhichíl Mhic Liamóir, bunaitheoir na hamharclainne.

Tá obair mhór le déanamh ag an Taibhdhearc chun iad féin a chruthú mar Amharclann Náisiúnta na Gaeilge, dar leis.

Deir Mac Lochlainn, "ní cóir go mbeadh aon amharclann in ann a rá gurb iad Amharclann Náisiúnta na Gaeilge iad; ní féidir le dream ar bith é sin a ghlacadh orthu féin.

"Caithfidh tú é sin a chruthú agus níl sé sin cruthaithe le blianta beaga anuas ag an Taibhdhearc. Tá sé sin le cruthú fós.

Tá mé lán cinnte go n-éireoidh le Freda muinín an phobail a spreagadh arís.

"Tá mise iontach sásta go bhfuair Freda an post. Tá taithí na blianta agam a bheith ag obair léi. Is duine an-chumasach í. Idir an cumas ealaíne atá aici agus an tuiscint atá aici ar éarnáil na healaíne agus freisin ón taithí atá agam a bheith léi mar bhainisteoir comhdhála le Meitheal na mBeag.

"Ceapaim go bhfuil réimse leathan scileanna aici a chabhróidh go mór leis an bpost dúshlánach atá roimpi," a deir Mac Lochlainn.

Colm Cille á chomóradh i gCois Fharraige

Féile an Phátrúin 2012, 8 Meitheamh go dtí an Domhnach, 10 Meitheamh

Ar an mBánrainn Bhán anuraidh

Katie McGreal

Beidh Colm Cille á chomóradh agus beidh seantraidisiúin á leanúint ag muintir Chois Fharraige ag Féile an Phátrúin na bliana seo a bheidh ar siúl ón Aoine, 8 Meitheamh go dtí an Domhnach, 10 Meitheamh.

Tosóidh imeachtaí ar an Aoine ag 8in le cártaí i dTír na nÓg agus caitheamh dairteanna d'éinne a bheas ag iarraidh páirt a ghlacadh ann.

Is é an Satharn, Lá an Phátrúin. Tosóidh imeachtaí an cheiliúrtha le Turas na dToibreacha ag Trá na Bánrainne, Baile na hAbhainn.

Is sean-traidisiún é an turas go dtí na toibreacha agus go dtí Bád Cholm Cille ag Reilig Mhaírois do mhuintir Chonamara.

Tá tagairt déanta air sa scríbhneoireacht chomh fada siar leis an seachtú haois déag.

Rachfar go dtí an chéad tobar atá thíos ar na carraigeacha ón reilig nua ag 3in. Beidh marcanna cloch ann leis an treo a léiriú. Nuair a shroichfear an tobar is é an nós atá ann ná seacht 'Ár nAthair', seacht 'Sé do Bheatha, a Mhuire' agus seacht 'Glóir don Athair' a rá chomh maith le bairnigh a chaith isteach sa tobar. Ina dhiaidh sin, rachfar go dtí an dara tobar, atá síos díreach ón Altóir ar an trá agus déanfar an rud céanna ansin. Rachfar go dtí Bád Cholm Cille ansin agus déarfar an Chré. Tá an slabhra fós le feiceáil sna clocha ón gcéad tobar go dtí an bád.

Beidh neart imeachtaí ar siúl ar Trá na Bánrainne ón 6.45in an tráthnóna sin.

Bronnfar duaiseanna ar bhuaiteoirí Chomórtais na Scoileanna, an dara bliain den chomórtas seo a bheith á reáchtáil. Thugadar cuireadh de thrí bhunscoil an cheantair páirt a ghlacadh i gcomórtas ealaíne anuraidh agus d'éirigh go hiontach leis.

I mbliana, thugadar cuireadh do Choláiste Cholm Cille in Indreabhán freisin agus tá siad ag obair ar thionscadail faoi shaol Naomh Colm Cille.

"Tá muid ag iarraidh an nós seo a chothú don chéad ghlúin eile agus sin é an fáth a thosaigh muid le comórtais a reáchtáil do na gasúir scoile," a deir Máire Ní Óbáin atá ar fhochoiste na féile.

Beidh neart ceoil agus siamsaíochta ar siúl ar an trá freisin in éineacht le léacht agus béaloideas. Beidh an grúpa ceoil traidisiúnta ó Scoil Náisiúnta Cholm Cille ag seinm ann.

Táthar ag lorg mná os cionn 18 mbliana d'aois ón gceantar a bheidh sásta iad féin a chur in iúl don slua agus do mholtóirí Chomórtais Bhanríon na Féile an oíche sin, oíche Dé Sathairn. Tosóidh clárú ag 9in i dTír na nÓg agus bronnfar corn agus seic ar Bhanríon na Féile níos deireanaí.

Beidh neart ceoil ar siúl i dtithe tábhairne an cheantair an tráthnóna sin. Beidh John Beag ag casadh i dTír na nÓg, beidh Peadar Fáilte ag casadh Tigh Pheadair Mhóir agus beidh Deep Notes ag casadh Tigh Johnny Sheáin. Tá saorchead isteach sna tithe ósta uilig agus beidh fáilte roimh chách.

Cuirfear taispeántas agus Comórtas Caite Crúite ar siúl ón 2in i dTír na nÓg ar an Domhnach chun deireadh a chur leis an bhféile. Bronnfar na duaiseanna ar na buaiteoirí an tráthnóna sin díreach i ndiaidh an chomórtais agus cuirfear bearbaiciú agus seisiún ceoil ar siúl taobh amuigh faoin aer freisin.

Is iad Coiste Pobail na Tulaí atá taobh thiar den fhéile seo agus ar an bhfochoiste atá ina fheighil i mbliana tá Gearóid Ó Fátharta, Eoin Ó Rian, Máirín Mhic Lochlainn, Beartla Ó Cadhain, agus Máire Ní Óbáin.

"Déanaimid é chun muintir an cheantair agus daoine taobh amuigh don cheantair a thabhairt le chéile," a deir Máire.

Ceann de na haidhmeanna atá acu ná an traidisiún a choinneáil beo.

Naomh Colm Cille

IS é Naomh Colm Cille duine de na naoimh is tábhachtaí in Éirinn. Rugadh é i nGartán i nDún na nGall sa bhliain 521 AD. Glaoitear Columba air freisin. Bhí Colm Cille muinteartha le shliocht Uí Néill, ríthe Chúige Uladh, agus tá clú air de bharr a chuid tairngreachtaí a bhfuil iomrá orthu go fóill i mbéaloideas Dhún na nGall.

In Éirinn, bhunaigh sé mainistreacha i nGleann Cholm Cille, i nDóire agus sna Cealla agus in 563 AD bhunaigh sé ceann ar Oileán Í in Alban.

Is ón mainistir sin a rinne sé an Chríostaíocht a spreagadh i measc mhuintir thuaisceart na hAlban. Bhí Colm Cille ina fhile raidhsiúil agus tá cuid dá shaothar le fáil go fóill sa Ghaeilge agus sa Laidin.

Máirín Mhic Lochlainn agus Máire Ní Óbáin ag an bhFéile anuraidh

Coiste Pobail na Tulaí

TÁ an-obair déanta ag Coiste Pobail na Tulaí le roinnt blianta. Oibríonn siad ar thograí chun an ceantar a chur chun cinn ó thaobh teanga agus forbairt pobail de. Bhunóidh an Coiste in 1984 agus faoi láthair tá 12 ag obair air go deonach.

Bhuaigh an Choiste duais Ghlór na nGael sa Rannóg Gaeltachta gan chúnamh fostaíochta den dara bliain as a chéile i mbliana. Fuaireadar an duais agus €3,000 le cabhrú leo agus iad i mbun oibre.

D'éirigh leo an duais a bhaint amach sa dá bhliain de bharr an oibre a dhéanann siad don phobal le linn na bliana.

Fuaireadar an duais speisialta, Duais Chumann na Sagart, i mbliana freisin de bharr na hoibre atá déanta acu agus a dhéanann siad d'Fhéile an Phátrúin. Bhuaigh siad €1,000 leis an duais sin.

"Bhí áthas agus ríméad ar Choiste Pobail na Tulaí," a deir Nuala Ní Chonghaile, rúnaí an Choiste faoin mbua.

I mbliana, bhí an coiste páirteach in RITH 2012, an rás sealaíochta ar son na Gaeilge a bhí ar siúl le linn Sheachtain na Gaeilge i mí an Mhárta.

Cabhraigh siad le Scoil Náisiúnta Cholm Cille agus iad ag ceiliúradh 50 bliain ar an bhfód.

Eagraíodh lá iomlán d'imeachtaí sa scoil agus chuireadar irisleabhar de sheanphictiúir agus d'ailt ó iarscoláirí i gcló. Bhí ceol agus cluichí ar siúl sa scoil ar an lá freisin.

D'oibrigh an Coiste i bpáirt leis an scoil chun banna ceoil traidisiúnta a bhunú freisin. Thug siad cabhair dóibh chun an banna a thosú agus tugann siad maoiniú dóibh.

Faoi láthair, tá feachtas ar bun acu le cosán coisithe a thógáil ar phíosa bóthair áitiúil agus tá siad ag eagrú Campa Drámaíochta Gaeilge i rith an tsamhraidh freisin. Cuireann siad ranganna aclaíochta, damhsa agus Club Óige ar fáil sa Halla Pobail freisin.

Déantar bainistiú agus eagrú ar Chrannchur Choiste Pobail na Tulaí ó mhí Mheán Fómhair go dtí an Cháisc chuile bhliain freisin. Úsáidfear an t-airgead i mbliana chun athchóiriú a dhéanamh ar shean-reilig na bpáistí sa cheantar.

Reilig í seo ina gcuirtí páistí nach mbeadh baiste na blianta ó shin.

Tá an Coiste ag iarraidh claí a thógáil timpeall ar an reilig agus leaca uaighe a chur ann mar chomóradh ar na páistí atá curtha san áit.

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 30 Bealtaine, 2012

TEILIFÍS agus RAIDIÓ

Le Katie McGreal

'Knygnesiai/Smuigléirí Leabhar/Book Smugglers'

Léirmheas ar scannán faisnéise le Katie McGreal

"How can the Irish keep their language?"

"They should sing songs in Irish and print magazines and newspapers in Irish, in secret if they have to."

"But there is no ban on Irish. They can print and write as much as they want."

"Well then what's the problem?"

"People don't want to speak it."

"They're bastards. What's the point? They should just die if they won't accept their own nation."

Sin tuairim seanmhná amháin ón Liotuáin ar chás na Gaeilge in Éirinn.

Is gariníon í an tseanbhean seo do smuigléir leabhar ón Liotuáin a thug leabhair i Liotuáinise isteach sa tír faoi cheilt le linn coisc a bhí na Liotuáinise ar feadh 40 bliain, ag tosú in 1864.

Ní raibh aon ainm ag an Liotuáin ag an am sin. Bhí sí mar chuid den Rúis agus ghlaodar an Cúige Thiar Thuaidh uirthi. Chuir na Rúisigh cosc ar an Liotuáinis in 1864. Bhíodar ag iarraidh go mbeadh sí mar chuid den Rúis agus go labhródh siad Rúisis, ach níor aontaigh na Liotuánaigh leis sin. Throid siad i gcoinne an choisc.

Albertas Vidžiūnas agus Gearóid Mac Lochlainn agus iad i mbun taifid sa Liotuáin.

D'fhoilsigh siad leabhair agus nuachtáin i Liotuáinis faoi cheilt agus thug na smuigléirí isteach sa tír iad, trasna abhainn an Nemen. Thagadh siad isteach sa tír in éineacht le drugaí, alcól, airm agus neart rudaí eile a bhí ar fáil níos saoire nó níos éasca ar an taobh eile den abhainn.

Ba ghnó do na smuigléirí a bhí ann ar dtús ach thosaigh siad ag léamh na leabhair agus thaobhaigh siad le cás na Liotuáinise. Laochra náisiúnta atá iontu anois.

Tosaíonn an clár faisnéise seo le híomhánna d'abhainn an Nemen agus báirse ag dul suas agus síos, mar a dhéantaí sa seachtú haois déag nuair a bhíodh na smuigléirí ag obair ann.

Tugann láithreoir an chláir, an Gaeilgeoir agus an file ó Bhéal Feirste, Gearóid Mac Lochlainn, léargas agus réamhrá don lucht féachana ar aidhm an chláir agus ar stair an scéil. Is tús iontach maith é a chruthaíonn suíomh agus meoin an chláir don lucht féachana.

Déanann an bheirt láithreoirí, Gearóid agus a chara, Albertas Vidžiūnas, stiúrthóir amharclanna ón Liotuáin, aithris aisteoireachta ar gníomhartha na smuigléirí. Snámhann siad ón mbáirse go dtí an Liotuáin agus boscaí leabhar ar a ndroim.

Ina dhiaidh sin, buailimid le páistí na Liotuáine agus iad ag foghlaim faoi na smuigléirí leabhar. Cuireann siad éadaí an seachtú haois déag orthu féin agus ligeann siad orthu gur smuigléirí iad. Tá láithreoirí an chláir gléasta mar shaighdiúirí Rúiseacha atá ag iarraidh iad a stopadh.

Chuir sé i gcuimhne dom na Sasanaigh in Éirinn. Déantar an-chuid tagairtí le linn an chláir den Ghaeilge agus de na hÉireannaigh. Míníonn Gearóid cás na Gaeilge go hAlbertas le linn an chláir agus faighimid neart tuairimí ó mhuintir na Liotuáine mar gheall ar chás na Gaeilge, ar nós na tuairime thuas. Tuairimí dubha agus bana atá iontu agus bíonn sé deacair go leor ar Ghearóid glacadh leis na tuairimí sin.

Labhraíonn Gearóid Gaeilge leis an gceamara agus labhraíonn an bheirt acu Béarla lena chéile. Déanann Albertas aistriú do Ghearóid ó Liotuáinis go Béarla nuair is gá. Cuireann trítheangachas (trilingual) an chláir go mór leis. Is scéal faoi theanga é agus cabhraíonn na trí theanga go mór le hinsint an scéil. Cuireann sé tábhacht na teanga in iúl dona lucht féachana.

Is clár an-fhada é, atá 73 nóiméad ina iomláine. D'éirigh sé sách leadránach sa lár ach phioc sé suas arís ag an deireadh. Is clár agus scéal suimiúil é domsa mar Ghaeilgeoir.

Rinne na Sasanaigh an rud céanna linne, ag iarraidh an Béarla a bhrú orainn agus d'éirigh leo cuid mhaith.

Dhiúltaigh na Liotuánaigh glacadh le teanga na Rúise agus d'éirigh leo. Bhí sé spéisiúil tuairimí na Liotuánach a chloisteáil freisin, cé nach n-aontaím leo go hiomlán.

Tá tuilleadh eolais faoin gclár ar fáil ar an suíomh www.booksmugglersthemovie.com agus má tá spéis ag éinne é a chur ar scáileán, téigh i dteagmháil leo ar control@planetkorda.com.

Éist le

RTÉ Raidió na Gaeltachta: Lá an Chomhairimh
Le linn an chláir seo beidh Máirín Ní Ghadhra agus a painéal saineolaithe ag coinneáil súil ar chomhaireamh na vótaí a caitheadh sa reifreann ar an gConradh Cobhsaíochta. Déanfaidh na saineolaithe toradh an reifrinn a chíoradh agus a phlé. Dé hAoine @ 11rn.

Máirín Ní Ghadhra

RTÉ Raidió a haon: We've Got a Game to Win
Breathnófar ar fhoireann na hÉireann i Euro 1988, an chéad uair ar ghlac siad páirt i gcomórtas idirnáisiúnta ollmhór den chineál seo. Beidh agallaimh ann ó Jack Chariton, Ronnie Whelan, Packie Bonner agus neart eile agus cloisfear tráchtaireacht raidió ón gcomórtas féin. Dé Luain @ 2in.

Newstalk: Splanc
Tugann Rónán Ó Muirthile deis d'éinne a bhfuil suim acu sa Ghaeilge na scéalta agus an nuacht is déanaí a chloisteáil trí Ghaeilge ar an gclár seachtainiúil seo. Gach Aoine @ 9in.

Féach ar

TG4: Lasair: An Cosc
Insíonn an scannán seo scéal cairde a bhfuil a gcroí agus a n-anam san iomáint ach nuair a thiteann an bheirt amach lena chéile faoin spórt, imríonn sin tionchar ar an gcéad Uachtarán ar Éirinn. Dé Domhnaigh @ 9.15in.

3e: Exposed: Ireland's Secret Cults
Fiosróidh an clár faisnéise seo na cultais reiligiúnacha atá in Éirinn. Rachfar isteach sna cultais faoi cheilt chun an fhírinne a aimsiú fúthu agus faoi cheannairí na gcultas. Dé Luain @ 10in.

RTÉ a haon: The Late Late Show 50th Anniversary Special
Is é an Late Late Show an seó cainte is faide atá á chraoladh sa domhan agus i mbliana tá sé ag ceiliúradh a 50ú bliain ar an aer. Labhróidh Ryan Tubridy le hiarláithreoirí an chláir, Gay Byrne agus Pat Kenny le ceiliúradh a dhéanamh ar an mbreithlá ollmhór an tseachtain seo. Dé hAoine @ 9.35in.

Ryan Tubridy

NUACHT Litríochta

Le Meadhbh Ní Eadhra

Scríobh Leabhar ag spreagadh na mílte daoine óga chun pinn

Is cuimhin liom go maith nuair a cuireadh an tionscadal scríbhneoireachta *Scríobh Leabhar* ar bun den chéad uair in 2006. Bhí mé i mo dhalta meánscoile ag an am, agus cé gur shíl mé gur smaoineamh den scoth a bhí ann, bhí díomá an domhain orm nárbh fhéidir liom féin páirt a ghlacadh ann. Is i mbunscoileanna amháin a reáchtáiltear an tionscadal seo, agus ba bhreá liom dá mbeadh rud den chineál céanna ar siúl i meánscoileanna ar fud na hÉireann.

Creidim go bhfuil an-chuid féidearthachtaí ann a bheith ag obair go cruthaitheach le déagóirí agus le daoine ag leibhéal na hiarbhunscoile, agus thabharfadh tionscadal mar seo an deis sin do mhúinteoirí, agus do dhaltaí freisin.

Cé gur sa bhliain 2006/2007 a cuireadh an tionscadal *Scríobh Leabhar* ar bun den chéad uair, ghlac mé féin páirt sa chomórtas '*Write-a-book*' nuair a bhí mé sa bhunscoil. An smaoineamh céanna a bhí i gceist leis sin, ach amháin nach raibh aon riail ann faoin nGaeilge. Ba i mBéarla a scríobh mo chomhscoláirí ar fad a gcuid scéalta agus a leabhair, rud a chuir iontas orm, fiú ag an aois sin. "Cén fáth nach bhfuil muid ag scríobh ár gcuid leabhar i nGaeilge?" a d'iarr mé ar an múinteoir.

Ghlac mise leis, ón tús, gur i nGaeilge a bheadh muid go léir ag scríobh, ach bhí dul amú orm.

Cé gur fhreastail mé ar Ghaelscoil, mise an t-aon páiste sa rang a scríobh an leabhar i nGaeilge. Agus, nuair a smaoiním siar air, nílim cinnte an raibh sé scríofa sna rialacha, in áit ar bith, go raibh cead an leabhar a scríobh in aon teanga seachas Béarla.

Ach ghlac mise leis go raibh. Bhí an Ghaeilge lárnach i mo shaol agus domsa, rud nádúrtha a bhí ann mo chéad leabhar a scríobh i mo theanga féin.

Seoladh ár gcuid leabhair ar fad chuig scoil eile, áit a ndearna na daltaí agus na múinteoirí anailís agus breithiúnas orthu. Anois, agus mé ag smaoineamh siar, gach seans gur chuig scoil Béarla a seoladh mo leabhar, agus mar sin, is dócha nár thuigeadar mórán den scéal ar chor ar bith.

Bhí an-áthas orm cúpla bliain ó shin, mar sin, nuair a chuala mé go raibh tionscadal nua lánGhaeilge tagtha ar an bhfód, a spreagfadh daltaí chun scríbhneoireachta i nGaeilge agus a thabharfadh deis agus meas ceart dóibh siúd a rinne amhlaidh.

Ciara McDermott, Kerrianne Power and Jessie Phelan, Scoil Náisiúnta Cheanannais, Co. Chill Chainnigh, in Ionad Fóillíochta An Watershed, Cill Chainnigh do shearmanas gradaim an tionscadail Scríobh Leabhar. Bhí sí i measc na mílte dalta bunscoile ar fud oileán na hÉireann a spreagadh arís i mbliana le leas a bhaint as a gcuid cruthaitheachta chun leabhar Gaeilge dá gcuid féin a cheapadh, a leagan amach agus a fhoilsiú mar chuid den tionscadal Scríobh Leabhar a eagraíonn Foras na Gaeilge. [PIC : MICHAEL BROPHY]

Nicole Allen, Clochar na Toirbhirte, Caisleán an Chomair, Co. Chill Chainnigh, in Ionad Fóillíochta An Watershed, Cill Chainnigh do shearmanas gradaim an tionscadail Scríobh Leabhar. Bhí sí i measc na mílte dalta bunscoile ar fud oileán na hÉireann a spreagadh arís i mbliana le leas a bhaint as a gcuid cruthaitheachta chun leabhar Gaeilge dá gcuid féin a cheapadh, a leagan amach agus a fhoilsiú mar chuid den tionscadal Scríobh Leabhar a eagraíonn Foras na Gaeilge. [PIC : MICHAEL BROPHY]

Creidim go bhfuil an-tábhacht ag baint leis an dtionscadal seo agus le tionscadail eile dá chineál. Spreagann sé páistí agus daoine óga le tabhairt faoi leabhar dá gcuid féin a scríobh, agus ní hamháin sin, ach tacaíonn sé le múinteoirí atá ag iarraidh samhlaíocht agus scileanna scríbhneoireachta na ndaltaí a fhorbairt. Is féidir le gach dalta é seo a dhéanamh.

Ní dhéanfaidh siad ar fad sa tslí céanna é, nó ní bheidh an caighdeán céanna i gceist leis na leabhair ar fad, ach is cuma. Ag deireadh an lae, beidh gach uile dhuine tar éis éacht a dhéanamh agus rud éigin dá gcuid féin a chruthú. An leabhar a scríobh mise don tionscadal '*Write-a-book*', foilsíodh é dhá nó trí bliana níos déanaí.

Cá bhfios céard a d'fhéadfadh tarlú tar éis do dhaltaí a seacht ndícheall a dhéanamh agus na leabhair a scríobh. Agus, má táimid ag iarraidh litearthacht na ndaltaí a fheabhsú, go háirithe i nGaeilge, seo bealach iontach chun é sin a dhéanamh, ar bhealach spraíúil agus sultmhar.

Tá páirt glactha ag níos mó ná 25,000 dalta sa tionscadal Scríobh Leabhar ó cuireadh ar bun é sa scoilbhliain 2006/2007. Ní hé amháin go scríobhann na leanaí leabhair dá gcuid féin mar chuid den tionscadal seo ach bíonn deis acu chomh maith scéalta le páistí as scoileanna eile a léamh agus a phlé. Bíonn ról lárnach ag na múinteoirí freisin sa tionscadal *Scríobh Leabhar* agus cuirtear cúrsa inseirbhíse ar fáil dóibh d'fhonn cuidiú leo cúnamh taca a thabhairt do na daltaí ina gcuid iarrachtaí.

"Is deis iontach é seo do leanaí spraoi a bhaint as an nGaeilge agus ag an am céanna a gcuid samhlaíochta a léiriú," a dúirt Aedín Ní Bhroin, Stiúrthóir Chlár na Leabhar Gaeilge, Foras na Gaeilge. "Scríobhann siad faoi gach cineál ábhar, óna laethanta saoire lena muintir, a n-eachtraíochtaí lena gcairde, a gcuid peataí agus an saol mór trína súile féin'" a dúirt sí.

Eagraíonn Foras na Gaeilge an tionscadal *Scríobh Leabhar* i gcomhar le roinnt de na hIonaid Oideachais, eadhon, Ionad Oideachais Mhaigh Eo, Ionad Oideachais Laoise, Ionad Oideachais Chill Chainnigh, Ionad Oideachais Thrá Lí, Ionad Oideachais Loch Garman, Ionad Oideachais Iarthar Chorcaí agus Ionad na Múinteoirí Ghort an Choirce i nDún na nGall. Bíonn An tÁisaonad i dTuaisceart Éireann páirteach sa tionscadal chomh maith.

"Ceann de na príomhaidhmeanna atá againn ná go mbeadh páistí ag scríobh agus ag labhairt na Gaeilge ó bhíonn siad an-óg agus is breá a oibríonn an tionscadal seo chun na críche sin," a dúirt Ferdie Mac an Fhailigh, Príomhfheidhmeannach Fhoras na Gaeilge. "Is mór againn cúnamh na nIonad Oideachais atá páirteach ann chomh maith leis An tÁisaonad . Tá moladh ag dul dóibhsean, chomh maith leis na daltaí agus na múinteoirí as ucht a fheabhas atá ag éirí leis an tionscadal," a dúirt sé.

Bhailigh daltaí ó chontaetha Thiobraid Árann, Chill Chainnigh agus Chill Dara le chéile i gCill Chainnigh le déanaí do shearmanas gradaim an tionscadail *Scríobh Leabhar*.

Bhí na daltaí seo i measc na mílte dalta bunscoile ar fud oileán na hÉireann a spreagadh arís i mbliana le leas a bhaint as a gcuid cruthaitheachta chun leabhar Gaeilge dá gcuid féin a cheapadh, a leagan amach agus a fhoilsiú mar chuid den tionscadal *Scríobh Leabhar*. Beidh ócáidí eile ar aon dul le searmanas an lae inniu ar siúl i gceantracha eile as seo go deireadh na scoilbhliana mar cheiliúradh ar a bhfuil bainte amach ag leanaí ar fud na tíre.

Bhí Tadhg Mac Dhonnagáin, údar leabhair pháistí, i láthair ag an ócáid agus bhronn sé boinn agus teastais ar na daltaí a bhuaigh duaiseanna. Ghlac míle páiste ar fad páirt sa tionscadal i gceantar Chill Chainnigh agus bhuaigh 84 díobh seo duaiseanna.

"Is cúis áthais dúinn páirt a ghlacadh sa tionscadal *Scríobh Leabhar*," a dúirt Paul Fields, Stiúrthóir Ionad Oideachais Chill Chainnigh. "Feictear dúinn gur cúnamh mór atá ann do na leanaí an tsamhlaíocht atá iontu a léiriú agus feabhas a chur ar a gcuid scileanna scríbhneoireachta tríd a gcuid scéalta," a dúirt sé.

Ba bhreá liom tionscadal den chineál seo a fheiceáil sna meánscoileanna chomh maith, mar sílim go mbeadh an-rath air. Feicfimid céard a tharlóidh sa todhchaí!

Le haghaidh tuilleadh eolais a fháil faoin tionscadal is féidir cuairt a thabhairt ar an láithreán gréasáin http://www.gaeilge.ie/.

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 30 Bealtaine, 2012

Crosfhocal 30.05.2012



NODA

TRASNA

1 An chéad chos a chuireann saighdiúir chun tosaigh ag máirseáil (3)
5 An saghas éadaí a chaitheann saighdiúir nó garda (4)
8 Fíricí, sonraí (5)
9 Ceann maith? leath na hoibre (3)
10 Ar do chosa anois! (4)
12 Scéal nach féidir a nochtadh (3)
13 Sliogiasc ina mbíonn péarla uaireanta (5)
14 Éan na síochána (4)
15 Rudaí a chur i sraith, ----- a chur ar rudaí (5)
17 Codanna an Rialtais (5)
19 Bainne a fháil ó bhó (5)
21 Níl... i gCúige Uladh (3)
23 Scian (4)
24 Dóigheanna, modhanna (6)
27 Timpeall, ar an chuid is faide ón lár (6)
28 Cé chomh nua is atá rud éigin (4)
29 Cuid de chlár cruinnithe (3)
30 Cuir trí thine, nó cuir solas ag obair (3)

SÍOS

2 Planda sláintiúil (3)
3 An dóigh le rud a dhéanamh, caoi (5)
4 Daoine ag fanacht suas leis an corp an oíche roimh na sochráide (5)
6 Críochnaithe, thart (6)
7 Athraigh ó leacht, mar a dhéantar le glóthach (5)
10 Calóga bána a thiteann ar lá geimhridh (8)
11 Tuairisc, ráfla (5)
16 Duine a cheaptar le miontuairiscí a choinneáil ag cruinnithe (5)
18 Ansin, san áit sin (3)
19 Lán do bhéil (6)
20 Mí ainmnithe in onóir an Dé Rómhánaigh Janus (6)
22 Deis, seans (5)
25 Riamh, go --- (3)
26 Fáth, míniúchán (3)
28 Brabús a thagann as airgead ar iasacht (2)

Crosfhocal
23.05.2012

Buaiteoir na Seachtaine seo:

Liam Ó Broin
Tamhlacht, BÁC

Duais na seachtaine

Bronnfar dearbhán €20 urraithe ag Cló Iar-Chonnacht ar bhuaiteoir na seachtaine.

Ní mór iarratais a bheith ar ais roimh 04.06.2012 chuig: *Crosfhocal, Gaelscéal, 15 Sráid an Mhargaidh, Gaillimh.*

Ainm .....

Seoladh .....

.....

Fón..... Rphost.....

Indreabhán, Conamara, Co. na Gaillimhe. Tel. +353-91-593307
www.cic.ie

An focal deireannach

Le Síle Ní Bhraonáin

Cá bhfuil an Leabhar?

Cé go bhfuil mé píosa deas ar an mbóthar anois níl rudaí ag fáil níos éasca ar chor ar bith. Mar shampla, níl mórán maitheasa liom ag réiteach dinnéir!

Le bheith fírinneach faoi is fuath liom a bheith ag cócaireacht.

Níl aon mhaith liom aige, ach bhí mé riamh in ann an t-oigheann a úsáid, cé nár úsáid mé mórán é.

Ní raibh le déanamh ach é a chasadh air, an bia a chaitheamh isteach ann agus b'shin sin.

Ansin rinneadh suas an chistineach sa dteach se'a-gainne le deireanaí agus fuair muid oigheann nua i measc rudaí eile.

Breathnaíonn sé go hálainn agus ceannaíodh é mar gur ceann 'state of the art' atá ann.

Ach freisin teastaíonn céim innealtóireachta uait chun é a úsáid i gceart!

Bhí orm glaoch a chur ar dhuine éigin chun a insint dhom cén socrú ba cheart a bheith air chun cúpla ispín a chócaráil.

"Ar oigheann le gríoscán é?" an cheist a cuireadh orm.

Amach leis an leabhairín bheag, a thóg sách fada orm a fháil mar go raibh sé curtha 'i dtaisce' in áit sábháilte. Faoi dheireadh, "Sea, is oigheann é a bhfuil gríoscán ann." Bhí orm cur síos a dhéanamh ar na pictiúir bheaga uilig ata thart ar na cnaipí chun go mbeadh mo chara in ann a insint dhom cén socrú ba chóir a úsáid! Ní raibh am agam an leabhairín ar fad a léamh. Bhí dinnéar le réiteach. Ba chóir gur scríobh a bheadh ar na hoighinn agus ní pictiúir. Thóg an próiseas mínithe úd roinnt ama freisin! Faoi dheireadh, bhí na hispíní (dinnéar éasca le réiteach) sa 'ngríoscán' atá istigh san oigheann!

Ar an drochuair, ní féidir le gach duine a bheith chomh maith le Nigella Lawson sa chistín.

Bhí sé in am roinnt fataí agus glasraí a chuir síos. Fataí, tá siad éasca go maith, nigh iad, caith isteach sa bpota iad agus cuir an pota ar an teas.

An scéal céanna leis na glasraí.

Ach leis an 'state of the art' oigheann/gríoscán/cócaireán seo, bhí fadhb agam an teas ceart a chur faoi na potaí.

Ní raibh ag lasadh dom ach leath den chiorcal/hob. Amach leis an leabhráin bheag arís agus faoi dheireadh fuair mé amach an bealach ceart chun teas a chur faoin /hob uilig!

Casann tú an cnaipe i dtreo faoi leith ag brath ar cén teas atá uait!

Faoin am go raibh an méid sin socraithe agam bhí na hispíní beagnach réidh. Idir a bheith ag ardú agus ag ísliú teasa, agus ag coinneáil súil ar chuile rud, tháinig an dinnéar le chéile faoi dheireadh.

Is fada liom go mbeidh mo dhá lá saora thuas agus go mbeidh mé ar ais ag obair sa gcaoi agus nach mbeidh orm béile an tráthnóna a réiteach arís.

Nílim in ann a thógáil ach lá nó dhó in aghaidh na míosa ag úsáid an oighinn sin!

Faisnéis do Shaoránaigh

LÓ-GHLAO
1890 777 121
Luan go hAoine 9rn go dtí 9rn

Bíodh Eolas agat ar do Chearta: Sochar Linbh a Éileamh

Ceist :

Conas a dhéanaim iarratas ar Shochar Linbh do mo leanbh nua agus cathain a íocfar é?

Freagra :

Nuair a chláraíonn tú breith in Éirinn, leithdháiltear Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (PSP) don leanbh. Tosaíonn an Roinn Coimirce Sóisialaí éileamh go huathoibríoch ar Shochar Linbh má chláraítear an bhreith laistigh de thrí mhí:

- Mura bhfuil Sochar Linbh á fháil cheana féin agat do leanbh eile, cruthaíonn an Roinn éileamh nua agus seolann siad éileamh chugat atá páirtchomhlíonta chun do shíniú agus chun do shonraí íocaíochta a fháil. Insíonn an fhoirm seo freisin duit conas éileamh a dhéanamh do do leanbh nua ar líne.

(Tabhair faoi deara nach féidir leat éileamh a dhéanamh ar líne ach amháin má thugann an Roinn an rogha sin duit).

- Má tá Sochar Linbh á fháil cheana féin agat, cuirtear do leanbh nua go huathoibríoch le d'éileamh reatha agus tosaíonn an íocaíocht ón mí i ndiaidh na breithe. Ina theannta sin, seolfaidh an Roinn litir chugat a dhearbhaíonn an íocaíocht.

Murar saolaíodh do leanbh in Éirinn, nó mura gcláraítear an bhreith laistigh de thrí mhí, ní mór duit foirm um Shochar Linbh (CB1) a chomhlánú. Seol an fhoirm chomhlánaithe trí SHAORPHOST chuig an Rannóg an tSochair Linbh, Seirbhísí Leasa Shóisialaigh, an Roinn Coimirce Sóisialaí, Bóthar Oilibhéir Phluincéid Naofa, Leitir Ceanainn, Contae Dhún na nGall. Lóghlao: 1890 400 400.

Íoctar Sochar Linbh ón mí i ndiaidh bhreith do linbh. Íoctar é ar an gcéad Mháirt de gach mí.

Má bhíonn moill ar d'iarratas a phróiseáil, déanfar d'íocaíocht a shiardhátú chuig an tráth a chuir tú isteach air i dtosach. Má chuireann tú isteach air breis agus bliain tar éis bhreith do linbh, is féidir an íocaíocht a shiardhátú má tá údar maith agat leis an iarratas déanach.

Tá tuilleadh eolais le fáil ón Ionad Faisnéise do Shaoránaigh thíos.

Chuir Ionad Faisnéise do Shaoránaigh 'Bíodh Eolas agat ar do Chearta' le chéile. Cuireann an tIonad seo seirbhís shaor in aisce agus faoi rún ar fáil don phobal.

Tá faisnéis le fáil freisin ar líne ag citizensinformation.ie agus ón tSeirbhís Teileafóin um Fhaisnéis do Shaoránaigh, 0761 07 4000.

Ag Baint Suilt as an mBrionglóid

Labhraíonn **Gráinne McElwain** le **hAaron McCarey**, cúlbaire óg as Muineachán

NÍL Aaron McCarey ach fiche bliain d'aois ach tá athrú mór millteach tar éis a theacht ar shaol an leaid óg seo as an Bhoth i gCo. Mhuineacháin le cúpla bliain anuas.

"Cúpla bliain ó shin bhí mé ag imirt peil Ghaelach faoi aois le foireann Mhuineacháin i gCraobh Uladh in aghaidh Ard Mhacha agus chaill muid.

Gortaíodh cúlbáire Mhuineacháin Aontaithe timpeall an ama céanna agus cuireadh ceist orm imirt sa chúl dóibh. Bhí seacht nó ocht gcluiche mhaithe agam agus tháinig Wolverhampton Wanderers chuig na cluichí sin chun mé a fheiceáil. Shínigh mé conradh leo taobh istigh de dhá mhí agus bhí mé ar mo bhealach anonn go Sasana. Bhí sé chomh tobann sin" a deir Aaron.

D'imir Aaron sacar ar scoil agus ghlac sé páirt sna "mini-leagues" a bhí eagraithe i mbaile Muineachán nuair a bhí sé óg. Thosaigh sé ag imirt amuigh faoin bpáirc ach bhreathnaigh sé go raibh i ndán dó a bheith ina chúlbáire mar nuair a bhí sé trí bliana déag d'aois, gortaíodh an cúlbáire agus cuireadh ceist ar Aaron dul isteach idir na postaí agus is san áit sin atá sé ag imirt ó shin.

"Bhí uaigneas orm nuair a d'fhág mé an baile le dul chuig Wolves, mar ní raibh mé as baile riamh agus mhothaigh mé go mór mo theaghlach agus mo chairde uaim ach bhí mé ag fanacht le teaghlach a bhfuil taithí na mblianta acu ag tabhairt aire d'imreoirí cosúil liomsa agus tá siad cosúil le tuismitheoirí eile anois."



Aaron McCarey, Poblacht na hÉireann [PIC : STEPHEN MCCARTHY / SPORTSFILE]

"D'amharc gach rud chomh gairmiúil ag Wolves, idir na seomraí feistis agus na háiseanna agus bhí siad uilig chomh mór. Is cuimhin liom an chéad uair go bhfaca mé Kevin Doyle, bhí sé ina réalt mór agus bhí mé ag traenáil leis, bhí sé dochreidte. Táim tar éis dul i dtaithí ar na himreoirí mór le rá anois agus tuigim go bhfuil muid uilig ag imirt do Wolves agus muid go léir mar an gcéanna."

Ní raibh séasúr rómhaith ag Wolves agus iad dícháilithe as Premiership Shasana. Cuireadh an ruaig ar Mick McCarthy leathbealaigh fríd an séasúr agus tharla go leor eile ach ceapadh bainisteoir nua, Stale Solbakken, ar an bhfoireann le déanaí agus feicfear cén sórt athraithe a dhéanfas sé agus iad ag réiteach do thús an tséasúir nua.

"Tá an-díomá orainn gur dícháilíodh muid ach go pearsanta níor cheap mé gur déanadh an cinneadh ceart faoi Mick McCarthy agus fáil réidh leis, ach sin sacar agus is cluiche míthrócaireach é."

"Caithfidh mé suí síos leis an mbainisteoir nua nuair a thosóidh muid ar ais ag traenáil ar an 4 Iúil go bhfeicfimid cén sórt róil a bheas agam leis an chlub an bhliain seo chugainn. Is é an sprioc atá agam ná imirt leis an chéad fhoireann agus mura dtarlóidh sé sin le Wolves, ba mhaith liom dul amach ar iasacht go dtí club eile. Sin an chéad chéim eile domsa."

Idir an dá linn tá foireann na hÉireann faoi-21 ag iarraidh cáiliú do Euro 2013 le cluiche crua in aghaidh na hIodáile san oíche Dé Luain.

"Cluiche crua go cinnte, ach is féidir le haon rud tarlú thar nócha nóiméad. Ní raibh mé ag súil go gcuirfí glaoch orm le bheith ar an bhfoireann seo mar is mór an chéim suas é ó faoi-19, ach tá sé iontach a bheith páirteach ann. Bheadh toradh maith in aghaidh na hIodáile iontach ach ag imirt peile go gairmiúil sin aisling a bhíonn ag gach leaid óg agus táim féin ag baint suilt as an aisling sin."

Cluiche Mór ar bhóthar Euro 2013 f-21

Dé Luain 4 Meitheamh
Babhta Cáilithe - Euro 2013 faoi-21
Éire v An Iodáil
Sportsground, Sligeach
@ 4.00i.n

Gráinne McElwain

"TÁ trí as ceithre chluiche buaite againn le naoi bpointe crochta linn agus ní féidir liom gearán a dhéanamh faoi sin," a deir Noel King, bainisteoir le foireann sacar na hÉireann faoi-21. "Chuaigh muid sall go dtí an Tuirc agus chaill muid 1-0 ach bhí an mí-ádh orainn nach bhfuair muid comhscór, ach tarlaíonn sin. Táim sásta leis na taispeántais."

Thosaigh an feachtas le cáiliú don chomórtas Euro 2013 faoi-21 i mí Mheán Fómhair anuraidh le hÉire ag buachaint sa bhaile 2-1 in aghaidh na hUngáire. Chaill siad sa Tuirc agus ansin bhuaigh siad an dá chluiche dheireanacha, as baile ar dtús báire in aghaidh Lichtinstéin 4-1 agus i mí na Samhna chríochnaigh an cluiche in aghaidh an fhreasúra céanna 2-0. Sin an cluiche cáilithe deireanach a bhí ag na hÉireannaigh go dtí anois agus iad ag imirt in aghaidh na hIodáile ar an luan seo chugainn.

Bainisteoir Fhoireann Peile Phoblacht na hÉireann faoi 21, Noel King [PIC : MATT BROWNE / SPORTSFILE

"Cinnte, tá go leor ama idir na cluichí ach sin an dóigh atá sé. Mí na Samhna an uair dheireanach a d'imir muid le chéile go hiomaíoch agus seo mí an Mheithimh anois ach bhí a fhios againn ar fad go dtarlódh sé seo agus níl aon dul as."

"Idir an dá linn, bím féin ag coinneáil súil ar na himreoirí agus ag féachaint orthu ag imirt lena gcuid clubanna. Bíonn imreoirí nua curtha leis an bpainéal go minic, ar nós Paddy Madden (Carlisle United) agus Ronan Murray (Ipswich Town) don chluiche seo ach ní chuidíonn an tréimhse fhada seo leis an fhoireann, ach sin é an saol."

Is in aghaidh na hIodáile a bheas foireann na hÉireann ag imirt agus is foireann den scoth iad, gan cluiche caillte acu go dtí seo agus iad ar bharr an tábla i ngrúpa a seacht.

"Beidh dúshlán ann in aghaidh na hIodáile mar is foireann anláidir iad le tallann ar fud na páirce. Manolo Gabbiadini agus Mattia Destro na tosaithe is mó atá acu ach tá neart eile sa phainéal acu chomh maith. Cúig chluiche as cúig cinn atá buaite acu agus seo scrúdú mór dúinne."

Rachaidh na foirne a chríochnóidh ar bharr gach grúpa go dtí na cluichí cáilithe agus an cheithre fhoireann is fearr taobh thiar dóibh ag dul in éineacht leo. Faoi láthair tá an Iodáil 15 pointe chun cinn leis an Tuirc ar 12 pointe agus foireann na hÉireann sa tríú áit ar 9 bpointe ach tá dhá chluiche breise le n-imirt fós ag na hÉireannaigh ar an Tuirc. Mar sin, an é sprioc na hÉireann ná ceann de na ceithre áit is fearr a bhaint amach?

"De réir na ngeallghlacadóirí agus an chuid is mó de na meáin, ceaptar go gcríochnóidh an Iodáil sa chéad áit sa ghrúpa leis an Tuirc ag fáil an dara háit is fearr chun na cluichí cáilithe a bhaint amach ach feicfimid. Níl muid in ann aon rud eile a dhéanamh ach dul amach agus an cluiche is fearr a imirt ar an lá. Sin mar atá an saol."

Comórtas Bearrtha Caorach i mBaile Phúinse

REÁCHTÁILFEAR comórtas náisiúnta agus idirnáisiúnta bearrtha caorach agus láimhseáil ollana an deireadh seachtaine seo i mBaile Phuinse i gCill Dara agus feicfear na mílte ann. Trí scór bliain atá an comórtas bliaintúil seo ar siúl agus is ócáid mhór teaghlaigh é ina mbíonn go leor leor imeachtaí eile ar siúl seachas an bearradh caorach. I measc na n-imeachtaí eile sin beidh seó madraí, trialacha madraí, ceardlann ceardaíochta, taispeántais chócaireachta, rince Gaelach, ceol tuaithe agus tíre le The Willoughby Brothers, Crystal Swing agus Vicky Kenny agus tuilleadh nach iad.

Is é an bearradh caorach príomhimeacht an deireadh seachtaine agus is fiú go mór féachaint air. Beidh Ivan Scott, fear a bhfuil an churiarracht dhomhanda reatha aige as an tír seo ag glacadh páirt ann. Tá 744 caora bearrtha aige taobh istigh d'ocht n-uair an chloig agus beidh sé ag dul in iomaíocht leis na daoine is fearr ó áiteacha ar fud na cruinne. Chomh maith leis, sin cé nár éirigh le Jedward ag an chomórtas Eoraifise an tseachtain seo caite, beidh siad ann ar an Satharn ag bronnadh duaiseanna agus ag caint le daoine ach ní bheidh siad ag ceol. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ar an suíomh idirlín www.sheepshearing2012.ie. €10 an táille isteach do dhaoine fásta agus €5 an phragas do pháistí. *GMcE*

Camelot Abú ag Epsom?

BHÍ bua eile ag Aidan O'Brien sa Churrach an deireadh seachtaine seo caite leis an gcapall Power a bhuaigh an rás 2000 Gine. Sin bua uimhir a fiche a seacht i rásaí clasaiceacha na hÉireann ag Aidan O'Brien agus tá sé ar chomhchéim leis an laoch traenála Vincent O'Brien a bhíodh i gceannas ar ionad Bhaile Dúill sular tháinig Aidan i gcomharbas air. Is ar an Epsom Derby ar an Satharn a bheidh an aird is mó an deireadh seachtaine seo cé go mbeidh an Investec Oaks ar siúl ar an Aoine. Faoi láthair is é Camelot, capall Aidan O'Brien, rogha na coitiantachta chun an rás a bhuachan agus €1.25 milliúin a bhaint amach da húinéir. I mbliana tá Camelot ag iarraidh aithris a dhéanamh ar Sea the Stars a bhuaigh an 2000 Guineas agus an Derby in 2009. Tá an 2000 Guineas buaite ag Camelot agus tá na geallghlacadóirí a cheapadh gur féidir leis an t-éacht céanna a dhéanamh mar nach bhfuil ach 4/5 le fáil air faoi láthair don Derby. Ag an phointe seo, tá cúig chapall ag O'Brien sa Derby agus sé cinn san Oaks.

Thosaigh an Derby in 1780 agus deirtear gurb é seo an ré-rás is mó ar domhan. Drochscéal, áfach, don traenálaí Jim Bolger arbh éigin dó Parish Hall a tharraingt amach as an Irish 2000 Guineas ar an gCurrach an Satharn seo caite agus mar sin ní bheidh sé in ann taisteal go Epsom mar gheall ar fhadhb lena cos. Beidh le feiceáil mar sin an mbeidh lá eile iontach ag Aidan O'Brien agus a mhac Joseph a bheas sa diallait ar Camelot Dé Sathairn. *GMcE*

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 30 Bealtaine, 2012

Ar an gclaí

Le John Allen

B'iad fir a mbinse an difear idir Thiobraid Árann agus Luimneach

Foireann Thiobraid Árann roimh a gcluiche i gcoinne Luimnigh Dé Domhnaigh i gCraobh na Mumhan san Iomáint. Bhí Luimneach chun tosaigh don chluiche ar fad ach tháinig Tiobraid Árann ar ais ó bheith 7 cúilín ar chúl chun críochnú chun tosaigh le cúilín amháin. Tiobraid Árann 2-20 – Luimneach 1-19 [PIC : BARRY CREGG / SPORTSFILE]

Tosaíonn an séasúr i gceart d'iománaithe na Gaillimhe an Domhnach seo. Tá foireann na hIarmhí mar íobairt dóibh agus iad ar an mbóthar faoi stiúir Anthony Cunningham. Beidh an ceann seo éasca dóibh agus ní dóigh liom go bhfoghlaimeoidh siad mórán as. Is cinnte gur fhoghlaim siad chuid maith as an dá chluiche i gcoinne Baile Átha Cliath agus is dócha go bhfuil siad sásta go leor go bhfuil siad ag tosú an fheachtais seo lán de mhuinín.

Ar an Satharn, imreoidh Uíbh Fhailí agus Loch Garman a chéile agus imreoidh buaiteoir an chluiche sin Gaillimh (má bhuann siadsan ar an Domhnach) sa leathchraobh. Fuair Uíbh Fhailí léasadh ceart ó Chill Chainnigh i gcluiche dúshláin le déanaí. Ba cheart go mbeadh an cluiche seo cothrom go leor mar ní raibh Loch Garman thar mholadh beirte go dtí seo i mbliana. Bhí drochfheachtas acu sa tsraith agus iad ag críochnú sa chluiche dícháilithe i gcoinne Laoise cúpla seachtain ó shin.

Níl aon dabht faoi cháilíochtaí an bhainisteora, Liam Dunne, ach tá obair le déanamh aige chun foireann a chur le chéile a thabharfadh an contae ar ais ar bharr an domhain iomána. Mar a sheasann rudaí anois, tá siad féin agus a bhfreasúra ar an Domhnach ar chomhchéim. Mar sin tá mórán tábhachta ag baint le cluiche an Domhnaigh.

Tá sé deacair go leor tuar a dhéanamh ar an gcluiche ach, bunaithe ar na taispeántais sna cluichí sraithe, tabharfaidh mé an nod d'fhoireann Ollie Baker cé gur cinnte nach mbeidh mórán eatarthu.

Ar an taobh eile, i gCúige Laighean, tugann iománaithe Bhaile Átha Cliath agus Laois aghaidh ar a chéile. Ní bheidh ach toradh amháin anseo cibé foireann a chuireann muintir na príomhchathrach chun páirce. Sna cluichí sraithe ar fad, bhí Anthony Daly faoi míbhuntáiste mhór mar go raibh orthu imirt gan trian den chéad chúigear déag is fearr a bheith ar fáil. Ní féidir le haon chontae feidhmiú i gceart gan na himreoirí is fearr. Anois, cé go bhfuil cúpla imreoir gortaithe orthu go fóill, is cosúil go bhfuil an chuid is mó de na leads is fearr ullamh .

An t-aon rian de shólás atá ag Laois ná go bhfuil cluiche craoibhe imeartha agus buaite acu i mbliana. Bhíodar rómhaith do Cheatharlach agus beidh orthu a bheith i bhfad níos fear chun dúshlán a thabhairt do Bhaile Átha Cliath.

An duais don bhuaiteoir, más duais é, ná cluiche i gcoinne na ríthe, Cill Chainnigh.

Ach bhíomar thar a bheith bródúil as an taispéantas. Bhí foireann an-óg ar an bpáirc againn agus anois tá cluiche craoibhe imeartha acu a sheasfaidh dóibh ag dul isteach sna cluichí cáilithe.

Tá sé níos mó ná sé mhí ó shin ó deineadh na tarraingtí do na craobhacha cúigí. Bhí a fhios againn (Luimneach) go mbeimis ag dul isteach i gcoinne Thiobraid Árann agus gan mórán daoine ag tabhairt aon seans dúinn.

Bhuel tháinig Domhnach an chluiche mhóir cúpla lá ó shin agus chuamar isteach ann lán de dhóchas. Bhí spiorad iontach sa campa agus le mí anuas bhí muinín ag fás lá i ndiaidh lae.

Agus d'imríomar mar sin ó chaitheamh isteach na liathróide. Níor thugamar aon am do Thiobraid Árann ar an liathróid agus ag an am céanna bhíomar ag cur cúpla scór ar an mbord. Ansin, roimh leatham, tháinig scór cinniúnach (cúl) don fhreasúra, a tharraing ar ais sa chluiche iad. Ach fós d'fhanamar ag imirt ar luas lasrach agus chuamar isteach cúilín chun cinn ag an mbriseadh.

Bhí a fhios againn sa seomra feistis go raibh níos mó ionainn agus freisin bhí a fhios againn nach rabhamar sách fada chun tosaigh leis an méid den imirt a bhí againn sa chéad leath sin. Bhí a fhios againn freisin go mbeadh sé an-tábhachtach tosach maith a fháil sa dara leath agus rinneamar amhlaidh. Diaidh ar ndiaidh bhrúmar ar aghaidh agus le cabhair ó chúl iontach ó Graham Mulcahy chuamar seacht gcúilín chun tosaigh.

Ach thosaigh an taoide ag casadh inár gcoinne go háirithe nuair a thosaigh Declan Ryan ag tabhairt isteach ionadaithe. Agus cad iad mar ainmneacha a bhí le tabhairt isteach aige, go háirithe Shane Mc Grath, Bonner Maher agus Seamus Callinan. Bhí tionchar ollmhór acu agus ag an mbeirt eile, Shane Bourke agus Conor O'Brien ar an gceathrú deireanach den chluiche.

Faraor, ní raibh an cumas sin ar an mbinse againne agus ag deireadh na dála ba e sin an difríocht a bhí idir na foirne.

Ach bhíomar thar a bheith bródúil as an taispéantas. Bhí foireann an-óg ar an bpáirc againn agus anois tá cluiche craoibhe imeartha acu a sheasfaidh dóibh ag dul isteach sna cluichí cáilithe.

Do Thiobraid Árann, cabhróidh an cluiche go mór leo agus iad ag taisteal go Corcaigh don chluiche leathcheannais Cúige.

Sa chéad cluiche i nDúrlas Éile, ní dóigh liom go raibh Jack O'Connor róshásta leis an taispéantas ach bhí an bua acu agus déarfainn go mbeidh siad i bhfad níos fearr an chéad lá eile.

Táim ag tnúth leis an deichiú lá de Mheithimh nuair a chasfaidh siar ar Corcaigh.

Cúig tosaí ag Trapp - Is fadhb dheas é

Labhraíonn **Cillian Ó Conchúir** le **Shane Long**, ceann de na peileadóirí is fearr dá bhfuil ag foireann Phoblacht na hÉireann

NÍ féidir mórán béime a chur ar cluichí cairdiúla roimh chraobhchomórtais mhóra. Tá foireann amháin ag iarraidh gortaithe a sheachaint agus ag iarraidh mionghnéithe ar leith a treisiú, tá foireann eile ag tnúth le samhradh saor ó pheil agus saoire.

Ach, is cinnte go bhfuil gach rud ab fhéidir le Shane Long a dhéanamh, déanta ag an bhfear óg tar éis dó scóráil ag an deireadh seachtaine agus é ag iarraidh rabhadh a thabhairt do na himreoirí atá seanbhunaithe ar an bhfoireann. "Gan amhras beidh sé deacair Kevin (Doyle) agus Robbie (Keane) a dhíbirt ón bhfoireann tosaigh," a dúirt Shane Long tar éis an chluiche i gcoinne na Boisnia.

"Tá siad ann le roinnt blianta anois agus caithfidh mé a theacht ón mbinse chun dul i bhfeidhm ar an gcluiche." Caithfear beagáinín trua a mhothú dó. Tá sé tar éis an beart a dhéanamh aon uair ar thug gortú do Keane nó Doyle, deis dó tosú. Ach is dócha go léiríonn sé sin an taobh eile de dhílseacht Trapattoni agus an iomaíocht atá ann i measc na dtosaithe.

"Is fadhb dheas é don bhainisteoir. Tá cúig tosaí aige chun dhá áit a líónadh ar an bpáirc. Tá gach imreoir ag iarraidh iad féin a chruthú. Níl ann ach cén bheirt is fearr ar an lá. Mura bhfaighim an deis dul amach (sa Pholainn), táim ag tabhairt lántacaíochta do Kevin agus Robbie." Má tá frustrachas ag baint le Long, ní mothaíonn tú uaidh é.

Tá sé gealgháireach i gcónaí. Leagann sé béim ar an bhfoireann, ar an gcairdeas atá idir Doyle agus é féin agus gur air atá sé a chruthú do Trapattoni gur féidir braith air. Cé go bhfuil sé ag cur brú ar Doyle chun áit tosaithe a bhaint amach, is mór an iomaíocht atá ar an mbinse chomh maith.

Ach, dar le Doyle, déanfaidh Trapattoni an cinneadh ceart, ar mhaithe leis an bhfoireann. "Measaim gur imreoirí éagsúla muid (é féin, Jon Walters, agus Simon Cox). Níl an bainisteoir bómánta. Tuigeann sé cad atá á dhéanamh aige agus cén t-imreoir a oireann do gach saghas cluiche. Tá súil agam go mbeidh mé ina aigne le linn na dtrí chluiche sa Pholainn."

Agus más fíor é go bhfuil iomaíocht sna tosaithe, dar le Long, déanfaidh an iomaíocht chéanna mórthimpeall na foirne a foireann a neartú. "Nuair a breathnaíonn tú ar na himreoirí a imríonn ar an gcliathán fiú, tá (Stephen) Hunt, Duffer, McClean agus McGeady agus ní imreofar ach beirt acu.

Tá iomaíocht mórthimpeall an scuaid agus mar tosaithe tá a fhios agat gur féidir le McClean agus Aiden an liathróid a chur isteach chugat agus is féidir oibriú uaidh sin."

Cé nach bhfuil Long mar rogha na coitiantachta an chéad cluiche a thosú i gcoinne na Cróite, tá sé léirithe aige gur féidir leis tionchar a bheith aige ar cluichí ag teacht isteach ón mbinse.



Shane Long, Poblacht na hÉireann ag ceiliúradh tar éis gur scóráil sé Dé Sathairn i gcoinne na Boisnia / SPORTSFILE]

Tuigeann sé na himreoirí ar an gcliathán, agus an stíl imeartha atá acu agus conas an leas is fearr a bhaint astu, mar a léirigh sé lena chúl i gcoinne na Boisnia.

"Déanann James (McClean) iarracht an liathróid a fháil amach faoina chosa agus an liathróid a chur isteach go luath. Déanann sé iarracht an liathróid a chur isteach i dtreo an chuaille thosaigh.

Déanann Hunty an rud céanna. Tá Duffer níos dírí. Is maith leis a theacht isteach ón gcliathán agus imirt as na tosaithe. Is maith le hAiden dul chomh fada leis an taobhlíne agus liathróid a chur trasna. Caithfidh tú dul i dtaithí ar na himreoirí atá ag imirt ar an gcliathán." Tá McGeady agus Long tar éis oibriú go maith lena chéile agus is cinnte go bhfuil Long i ndea-chaoi.

Chaill sé amach ar roinnt cluichí dá chlub nuair a bhí sreabhán ata timpeall a chroí ag tús na bliana, ach tá sé ar ais chuige féin arís. Tugann an briseadh sin úire dó, rud a bheidh mar fhíorbhuntáiste ag dul isteach i gcomórtas lán le himreoirí atá tar éis séasúr fada a chaitheamh le clubanna.

"Leis an mí go leith deireanach den séasúr, táim ag imirt saor ó phian den chéad uair le tamall fada. Tá sé go deas a bheith ar ais ar an bpáirc agus ag déanamh mo dhíchill. Bhí orm a theacht ar an bpáirc agus mo luach a léiriú agus pian a chur i ceann an bhainisteora.

"Measaim go bhfuil a fhios ag an bainisteoir cén fhoireann atá chun imirt ach caithfidh mise, mé féin a chur ina aigne agus má thagann deis timpeall go dtapaím an deis. Chruthaigh roinnt imreoirí iad féin i gcoinne na Boisnia, gur féidir leo imirt ardchaighdeán agus tá súil againn gur féidir linn é sin a léiriú sa Pholainn."

I mí Lúnasa na bliana seo caite, d'athraigh Long ó Reading chun aghaidh a thabhairt ar West Bromwich Albion agus é tar éis ocht gcúl a ghnóthú le linn a chéad séasúr. Cuireann sé béim ar thábhacht a chuid bainisteoirí chun tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh.

"Ní bhraitheann sé rómhaith, ach is cineál bainisteoir é Trap a dhéanann do chuid botúin a nochtadh duit, seachas rudaí deasa a rá leat. Tá sé go maith dom. Is maith liom rudaí a fhoghlaim, mo chluiche féin a fhorbairt gach lá," a deir sé.

"Cibé seans a thugtar dom caithfidh mé é a thógáil."

Comórtas Peile Náisiúnta na Gaeltachta i nGaoth Dobhair 2012

DÉ HAOINE 1 MEITHEAMH
CLUICHE CEANNAIS

5-30 Faoi-15 Buachaillí
Gaoth Dobhair v Buaiteoirí Roinn ó dheas. Páirc an Chlubthí.

7-00 Sóisear
Gaoth Dobhair v An Tearmann (Tír Chonaill). Páirc an Chlubthí.

DÉ SATHARN 2 MEITHEAMH
RÉAMHBHABHTA

10-30 Sinsear (A)
Cill tSéine (Maigh Eo) v Naomh Abán (Corcaigh). Páirc an Chlubthí.

11-30 Sóisear (3)
Laochra Loch Lao (Béal Feirste) v An Seanphobal (Port Láirge). An Pháirc Úr.

1.00 Sóisear
Laochra Loch Laoi (Béal Feirste) v Na Gaeil Óga (Baile Átha Cliath). Pobail Scoil.

1-00 Sóisear (2)
Clann na nGael (Mí) v Naomh Mhuire (Tír Chonaill). Páirc an Chlubthí.

2-00 Sóisear (4)
Cill tSéine (Maigh Eo) v An Cheathrú Rua (Gaillimh). An Pháirc Úr.

3-30 Sinsear (1)
C/Cheann Fhaola (T/ Chonaill) v An Rinn Ó gCuanach (P/Láirge). Páirc an Chlubthí.

4-30 Sinsear (3)
An Daingean (Ciarraí) v An Cheathrú Rua (Gaillimh). An Pháirc Úr.

6-00 Sóisear (1)
Gaoth Dobhair/Tearmann v Na Gaeil Óga (Baile Átha Cliath). Páirc an Chlubthí.

7-30 Sinsear (2) (A)
Cill tSéine (Maigh Eo)/ Naomh Abán (Corcaigh) v Gaeil Fhánada. An Pháirc Úr.

DÉ DOMHNAIGH 3 MEITHEAMH
CLUICHÍ LEATHCHEANNAIS

Sinsear Gaoth Dobhair v 3

12-00 Sóisear na mBan
Laochra Loch Laoi (B. F.) / Na Gaeil Óga (B.A.C.) v Gaoth Dobhair (Tír Chonaill). An Pháirc Úr.

1-30 Sóisear (Fir)
Cill tSéine/ An Cheathrú Rua v Laochra Loch Lao /An Seanphobal. An Pháirc Úr.

3-30 Sóisear (Fir)
G/Dobhair / Tearmann / Na Gaeil Óga (Baile Átha Cliath) v Clann na nGael (An Mhí) / Naomh Mhuire (Tír Chonaill). Páirc an Chlubthí.

5-45 Sinsear (Fir)
Gaoth Dobhair v An Daingean (Ciarraí) / an Cheathrú Rua (Gaillimh) Páirc an Chlubthí (Craolta beo ar TG4).

7-30 Sinsear (Fir)
Cloich Cheann Fhaola (Tír Chonaill)/Rinn Ó gCuanach (Port Láirge) v Cill tSéine (Maigh Eo) /Gaeil Fhánada (Tír Chonaill) Craolta beo ar TG4. Páirc an Chlubthí.

DÉ LUAIN 4 MEITHEAMH
CLUICHÍ CEANNAIS

12-00
Cluiche Ceannais Sinsir na mBan
Tearmann (Tír Chonaill) v Cill Chomáin (Maigh Eo). Páirc an Chlubthí.

2-00
Cluiche Ceannais Sóisir (Fir)
Páirc an Chlubthí
Craolta beo ar TG4

4-00
Cluiche Ceannais Sinsir (Fir)
Páirc an Chlubthí
Craolta beo ar TG4

"Bhí deireadh maith agam don séasúr le Spartak": McGeady

Labhraíonn **Cillian Ó Conchúir** le **hAiden McGeady**, Éire agus Spartak Moscow

IS iomaí duine a cheistigh aigne Aiden McGeady nuair a d'fhág sé slán le Celtic chun aghaidh a thabhairt ar fhuacht Mhoscó le Spartak Moscow. Ach cé go bhfuil McGeady é féin ag rá go bhfuil sé breá sásta fanacht i bpríomhchathair na Rúise don séasúr seo chugainn, is cinnte go dtiocfaidh clubanna na príomhroinne ar a thóir má éiríonn leis dul i bhfeidhm ar Craobhchomórtais na hEorpa.

"Bhí deireadh maith agam don séasúr le Spartak agus táim ag dul go maith le linn traenála le roinnt seachtainí," a dúirt McGeady le Gaelscéal tar éis an chluiche.

"Tá an bainisteoir sásta liom agus dúirt sé roimh thús an chluiche go raibh sé ag iarraidh mé a choimeád úr do na cluichí atá ag teacht agus go mbeadh leath agam féin agus Duffer. Dá bharr sin, teastaíonn uaim dul i bhfeidhm ar an mbainisteoir nuair a bhíonn an deis agam." Ag féachaint ar chluiche an deireadh seachtaine seo caite, d'fhéadfá an clog a chur siar 10 mbliana chuig Corn an Domhain áit a raibh Damien Duff ag dul i bhfeidhm ar chluichí sa tslí chéanna is atá McGeady. Anois, tá McGeady ar bharr a réime, mar a bhí Duff in 2002. Is maith an rud é d'fhoireann na hÉireann toisc go bhfuil an splanc ann, toisc go mbeidh sé ag teastáil go géar uainn. Tá an féinmhuinín ag McGeady a bhí le bhraith i Damien Duff 10 mbliana ó shin. Bhí sé ag imirt ar nós gur chuma leis, bhí cosantóirí á scrios aige agus bhí sé ar an ionsaí de shíor, ag dul chuig an líne cúil chun liathróid a chur isteach nó ag teacht isteach ón gcliathán chun iarracht a scaoileadh i dtreo an chúil nó pas a chur isteach chuig na tosaithe agus a bheith ag obair taobh leo. Chun cur leis an méid atá luaite cheana féin, tá sé in ann imirt ar ardchaighdeán ar an dá chliathán chomh maith. Ach dar le McGeady, b'fhearr leis an cliathán deas. "Táim beagáinín níos compordaí ar an gcliathán ar dheis toisc go n-imrím ann le Spartak. Go ginearálta ní imrím ar chlé. Nuair a théann tú ar ais ag imirt ar an gcliatháin ar chlé, caithfidh tú dul i dtaithí ar an uilleann a dtéann tú i dtreo na liathróide agus cén cuid den pháirc is gá duit a bheith ann chun an liathróid a fháil. Ach, fad is atá tú ag imirt, tá sé go breá."

Aiden McGeady [PIC : BARRY CREGG / SPORTSFILE]

Gan a bheith ag déanamh beagáin de toradh na seachtaine seo caite, ní raibh an Bhoisnia róbhuartha faoin toradh. Imríonn siad sa stíl céanna agus a imríonn an Chróit agus caithfidh gur cúis imní cé chomh éasca agus a d'oscail foireann na Boisnia, cosaint na hÉireann nuair a d'éirigh leo an dara giar a bhaint amach. Beidh an Chróit i bhfad níos éifeachtaí os comhair na gcúl má thugtar an deis dóibh. Bhailigh an chuid is mó den scuad le chéile ar an seachtú lá déag de mhí na Bealtaine, ach ceapann McGeady nach raibh mórán de thairbhe le bhaint as an méid sin. Faoi láthair tá foireann na hÉireann i gcampa traenála in Montecatini, san Iodáil agus dar leis, is maith an rud é go bhfuil an fhoireann le chéile in áit ar leith sular thugann siad aghaidh ar an gCraobhchomórtas.

"Chun an fhírinne a rá, d'fhéadfá déanamh gan an chéad tseachtain traenála. Na laethanta roimh an gcluiche bhí na himreoirí ag siúl timpeall an óstáin agus ag déanamh roinnt traenála ach bíonn cúrsaí leadránach ar feadh tréimhsí fada. Bhí sé go maith cluiche a imirt agus anois táimid san Iodáil. " Dá mba rud é go mbeimis ag fanacht i mBaile Áth Cliath ar feadh cúpla seachtain bheadh daoine ag sleamhnú amach ón óstán i ngach aon áit. Cad a dhéanann tú? Breathnaíonn tú ar DVD's, imríonn tú dairteanna, púl, cibé rud. Is chuid lárnach é de bheith i d'imreoir proifisiúnta, ach tá sé go deas a fheiceáil cad atá le fáil s an Iodáil." Tar éis cluiche cairdiúil ar an Máirt i gcoinne foirne as an Tuscáin, tabharfaidh Éire aghaidh ar an Ungáir ar an Sathairn. Tá an-chuid ceisteanna fós le freagairt ag an gcuid is mó de na himreoirí sula dtéann siad chun páirce i Poznan ar an deichiú lá de Mheitheamh i gcoinne na Cróite. Ach tar éis do James McClean cluiche iomlán a imirt, neartaíonn sé sin lámh Trapattoni do chluichí an Ghrúpa C. Cé go raibh McGeady i bhfad ó Phríomhroinn Shasana le Spartak, aithníonn sé ionchais McClean. "Ceapaim go ndearna James (McClean) go maith i gcoinne na Boisnia. Cuireann sé an liathróid trasna go maith agus tá muinín aige rith i gcoinne cosantóirí agus é ag imirt. Measaim gur féidir leis a bheith sásta lena chéad chluiche.

Tá sé féin agus na himreoirí eile ag brú chun áit tosaithe a bhaint amach - sin iomaíochas an scuaid." D'fhéadfadh McGeady fíor dhul chun cinn a dhéanamh le linn na gcluichí i ngrúpa C agus má mothaíonn sé uaidh iarthar na hEorpa, is deis iontach é an comórtas dó chun a ainm a chur i bhfuinneog an tsiopa, nó an tréimhse aistrithe mar a ghlaoitear air go hiondúil. "D'aon imreoir, maireann tú chun imirt i gCraobhchomórtas," a deir sé. Rud amháin atá fíor ná go bhfuil sé réidh chun dul in iomaíocht leis na himreoirí is fearr ar an Mórroinn.

Comórtas Peile na Gaeltachta 2012

Gráinne McElwain

CASFAIDH bóithre na nGael ar fad ar chéile i nGaoth Dobhair, Dún na nGall, an deireadh seachtaine seo le scoth na peile agus an cheoil le feiceáil ann ag Comórtas Peile na Gaeltachta 2012. Ocht bhfoireann sinsir, ocht bhfoireann sóisir agus cúig fhoireann i bpeil na mban a bheas ag glacadh páirt ann, gan trácht ar chomórtas an Chailín Ghaelaigh ina bhfeicfear spéirmhná na Gaeltachta ag taisteal go hiarthuaisceart an chontae agus na tíre.

Thosaigh an obair eagrúcháin ar fad timpeall na Nollag ach le seachtain anuas tá sárobair á déanamh sa cheantar agus timpeall na páirce.

"Tá muid ag obair linn agus tá jab le déanamh ag gach duine," a deir Kelly Uí Dhomhnaill, rúnaí CLG Ghaoth Dobhair. "Tá daoine amuigh ag péinteáil agus ag réiteach na páirce agus na seomraí feistis, daoine eile ag crochadh cuirtíní don chéilí. Chuaigh an marquee suas i rith na seachtaine agus má mhaireann an aimsir ghalánta mar atá faoi láthair, beidh deireadh seachtaine iontach againn."

"Tá sé deacair a rá cé mhéad a bheidh anseo thar an deireadh seachtaine ach braitheann go leor ar an aimsir. Tá neart lóistín agus bia socraithe againn ach an deacracht is mó le lóistín go dtí seo ná nach bhfuil a fhois ag foirne cé mhéad duine a bheas ag taisteal agus mar sin ní raibh muid in ann a rá leis na tithe cé mhéad duine a bheidh ag fanacht leo. Déarfainn go mbeidh muid ag plé leis seo go dtí an bomaite deireanach."

"Tá suíomh idirlín againn ag www.clgghaothdobhair.com agus tá clár an deireadh seachtaine ansin mar aon le liosta de thithe lóistín agus má tá daoine ag smaoineamh ar a theacht is féidir dul i dteangmháil go díreach leis an ionad lóistín. Tá níos mó eolais ar fáil ar Facebook chomh maith."

Tá imreoirí Dhún na nGall, Eamonn McGee agus a dheartháir Niall ag imirt le Gaoth Dobhair agus beidh siad ag imirt le Dún na nGall in aghaidh Dhoire ar an 16 Meitheamh. An bhfeicfimid iad ag imirt mar sin ag Comórtas Peile na Gaeltachta? "Sin ceist mhaith. Tá súil agam go n-imreoidh siad ach bí le feiceáil," a deir Kelly.

Beidh an oscailt oifigiúil ar siúl san oíche Dé hAoine ag a naoi a chlog agus is é Ceannasaí TG4, Pól Ó Gallchóir, as Gaoth Dobhair a bheas ag oscailt na féile. Ar an Satharn beidh cluichí sóisir agus sinsir ar siúl chomh maith le neart ceoil ag tosú le seisiún oscailte agus oíche mhór cheoil ina diaidh sin le Ronán Mac Aodha Bhuí agus an Cabaret Craiceáilte sa halla mór. Beidh siúlóid, tráth na gceist, céilí agus dioscó ar siúl ar an Satharn chomh maith leis an gCailín Gaelach. Craolfar na cluichí leathcheannais i ngrád na sinsir beo ar TG4 oíche Dé Domhnaigh agus beidh na cluichí ceannais i ngrád na sóisir agus sinsir ar siúl tráthnóna Dé Luain ag tosú ag leathuair tar éis a haon. Ar ndóigh beidh na cluichí ar fad le cloisteáil ar RTÉ Raidió na Gaeltachta fosta.